



Curaclam na
Bunscoile



Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Treoiríníte do Mhúinteoirí



BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha:	Páirtíocht Bradley McGurk
Arna dhearadh ag:	The Identity Business
Grianghrafadóireacht:	Críostóir Mac Conmara
Arna chur i gcló ag:	Spectrum Print Management
Arna chlóbhualadh ag:	Mozzon Giuntina - Florence agus Officine Grafiche De Agostini - Novara



Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Treoirínite do Mhúinteoirí

Clár

Roinn 1

OSPS sa churaclam bun scoile

Cad is OSPS ann?	2
OSPS i gcuraclam páistelárnach	3
Príomhthréithe an churaclaim in OSPS	5

Roinn 2

Ábhar an churaclaim in OSPS

Struchtúr bunúsach an churaclaim	8
Na trí shnáithe sa churaclam	10

Roinn 3

Pleanáil scoile don OSPS

Ag cruthú meon agus atmaisféar dearfa scoile	24
Pleanáil eagair in OSPS	31
Ag pleanáil don OSPS trí am ar leith agus trí chomhtháthú	33

Roinn 4

Pleanáil sa seomra ranga don OSPS

Saincheisteanna pleanála don mhúinteoir	38
Cur chuige i bpleanáil na hoibre	42

Roinn 5

Cur chuige agus modhanna teagaisc


Príomhthréithe na foghlama gníomhaí	56
Roinnt straitéisí a mholtar	59
Gníomhaíochtaí drámaíochta	60
Cluichí comhoibritheacha	67
Pictiúir, grianghraif agus amharcíomhánna	70
Díospóireacht	81
Gníomhaíochtaí scríofa	88
Na meáin agus teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide	98
Ag breathnú ar obair páistí	99

Roinn 6

Aguisín

Roinnt foinsí úsáideacha don OSPS	106
Critéir shamplacha chun acmhainní a roghnú	107
Foinsí tofa don churaclam agus do na treoirlínte	108
Gluais	111
Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSPS	112
Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta	113
Buíochas	114

*Foghlaim óna chéile
agus lena
chéile*



Roinn 1

OSPS sa churaclam bunscoile

Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte sa churaclam bunscoile

Cothaíonn OSPS forbairt phearsanta shláinte agus fholláine an pháiste agus cuidíonn sé leis/léi caidreamh tacúil a chruthú agus a bhuanú agus a bheith ina s(h)aoránach gníomhach freagrach sa tsochaí.

Cad is OSPS ann?

Cuireann oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) deiseanna ar leith ar fáil chun forbairt phearsanta shláinte agus fholláine an pháiste a chothú agus chun cuidiú leis/léi caidreamh tacúil a chruthú agus a bhuanú agus a bheith ina s(h)aoránach gníomhach freagrach sa tsochaí. Trí chlár OSPS is féidir le páistí creatlach luachanna, dearcadh, tuisceana agus scileanna a fhorbairt, a mhúnlóidh a ngníomhartha agus a gcinntí sna gnéithe seo dá mbeatha faoi láthair agus amach anseo.

Ón aois is óige bíonn tionchar suntasach ag eispéiris laethúla agus ag idirghníomhaíochtaí sa bhaile ar OSPS. Téann roinnt tosca eile i gcion air chomh maith: creidimh dhiaganta agus mhorálta, gnásanna sa tsochaí, na meáin chumarsáide, agus tuairimí agus dearcadh daoine eile. Caithfear na tosca seo go léir, go háirithe tionchar leanúnach an teaghlaigh, a chur san áireamh nuair a bhíonn clár OSPS á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm sa scoil.

Tá ról múnlaiteach le himirt ag an scoil in oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte an pháiste. Is féidir leis timpeallacht, cur chuige agus éagsúlacht eispéiris foghlama a chur ar fáil a chuideoidh le páistí iad féin a thuiscint, teagmháil a dhéanamh le daoine eile agus patrúin shláintiúla iompraíochta a bhunú agus a bhuanú.

Is féidir, freisin, cabhrú le hullmhú an pháiste le haghaidh saoránachta gníomhaí freagraí sa chiall is leithne agus bheith dearfa maidir le luachanna i shochaí chóir chúramach.

Soláthraíonn curaclam in OSPS cur chuige comhsheasmhach cuimsitheach i dtaca le gnéithe ar leith d'fhorbairt shóisialta, phearsanta agus shláinte an pháiste. Comhlánaíonn agus tacaíonn sé le hobair atá ar siúl i gcónaí in achair eile léinn, agus cuireann sé san áireamh an gá atá le ham a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna faoi leith. Cuireann OSPS ar chumas scoileanna tógáil a dhéanamh ar dhea-chleachtas atá ann cheana agus saothrú i gcomhar leis an teaghlach agus leis an bpobal chun clár scoile a chur i bhfeidhm. Beidh páirtíocht na dtuismitheoirí sa phleanáil, san athbhreithniú agus i dtacú le clár dá leithéid seo cinntitheach maidir lena éifeacht. Ós rud é go bhfuil buntomhas morálta agus spioradálta in OSPS, braithfidh a fhorbairt go mór ar ethos agus ar spiorad sainiúil na scoile.

OSPS i gcuraclam páistelárnach

Cothaíonn OSPS féinfhiúntas agus féinmhúinín agus leagann sé béim faoi leith ar fhorbairt freagrachta sa duine maidir lena (h)iompraíocht agus a g(h)níomhartha féin. Cothaíonn OSPS féinfheasacht agus tuiscint trí chuidiú le páistí a mothúcháin féin a ainmniú agus a rialú, difríochtaí cumais a aithint agus a léirthuiscint agus déileáil le hathrú de shaghsanna éagsúla. Is féidir leo foghlaim conas a n-iompraíocht féin a láimhseáil agus spriocanna pearsanta a leagan síos agus a athbhreithniú laistigh de thimpeallacht shábháilte tacaíochta. Méadóidh a leithéid d'fhorbairt idirphearsanta tuiscint an pháiste ar a éifeacht féin agus cabhróidh sé leis/léi bheith níos mó i gceannas ar a s(h)aol féin.

Cabhraíonn OSPS le páistí caidreamh tacúil a chur ar bun, sult a bhaint as comhlúadar daoine eile, agus coimhlintí a réiteach ar bhealaí oiriúnacha. I gcaitheamh a c(h)uid ama ar scoil is féidir leis an bpáiste cothroime agus cúram ina c(h)uid déileála le daoine eile a fhoghlaim agus bheith inniúil i láimhseáil éagsúlacht suíomh sóisialta. Tagann sé/sí ar thuiscint faoi dhaoine eile chomh maith leis na cúiseanna a ngníomhaíonn siad siúd agus a n-iompraíonn siad iad féin ar shlite faoi leith ach freisin conas freagracht bhreise ina c(h)uid caidreamh a fhoghlaim.

Rachaidh nósanna sláinte a thoghtar in aois na hóige i gcion ar shláinte agus fholláine san am i láthair agus san am atá le teacht. Is féidir le forbairt ar chleachtais a chuireann sláinte chun cinn ar feadh a c(h)uid ama ar scoil an páiste a spreagadh chun smacht forásach a chur ar a s(h)láinte féin agus cabhrú le bunú agus le coinneáil iompraíochta sláintiúla ón aois is óige.

Cuireann OSPS deiseanna ar fáil do pháistí éirí feasach faoi na tionchair éagsúla ar a saol. Is féidir leo éirí níos criticiúla de réir a chéile faoi eolas a fhaigheann siad agus níos dea-aithní faoi eolas ar mhian leo teacht air. Déanann OSPS iniúchadh ar conas a fhoghlaimíonn páistí óna bpiaraí agus lena bpiaraí, agus is féidir leis cuidiú le forbairt na scileanna agus an dearcaidh atá de dhíth ar pháistí chun déileáil le brú óna n-aoisghrúpa féin.

I sochaí atá ag síorathrú tá sé riachtanach go bhforbróidh páistí mothú cumainn—go dtuigeann siad cá háit sa saol a oireann dóibh. Nuair a bhraitheann siad go bhfuil meas orthu agus go bhfios dóibh go gcuirfear tuairimí agus imní pearsanta san áireamh is ea is dóichí go dtuigfidh siad gur pobal is ea é atá bunaithe ar chúram agus ar mhothú comhpháirteach freagrachta. Trí thaithí ar an bpróiseas daonlathach gníomhach ar scoil agus sa phobal is féidir cabhrú le páistí tuiscint ar dhaonlathas a fhorbairt agus an bealach ina gcleachtar é sa ghnáthshaol.

Trí OSPS foghlaimíonn páistí faoina gcearta agus a ndualgais féin agus faoi chearta agus dhualgais daoine eile. Is féidir leo freisin tús aitheantais a chur ar nádúr idirspiléach an domhan ina maireann siad agus léirthuisctint a fhoghlaim faoin ról atá le himirt ag gach duine aonair sa phobal áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda.

Tá foghlaim faoi chúram an imshaoil mar aon lena chosaint ar son na nglún atá le teacht intreach d'aon chlár in OSPS. Is féidir le páistí teacht ar thuisctint faoi ról gach duine aonair agus an phobail san iarracht seo. Tá an ghné seo den churaclam comhlánaithe ag an obair a dhéantar in oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE).

Cónaíonn páistí i sochaí ilghnéitheach agus éilíonn an ilghnéitheacht sin

forbairt ar thuisctint mhalartach agus ar mhothú measa do dhínt an uile dhuine. Soláthraíonn an clár in OSPS comhthéacs inar féidir le páistí foghlaim faoi ghrúpaí éagsúla eitneacha, sóisialta agus cultúrtha agus inar féidir leo an chabhair a thugann na grúpaí seo don sochaí a léirthuisctint agus a aithint. De réir mar a shealbhaíonn siad tuiscint níos doimhne ar a dtraidisiúin agus oidhreacht féin spreagtar iad chun gníomhú ar shlite a chuireann le cuimsitheacht agus le machnamh a dhéanamh ar oidhreacht is ar pheirspictíochtaí daoine eile. Trí OSPS is féidir le páistí an ról atá le himirt ag gach duine i gcur in aghaidh claontachta, leithcheala agus éagothromaíochta a fháil amach de réir mar a bhíonn taithí acu air ina saol féin.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe faoi Chearta an Pháiste, 1990



Alt 29 (Sliocht)

Aontaíonn stáit atá páirteach go ndíreofar oideachas an pháiste ar:

- (a) fhorbairt phearsanta, thallanna agus chumas inchinne agus fhisiceach an pháiste chomh fada agus is féidir
- (b) ullmhúchán an pháiste don bheatha fhreagrach i sochaí shaor, i spiorad na tuisceana, síochána, fulaingthe, gnéaschothromais, agus cairdis i measc na ndaoine uile, grúpaí eitneacha, náisiúnta, reiligiúnda agus pearsana de bhunús dúchais.

Is iad príomhthréithe an churaclaim in OSPS ná

- gur próiseas saoil é
- gur cúram comhpháirteach é idir teaghlach, scoil, agus daoine gairmiúla sláinte agus an pobal
- gur cur chuige ginearálta é
- go bhfuil sé bunaithe ar riachtanais an pháiste
- go bhfuil nádúr bíseach aige
- go bhforbraítear i dteanglaim de chomhthéacsanna é
- go dtarraingíonn sé páistí isteach i bhfoghlaim atá bunaithe ar ghníomhaíocht.

Príomhthréithe an churaclaim in OSPS

Tá príomhthréithe an churaclaim seo imlínithe thíos.

- *Is próiseas saoil é OSPS.* Tosaíonn OSPS sula dtagann an páiste ar scoil agus mairfidh sé i bhfad tar éis dó/di an scoil a fhágáil. Sa bhunscoil tá an bhéim ar dhúshraith in OSPS a sholáthar a thabharfaidh léargas don pháiste ar a ghníomhartha agus a chinntí agus a bheidh mar bhonn d'fhorbairt bhreise.
- *Is cúram comhpháirteach é OSPS.* Tá freagracht ar thuismitheoirí, mhúinteoirí, shaineolaithe sláinte agus bhaill an phobail maidir le forbairt shóisialta, phearsanta agus shláinte an pháiste. Beidh a gcabhair agus a bpáirtíocht riachtanach do chur i bhfeidhm éifeachtach an chláir in OSPS sa scoil. Ba chóir go mbeadh rólanna gach duine de na páirtithe seo soiléir agus intuigthe ag gach aon duine.
- *Is cur chuige ginearálta é OSPS.* In ionad déileáil le topaicí ina n-aonar, tá sé mar aidhm in OSPS sraith ghinearálta de scileanna agus luachanna, mar aon le dearcadh agus tuiscint, a fhorbairt sa pháiste a bheadh bainteach le raon de shaincheisteanna sóisialta, pearsanta agus sláinte. Mar thacaíocht don chreatlach seo tabharfar eolas cinnte de réir mar a bhíonn gá.
- *Tá OSPS bunaithe ar riachtanais an pháiste.* Ba chóir tosaíocht a thabhairt do riachtanais an pháiste agus aird a thabhairt ar a t(h)impeallacht le linn clár in OSPS
- *Tá nádúr bíseach ag OSPS.* Tugtar athchuart ar ábhair chosúla ag céimeanna difriúla i ré an pháiste ar scoil. Tugann sé seo deiseanna ar neartú agus tógáil a dhéanamh ar fhoghlaim roimhe seo agus éascaíonn sé saincheisteanna agus topaicí a iniúchadh agus a láimhseáil ar bhealach a bheadh ag teacht le riachtanais, cumas agus leibhéal aibíochta na bpáistí.
- *Forbraítear OSPS i raon de chomhthéacsanna le haghaidh foghlama.* Tá OSPS intreach don phróiseas foghlama agus teagaisc a tharlaíonn go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil ar scoil. Chun go mbeadh sé éifeachtach ní mór é a chur i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla trí —chomhthéacs dearfa ethos agus atmaisféar scoile —am ar leith a bheith ar fáil —fhoghlaim chomhtháite.
- *Éilíonn OSPS go dtarraingeofaí páistí isteach i bhfoghlaim atá bunaithe ar ghníomhaíocht.* Ní foláir do pháistí a bheith gafa go gníomhach sa phróiseas foghlama chun a bheith in ann an méid atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm i staidéanna éagsúla. Trí fhoghlaim ghníomhach is féidir le páistí ciall a bhaint as a bhfuil foghlamtha acu agus glacadh go forásach le húinéireacht agus le freagracht maidir lena bhfoghlaim féin.

a phleanáil. Ba chóir oiriúnú a dhéanamh laistigh den churaclam de réir mar is gá chun freastal ar riachtanais an pháiste aonair agus ar thosca na scoile faoi leith.



*Saincheisteanna íogara á
n-iniúchadh i ngrúpaí beaga*

Ábhar an churaclaim in OSPS

Ábhar an churaclaim in OSPS

Snáithe an churaclaim in OSPS:

- Mise
- Mise agus daoine eile
- Mise agus an domhan mór

Tá an curaclam struchtúrtha sa chaoi go bhfreastalaíonn sé ar ghnéithe sóisialta, pearsanta agus sláinte an pháiste ar bhealach comhtháite. Soláthraíonn sé d'fhorbairt raon leathan luachanna, tuisceana, scileanna agus dearcadh atá bainteach le sláinte agus folláine an pháiste, le daoine eile agus leis an sochaí ina maireann sé/sí. Tabharfaidh an dúshraith seo treoir don pháiste ina g(h)níomhartha, ina (h)iompar agus ina c(h)inneadh maidir leis na tosca éagsúla ina mbíonn sé/sí agus a gcaithfidh sé déileáil leo mar chuid dá g(h)náthshaol.

Toisc go leathann OSPS ar fud na ngnéithe uile de shaol na scoile is cóir an t-ábhar atá imlínithe sa churaclam a chur i bhfeidhm i dteaghlaim de chur chuige atá foirmiúil agus neamhfhoirmiúil; go foirmiúil, tríd an am faoi leith atá leagtha amach ar an gclár ama agus trí ábhair ghaolmhara, agus go neamhfhoirmiúil, trí ghnáthimeachtaí an lae ar scoil agus i gcomhthéacs ethos agus atmaisféar na scoile ina hiomláine. Tabharfaidh breithiúnas gairmiúil an mhúinteora treoir dó/di chun an comhthéacs is oiriúnaí a roghnú inar féidir na cuspóirí a bhaint amach.

Struchtúr bunúsach an churaclaim

Tá an curaclam línithe ar cheithre leibhéal: ranganna na naíonán, ranganna 1 agus 2, ranganna 3 agus 4, agus ranganna 5 agus 6, agus tá sé roinnte ar thrí shnáithe: *Mise, Mise agus daoine eile* agus *Mise agus an domhan mór*. Déantar fo-roinnt bhreise ar gach snáithe díobh seo i líon de shnáithaonaid nó achair de thopaicí a chuimsíonn cuspóirí ar leith agus cuid díobh léirithe le heiseamláirí. Níl sna heiseamláirí seo ach raon de mholtaí, agus ní áirítear iad mar liosta cuimsitheach de ghníomhaíochtaí ná d'eispéiris.

Tá na snáithaonaid comhsheasmhach ar fud na leibhéal ranga uile, agus freastalaíonn siad ar nádúr bíseach an churaclaim. De réir mar a fhásann agus a aibíonn páistí déantar athchuaire ar an ábhar ar bhealach níos mionchruinne ag cur leis na scileanna, an dearcadh agus an tuiscint atá forbartha cheana féin, agus ag cur deiseanna breise ar fáil le haghaidh machnaimh agus chur i bhfeidhm.

Mar sin féin, cé go gcuirtear an t-ábhar i láthair ar shlí a mheastar a bheith oiriúnach d'aois agus do chéim fhorbartha an pháiste, moltar *solúbthacht* i dtreo is go gcuirfeadh a f(h)orbairt mhothúcháin agus a riachtanais agus spéiseanna ar leith san áireamh.

Foramharc ar an ábhar don OSPS

Na snáitheanna agus na snáithaonaid sa churaclam in OSPS

Snáitheanna

Mise

Snáithaonaid

Féinaithne

Féinfheasacht

Ag forbairt féinmhuiníne

Ag déanamh cinntí

Ag tabhairt aire do mo chorp

Sláinte agus folláine*

Bheith eolach ar mo chorp

Bia agus cothú

Ag fás agus ag athrú

Athraím agus mé ag fás

Beatha nua

Braistintí agus mothúcháin

Sábháilteacht agus cosaint

Sábháilteacht phearsanta

Saincheisteanna sábháilteachta

Ag déanamh cinntí

Mise agus daoine eile

Mise agus mo theaghlach

Mo chairde agus daoine eile

Caidreamh le daoine eile

Mise agus an domhan mór

Ag forbairt na saoránachta

Pobal mo scoile

Ag maireachtáil sa phobal áitiúil agus sna pobail Náisiúnta agus Eorpacha agus i bpobail níos forleithne†

Cúram an imshaoil

Tá forbairt déanta ar an bhfo-aonad 'Cúram an imshaoil' in OSIE

Oideachas na meán cumarsáide.

Léiríonn an foramharc seo conas mar a fhorbraítear an curaclam in OSPS ar fud na bunscoile. Tá na snáitheanna agus na snáithaonaid mar a chéile ag gach leibhéal.

*Comhtháthaítear na haonaid nó fo-aonaid seo i snáitheanna agus snáithaonaid eile sa churaclam do naíonáin agus ranganna 1 agus 2.

†Baineann an fo-aonad seo le ranganna 3 go dtí 6 amháin.

Na trí shnáithe sa churaclam

Snáithe: Mise

Snáithaonaid:

- Féinaithne
- Ag tabhairt aire do mo chorp
- Ag fás agus ag athrú
- Braistintí agus mothúcháin
- Sábháilteacht agus cosaint
- Ag déanamh cinntí

Mise

Comhchruinníonn an snáithe seo ar an gcuid is bunúsaí de shaol an pháiste, is é sin an taobh idirphearsanta. Cuirtear i láthair é i líon áirithe de shnáithaonaid a leagann fócas ar fhoghlaim faoi fhéinfheasacht agus fhéinforbairt. Cuirtear an bhéim ar eolas agus tuiscint a bhaint amach faoin duine féin ag leibhéil dhifriúla agus ar fhoghlaim conas gníomh bunaithe ar an bhféineolas sin a dhéanamh.

Féinaithne

Agus an snáithaonad seo á iniúchadh acu, spreagtar páistí chun breathnú orthu féin mar dhaoine aonair uathúla, le hábaltachtaí, buanna agus lochtanna difriúla, agus go dtugtar grá dóibh is go ndéantar cúram díobh agus go bhfuil cúnaimh nach beag le tabhairt acu sa saol seo. De réir mar a théann na páistí ar aghaidh tríd an scoil is mó fós an bhéim a leagtar ar chabhrú leo chun déileáil leis na tosca difriúla a théann i gcion ar a bhféinmheas agus ar a bhféinchoincheap, mar shampla an ról atá ag piaraí, ról an teaghlaigh, rath agus teip ag leibhéal pearsanta, íomhánna sna meáin agus dearbhú ó dhaoine eile.

Cothaítear neamhspleáchas, féinmhuinín, teacht aniar agus féinéifeacht fhorásach sa churaclam trí na páistí a spreagadh chun

- tascanna agus suímh nua a thriail
- glacadh le freagracht bhreise as a ngníomhartha agus a n-iompraíocht féin

- foghlaim conas ceart a bhaint de agus déileáil leis na dúshláin iomadúla a chuireann an saol i láthair
- machnamh a dhéanamh ar a bhfrithghníomhartha agus a n-iompraíocht féin i suímh dhifriúla
- a gcuid tuairimí a thabhairt amach agus cabhrú le cinntí ranga agus grúpa a dhéanamh.

Cabhraíonn múinteoirí le páistí bheith níos freagarthaí as a gcuid foghlama féin agus páirt a ghlacadh i bhféinmheasúnú trí iad a chumasú chun

- spriocanna a leagan síos dóibh féin
- machnamh a dhéanamh ar a gcuid dul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach acu
- páirt a ghlacadh in agallamh leis an múinteoir maidir lena gcuid oibre agus lena spéiseanna agus bacainní sonracha.

D'fhonn mothú faoin duine féin a fhorbairt ní foláir deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun a bhfeasacht a fhorbairt: orthu féin, ar an saol mórthimpeall orthu agus ar an dlúthbhaint atá idir rudaí. Cabhraíonn sé le páistí a bheith feasach faoin spioradáltacht féin agus faoin gcomhcheangal nádúrtha atá idir aigne corp agus anam, má spreagtar iad chun stad tamall, chun ionadh a dhéanamh, chun machnaimh agus chun mistéir a bhlaiseadh.

Cuidíonn OSPS le forbairt spioradáltachta an pháiste trína chur ar a c(h)umas coincheapa agus tuairimí

Foghlaimíonn páistí conas athrú a iniúchadh agus slite difriúla a scrúdú chun déileáil le sagsanna éagsúla athruithe.

a scrúdú agus a iniúchadh, ceisteanna a chumadh agus saincheisteanna atá oiriúnach dá (h)aois agus dá t(h)uisicint a chíoradh. Éiríonn deiseanna in OSPS chun go bhfaigheadh páistí taithí ar uafás agus iontas, faoi mar a bheadh i bhfoghlaim faoi phróiseas na breithe agus na beatha nua agus an ciorcal fáis agus athrú a iniúchadh. Neartóidh gnéithe eile freisin forbairt spioradálta an pháiste. Ina measc siúd tá gníomhú le chéile, foghlaim faoi mhothúcháin a bhaineann leis an duine féin agus le daoine eile, ionbhá a fhorbairt, agus taithí a chur ar chaidrimh thacúla agus shláintiúla. Foghlaimíonn páistí freisin faoin tábhacht a bhaineann le barúla faoi leith agus luachanna ina saol agus conas mar a théann siad i bhfeidhm ar na cinntí agus na roghanna a dhéanann siad.

Ag tabhairt aire do mo chorp

Beidh páistí a dhéanann cúram díobh féin, agus a mbíonn meas acu orthu féin, in ann caitheamh níos fearr lena gcorp féin le dínit agus a bheith níos cúramaí maidir lena roghanna maireachtála faoi láthair agus san am atá le teacht.

Cuireann an snáithaonad seo fócas ar shláinte a chur chun cinn trí iniúchadh a dhéanamh ar

- an ngá le haclaíocht rialta
- tionchar nósanna sláintiúla itheacháin
- úsáid agus mí-úsáid substaintí éagsúla
- iompar galraithe agus galair.

De réir mar a dhéantar iniúchadh ar fhás agus ar fhorbairt fhisiceach, foghlaimíonn páistí na téarmaí oiriúnacha anatamaíocha faoi bhaill ghiniúna an choirp fhirinn agus bhaininn araon. Soláthraíonn sealbhú an stór focal seo ag aois óg bunús le haghaidh foghlama níos déanaí faoi oirbheart agus síolrú, agus is féidir leis a dhearbhu go bhfoghlaimíonn páistí conas labhairt faoi gach cuid dá gcorp le meas agus le dínit. De réir mar a thagann fás agus forbairt ar pháistí is ea is mó a éiríonn siad feasach faoina n-íomhá choirp. Tá sé tábhachtach, go háirithe agus iad ag teacht in oirbheart agus ina dhiaidh sin, go spreagfaí páistí chun glacadh lena n-íomhá choirp agus urraim agus aire a thabhairt dá gcorp féin. In OSPS tugtar deis do pháistí roinnt de na híomhanna a chuirtear i láthair sna meáin a iniúchadh agus tionchar na n-íomhanna choirp seo ar nósanna agus iompar a scrúdú.

Ag fás agus ag athrú

Tá iniúchadh ar phróiseas fáis agus athraithe riachtanach do pháistí. Cabhróidh sé leo iad féin a thuiscint chomh maith leis na hathruithe éagsúla a mbeidh taithí acu orthu de réir mar a aibíonn siad i dtreo ógántachta. Trí iniúchadh ar an snáithaonad seo tosaíonn páistí ar thuiscint go mbíonn difríocht sa ráta fáis i ngach duine agus go mbíonn teaghlaim de thosca sóisialta, mothúcháin, intleachtúla, spioradálta agus fisiceacha mar chuid thréitheach den fhás. Trí chur le feasacht na bpáistí faoi nádúr

Cuirtear deiseanna ar fáil chun mothúcháin a ainmniú agus a chur i láthair agus déileáil leo

comhtháite seo an duine is féidir cabhrú leo tuiscint dhomhain a ghnóthú gur cuid chomhtháite d'fhás agus d'fhorbairt í a ngnéasacht atá ag éirí aníos. Sa chomhthéacs seo tá sé riachtanach go mbeadh tuiscint ag páistí faoi oirbheart agus faoi shíolrú daonna sula bhfágann siad an bhunscoil.

Trí eolas a fháil ar na hathruithe seo is féidir leis an bpáiste an teanga agus an stór focal a shealbhú chun a c(h)uid fáis agus forbartha féin a phlé, agus chomh maith leis sin a bheith in ann ceisteanna oiriúnacha a chur agus eolas a bheadh de dhíth air/uirthi a mhíniú agus a fháil.

Toisc gur rud dosheachanta é athrú sa saol, ní foláir do pháistí foghlaim conas déileáil leis ar shlí dhearfach. Ag gach leibhéal ranga ba chóir go gcuirfí ar chumas páistí athruithe agus suímh atá bainteach lena saol féin a iniúchadh agus slite oiriúnacha chun déileáil leis na hathruithe seo a scrúdú. Is sampla é cailleadh a mbíonn taithí ag páistí air ina saol. Iniúchann an snáithaonad seo cailleadh de shaghsanna difriúla: peata a chailleadh, cara ag aistriú go háit eile, scaradh teaghlaigh nó bás bhall teaghlaigh. Meastar, tar éis straitéisí a shealbhú chun déileáil le hathrú, go mbeidh páistí in ann iad a chur i bhfeidhm in an-chuid suíomh ina dtarlaíonn athruithe.

Braistintí agus mothúcháin

Ní mór do pháistí foghlaim conas a mothúcháin féin a aithint.

Soláthraítear deiseanna sa snáithaonad seo chun gur féidir leo na mothúcháin

seo a ainmniú agus a chur i láthair agus déileáil leo. Cuirtear an bhéim ar iniúchadh raon iomlán na mothúcháin gan iad a rangú mar dhearfa nó dhiúltach: mar shampla, ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar áthas agus scleondar chomh maith le fearg agus éad. Méadaíonn tuiscint ar mhothúcháin phearsanta féintuiscint, agus éascaíonn sí feasacht bhreise ar ghiúmar, ar intinn agus ar inspreagadh pearsanta.

Tosóidh páistí ag foghlaim conas mothúcháin a chur in iúl ar bhealach oiriúnach agus conas mar a bhraitheann siad nuair a chaitear leo go neamhchóir nó go héagothrom. Sna ranganna sinsearach foghlaimíonn siad slite dearfa chun déileáil le taghdaíl a tharlóidh le linn oirbhirt, agus foghlaimíonn siad go dtéann athruithe fisiceacha agus hormónacha i gcion ar a mothúcháin agus ar a ngníomhartha. Méadaíonn páistí a bhféinsmacht de réir mar a fhoghlaimíonn siad conas mothúcháin dhifriúla a aithint agus bealaí a iniúchadh ina dtéann na mothúcháin seo i bhfeidhm orthu féin agus ar dhaoine eile. Tugtar deiseanna do pháistí ar fud an churaclaim ar idirdhealú a dhéanamh idir riachtanais agus mianta agus dá bharr sin tuiscint a fháil ar choincheap an phléisiúir mhoillithe. Cothaítear forbairt ionbhá freisin ag gach leibhéal sa scoil, toisc go bhfuil sé riachtanach chun caidreamh a láimhseáil agus a riaradh, chun taise agus mothálacht a chur chun cinn, agus chun ilghnéitheacht a thuiscint.

Sábháilteacht agus cosaint

Ní foláir do gach páiste bheith eolach faoi ghníomh oiriúnach a dhéanamh nuair a bhíonn sé/sí i bpriacal. Sa snáithaonad seo cuirtear páistí ar an eolas faoi shuímh chontúirteacha, agus tugtar deis dóibh ar straitéisí a iniúchadh a d'fhéadfaí a úsáid chun iad féin agus daoine eile a chosaint. I measc na dtopaicí le haghaidh iniúchta tá:

- bheith feasach faoi conas agus cathain cabhair a lorg
- blaiseadh agus teagmháil le substaintí anaithnide
- bheith caillte
- an gá le rialacha agus rialacháin
- glacadh le síob ó strainséirí
- go n-iarrtar orthu rún doiligh a choimeád.

Trí OSPS déanann páistí iniúchadh ar choincheap an phriacail. Ní foláir dóibh peirspictíocht chothrom a fhorbairt maidir le dul i bhfiontar trí shuímh a mheas agus iarmhairtí a scrúdú. Ní foláir dóibh freisin bheith eolach faoin uain chuí chun comhairle a lorg, agus conas a n-imní a chur in iúl ar bhealach oiriúnach.

Trí iniúchadh a dhéanamh ar shábháilteacht agus chosaint misnítear páistí chun

- aithint cathain a bhíonn cabhair de dhíth orthu chomh maith leis an duine ar chóir dóibh dul chun cainte leis/léi i gcásanna éagsúla
- mothú forásach ar fhreagracht phearsanta a fhorbairt ar mhaithe

lena sábháilteacht féin agus sábháilteacht daoine eile

- saincheisteanna faoi shláinte agus shábháilteacht a iniúchadh, agus seachaint timpistí san áireamh, agus an gníomh ba chóir a dhéanamh má tharlaíonn timpiste
- fócas a chur ar úsáid agus mhí-úsáid substaintí, dlisteanach agus neamhdhlíthiúil araon
- a fhoghlaim go bhfuil sé tábhachtach gan daoine eile a imeaglú, a aonrú, a scanrú, a chiapadh ná a tharcaisniú.

Iniúchann an curaclam cearta páistí freisin agus go háirithe an ceart atá ag páistí do mhothú sábháilteachta. Ní foláir iad a mhisniú chun suíomh tromchúiseach folaigh a aithint agus bheith eolach faoi ghníomh oiriúnach sa chás.

Ag déanamh cinntí

- Tá an cumas chun cinntí agus roghanna eolacha a dhéanamh mar ghné nádúrtha den OSPS. Ar fud an churaclaim cothaítear agus cleachtar scileanna i ndéanamh cinntí. Beidh páistí in ann na sagsanna cinntí is féidir agus nach féidir leo a dhéanamh a ainmniú agus a aithint mar aon leis na tosca a théann i gcion ar a roghanna. Foghlaimeoidh siad conas
- breithiúnas a chleachtadh
- féidearthachtaí difriúla a mheas
- na céimeanna agus roghanna a threoraíonn iad i ndéanamh cinntí machnamhacha a scrúdú

Snáithe: Mise agus daoine eile

Snáithaonaid:

- Mise agus mo theaghlach
- Mo chairde agus daoine eile
- Caidreamh le daoine eile

- tosú ar thuiscint a fháil ar a gcearta féin agus ar chearta na gcomharsan agus ar fhreagrachtaí a ghabhann leo
- na tosca difriúla a théann i gcion ar dhéanamh cinntí a iniúchadh
- machnamh a dhéanamh ar ghníomhartha atá déanta.

Sa tslí seo tuigfidh siad na hiarmhairtí a ghabhann le roghanna malartacha, agus foghlaimoidh siad conas na léargais seo a chur i bhfeidhm ar shaincheisteanna mar chairdis, chaitheamh tobac, úsáid alcóil agus dhul i bhfiontar. Mar sin forbrófar na scileanna sa ghné seo trí na heispéiris agus suímh a thiteann amach i raon de chomhthéacsanna. Faoin am a fhágfaidh siad an bhunscoil táthar ag súil go mbeidh straitéis oiriúnach dá n-aois sealbhaithe ag páistí chun cinntí a dhéanamh, agus go mbeidh tuiscint acu ar a ról féin agus ar ról daoine eile i rith an phróisis.

Mise agus daoine eile

Tá foghlaim faoi chúram a dhéanamh de dhaoine eile agus meas a thabhairt dóibh mar bhunchloch sa snáithe seo. Déanann sé iniúchadh ar ról daoine éagsúla i saol an duine féin agus iniúchann sé conas mar a dhéanann daoine idirghníomhú agus cumarsáid, mar a mhaireann, a imríonn agus a oibríonn siad le chéile.

Mise agus mo theaghlach

I gceist sa snáithaonad seo tá an teaghlach agus eispéireas an teaghlaigh mar phobal lena mbaineann

an páiste. Ní mór teaghlaigh agus gnéithe difriúla de shaol teaghlaigh i gcuraclam an OSPS a phlé toisc an ról bunúsach atá ag an teaghlach i saol an pháiste. Mar sin féin, ní foláir ómós a thabhairt i gcónaí do phríobháid an pháiste, an teaghlaigh agus an mhúinteora.

Is féidir le páistí léirithuiscint ar a dteaghlach féin, a gcreideamh agus a dtraidisiúin agus an luach a chuireann siad ar shaol an teaghlaigh a fhoghlaim trí

- na tosca a chomhdhéanann teaghlach a aithint, ag leagan béime ar an bhfírinne nach bhfuil gach aonad agus struchtúr teaghlaigh mar an gcéanna, b'fhéidir. San áireamh sna struchtúir teaghlaigh seo tá teaghlaigh altrama, teaghlaigh le tuismitheoir amháin nó le beirt, tosca nuair a oiltear páistí ag daoine seachas dlúthbhaill teaghlaigh agus páistí atá uchtaithe. Tá sé tábhachtach freisin ról an teaghlaigh fhorleathnaithe i saol an-chuid páistí a aithint
- na saghsanna rudaí is féidir le teaghlaigh a dhéanamh le chéile a iniúchadh agus mar a thugann siad cúram, grá agus tacaíocht dá chéile
- na rólanna difriúla laistigh de theaghlaigh a aithint, agus a thuiscint go mbíonn na rólanna seo athraitheach agus a aithint go gcuidíonn gach duine aonair le saol an teaghlaigh
- tús a chur le breathnú ar an iompraíocht a chuireann le síth i dteaghlaigh, agus éirí feasach ar na

cineálacha athruithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar shaol an teaghlaigh. I measc na n-athruithe seo bheadh saolú linbh nua, aistriú tí nó scoile, scaradh, tinneas, foréigean nó dífhostaíocht

- coincheap ballraíochta i dteaghlach a scrúdú agus an tslí ina bhféadfadh athrú a theacht ar theaghlaigh de réir mar a shroicheadh páistí ógántacht agus staid lánfhásta a iniúchadh
- iniúchadh a dhéanamh ar réaltacht na n-íomhánna i saol an teaghlaigh agus freisin ar na nósanna maireachtála a chuireann na meáin chumarsáide i láthair.

Mo chairde agus daoine eile

Tosaíonn an snáithaonad seo le taithí an pháiste ar dhlúthchairde agus leathnaíonn sé amach chun daoine eile a thabhairt isteach.

Cuirtear deiseanna ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar

- chiall agus tionchar cairdis, cad a bhagraíonn air agus conas is féidir tacú leis
- ghnéithe den fhíorchairdeas mar éisteacht, soghontacht, iontaoibh, macántacht, gáire, ionbhá agus an tábhacht a bhaineann le ham a chaitheamh le chéile
- cheangail chairdeasa a dhéanamh agus a mhalartú mar chuid den phróiseas fáis
- na bealaí ina gcuireann gníomhartha agus iompar an duine isteach ar dhaoine eile
- chaitheamh le daoine eile le dínit agus le hurraim.

Sna ranganna sinsearacha éascaíonn an clár iniúchadh ar chairdeas leis an gcineál céanna agus chairdeas idir buachaillí agus cailíní. Iontu seo, mar atá i ngach saghas caidrimh, spreagtar na páistí a bheith urramach dá chéile agus bheith freagrach ina gcuid iompraíochta. Comhlánaíonn sé seo an obair atá ar siúl ar ghnéasacht agus fhás agus ar fhorbairt i ranna eile an chláir.

Cuirtear béim freisin ar ról dearfa agus diúltach piaraí a scrúdú agus ar chuidiú le páistí déileáil le brú agus le tionchair áititheacha.

Tugtar deis do pháistí le linn iniúchta ar chomthromaíocht idir fir agus mná, machnamh a dhéanamh ar a ndearcadh agus a luachanna féin agus bealaí a nochtadh chun cur in aghaidh íomhánna buanchruthacha.



Páistí ag caint, ag súgradh agus ag foghlaim le chéile

Réiteach coimhlinte trí

- aithint na faidhbe
- theicníochtaí difriúla a iniúchadh
- roghnú a dhéanamh ar an gcur chuige is oiriúnaí
- fhoghlaim conas comhréiteach a dhéanamh, leithscéal a ghabháil agus a ghlacadh agus maithiúnas a thabhairt
- fhoghlaim mar gheall ar iompraíocht fhulangach, theanntásach agus ionsaitheach
- bhulaíocht a iniúchadh.

Caidreamh le daoine eile

Sa snáithaonad seo cuirtear fócas ar fhorbairt raon de scileanna cumarsáide agus idirphearsanta. I ngach rang misnítear páistí chun

- éisteacht go héifeachtach
- labhairt, plé, ceistiú agus cleachtadh a dhéanamh ar fhoirmeacha éagsúla neamhbhriathartha cumarsáide
- foghlaim faoi shaghsanna difriúla cumarsáide agus iniúchadh a dhéanamh ar a dtionchar agus a n-úsáid chuí
- moladh, dearbhú agus léirmheastóireacht chabhrach a thabhairt agus a ghlacadh
- ionbhá a dhéanamh le daoine eile agus saincheistanna a iniúchadh ó pheirsapictíochtaí difriúla.

Réiteach coimhlinte

Mar chuid bhunúsach de chaidreamh fholláin áirítear greann, roinnt ar a chéile, gáire, dlúthchaidreamh, iontaoibh agus macántacht. Mar sin féin, tá coimhlint agus easpa réiteach le chéile mar chomhchodanna d'aon saghas caidrimh. In OSPS foghlaimíonn páistí conas déileáil le coimhlint trí theicníochtaí difriúla a chleachtadh, a chuireann béim ar aithint na faidhbe agus ar réitigh fhéideartha a iniúchadh: mar shampla, is féidir leo comhréiteach a fhoghlaim, leithscéal a ghabháil, glacadh le leithscéal agus maithiúnas a thabhairt. Sa chomhthéacs seo éiríonn páistí eolach faoi iompraíocht fhulangach, ionsaitheach agus theanntásach agus foghlaimíonn siad conas a aithnítear agus a nochtar gach ceann de na saghsanna iompraíochta seo.



Ag roinnt idéanna ina mbeirteanna

Tá saincheist na bulaíochta snaidhmthe leis an obair i réiteach coimhlinte. Is féidir le páistí teacht ar thuiscint faoi cad is ciall le bulaíocht, an saghas iompraíochta a chomhdhéanann bulaíocht agus an ról a bhíonn ag daoine éagsúla i gcásanna bulaíochta. Foghlaimíonn siad go mbíonn bulaíocht i gcónaí neamhchóir agus déantar neartú air seo le linn a gcuid ama ar scoil. Múintear dóibh go bhfuil céimeanna dearfa le tógáil má bhíonn bulaíocht á himirt ar an duine féin nó má fheiceann siad bulaíocht á himirt ar dhuine eile. Toisc go n-ídíonn bulaíocht féinmheas, tá sé riachtanach ag gach leibhéal a léiriú go suntasach nach bhfuil locht ar an bpáiste atá ag fulaingt na bulaíochta. Braithfidh an cur chuige a nglactar leis chun déileáil le bulaíocht in OSPS ar an bpolasaí atá dréachtaithe agus socraithe ag an scoil.

Mise agus an domhan mór

Snáithaonaid

- Ag forbairt na saoránachta
- Oideachas na meán cumarsáide

Mise agus an domhan mór

Cuireann an tríú snáithaonad an páiste i gcomhthéacs an domhain ina maireann sé/sí. Tá mar chuspóir aige meas a fhorbairt ar éagsúlacht chultúrtha agus dhaonna ar fud an domhain mar aon le léirthiscint ar an nós daonlathach sa saol. Spreagtar an páiste le bheith ina shaoránach gníomhach freagrach, a thuigeann nádúr idirspiléach an domhain ina maireann sé/sí.

Comhlánófar an t-ábhar le hobair atá déanta in oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE) agus tá sé leagtha amach chun bonn a chur le hoideachas saoránachta, sóisialta agus polaitíochta (OSSP) sna hiarbhunscoileanna.

Ag forbairt na saoránachta

Tosaíonn an snáithaonad seo le fócas a chur ar an scoil nó an rang mar mhicreacasma den phobal. Trí thaithí pobail ar an mbealach phraiticiúil seo foghlaimíonn páistí an chiall atá le mothú cumainn agus le comhpháirtíocht. I scoil a shaothraíonn ardmheas agus freagracht chomhpháirteach foghlaimíonn páistí conas

- roinnt agus comhoibriú a dhéanamh
- cuspóirí agus spriocanna réalaíochta a leagan síos dóibh féin agus do dhaoine eile
- cumas ceannais agus riaracháin a fhorbairt
- éagsúlacht a cheiliúradh
- bheith mar chuid d'fheiniméan a théann thar leas pearsanta, agus a

aithint gur féidir leo cúnaimh luachmhar a thabhairt don tsochaí.

Éiríonn coincheap an daonlathais réalaíoch agus ciallmhar do pháistí de réir mar a chuirtear deiseanna ar fáil dóibh chun

- tuairimí leithleacha a chur i láthair
- glacadh le raon de fhreagrachtaí
- teacht ar chinntí grúpa trí chomhaontú
- éisteacht le tuairimí difriúla
- saothrú mar dhuine aonair agus freisin mar bhall de ghrúpa
- bheith páirteach i ndéanamh cinntí scoile.

Leagann na heispéiris seo bonn atá gníomhach agus dáiríre le haghaidh comhpháirtíochta sa tsochaí. Sa chomhthéacs seo, foghlaimíonn páistí faoi rólanna éagsúla sa phróiseas daonlathach, an Uachtaránacht, an tOireachtas agus an Bunreacht ina measc.

Sa snáithaonad seo déanann páistí iniúchadh ar éagsúlacht an domhain ina maireann siad. Misnítear iad chun foghlaim faoina dtraidisiúin agus a gcultúr féin, agus tugtar deiseanna dóibh iad a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le traidisiúin agus cultúr ghrúpaí eile eitneacha nó cultúrtha sa tsochaí. Déanann siad iniúchadh agus scrúdú ar an mbealach ina dtarlaíonn claontacht sa scoil, sa phobal áitiúil agus ina dtír féin. Foghlaimíonn siad faoi chearta agus fhreagrachtaí an duine aonair agus grúpa go mór mór i gcomhthéacs a scoile féin agus an phobail áitiúil, agus chun déileáil agus

Ba chóir an deis a thabhairt do pháistí éirí feasach ar chumhacht teanga.

caitheamh le daoine mar dhaoine aonair. Spreagtar go speisialta iad chun machnamh a dhéanamh ar a n-iompraíocht féin agus admháil a dhéanamh ar a gclaontacht agus an tslí ina dtaispeánann siad leithcheal agus mar a d'fhéadfaí bac a chur air.

Is féidir feidhm a bhaint as focail chun creidimh nó luachanna ar leith a bhunú agus míchruinneas agus mífhaisnéis a chothú maidir le grúpaí nó daoine aonair difriúla. Trí bheith forránach i gcoinne leasainmneacha agus lipéadú cleachtann páistí úsáid teanga ar mhodh dearfa agus aithníonn siad slite ina bhféadfadh focail cuidiú le héagóir, claontacht agus leithcheal.



Páistí ag úsáid ríomhairí chun teacht ar eolas ábhartha

Pobail áitiúla, náisiúnta agus níos leithne

Cuidíonn iniúchadh ar ghnéithe de phobail áitiúla, náisiúnta, Eorpacha agus níos leithne le páistí chun a dtuiscint ar nádúr idirspleách an tsaoil a fhorbairt. Trí léirthuiscint ar an ilghnéitheacht seo, spreagtar iad chun feasacht chriticiúil ar a bhféiniúlacht féin sa chiall is leithne a fhorbairt.

Cúram an imshaoil

Bíonn mothú freagrachta an duine aonair agus grúpa ag an dea-shaoránach maidir le cúram an imshaoil. Déantar forbairt agus iniúchadh air seo in OSPS, agus comhlánaíonn na gnéithe eile de chúram an imshaoil atá faoi chaibidil in OSIE é: tíreolaíocht agus eolaíocht.

Oideachas na meán cumarsáide

Bíonn tionchar ag na meáin chumarsáide uile ar ár ngníomhartha agus ár n-iompraíocht, agus is féidir leo dul i gcion go neamh-chomhfhiosach ar na cinntí a dhéanaimid. In an-chuid cás bréagnaíonn siad na luachanna agus an dearcadh a bheadh múinte sa bhaile nó ar scoil. Cuireann sé seo mearbhall ar pháistí atá ag tosú ar a luachanna féin a chur i bhfeidhm mar threoir agus mar eolas dóibh ina smaointe agus ina ngníomhartha.

Misníonn oideachas na meán cumarsáide na páistí chun na meáin a scrúdú go criticiúil agus iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach a dtéann siad i gcion ar iompraíocht is ar thuairimí.

In OSPS tugtar deis do pháistí

- bheith eolach faoi na meáin éagsúla
- an tslí inar féidir le claontacht agus leatrom eolas a chur as a riocht a iniúchadh
- roinnt de na teicníochtaí in úsáid ag na meáin a iniúchadh
- scrúdú a dhéanamh ar conas a úsáidtear na teicníochtaí seo chun smaointe ar leith a chur chun cinn nó chun táirgí áirithe a dhíol
- breathnú ar na meáin ar mhodh criticiúil trí cheisteanna a chur, peirspictíochtaí a iniúchadh agus claonadh a scrúdú
- tosú ar straitéisí fógraíochta agus margadóchta a iniúchadh agus cleachtadh a dhéanamh ar chuid den chur chuige seo dóibh féin
- bheith cúramach faoi na teachtaireachtaí a fhaigheann siad ó fhoinsí éagsúla sna meáin
- an chaoi ina léirítear teaghlaigh agus caidreamh sna meáin a scrúdú, conas a réitítear coimhlintí agus conas a léirítear dlúthchairdeas agus gnéasacht
- torthaí na fógraíochta ar ghnéithe éagsúla an tsaoil a scrúdú, mar shampla ar cheannach, nósanna cothroma bia, iompraíocht shláinte agus nósanna maireachtála.

Tugtar deiseanna do pháistí freisin iniúchadh a dhéanamh ar an raon eolais atá ar fáil dóibh trí theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide. Is féidir leo feasacht bhreise a bhaint amach faoi chlaonadh

cultúrtha agus an pheirspictíocht cheannasach a leathann trí roinnt de na teicneolaíochtaí seo. Spreagtar iad chun an teicneolaíocht a chur ag obair ar mhaithe leo féin agus chun a bheith cúramach agus gaoiseach in úsáid na meán.

*Ag forbairt tuisceana
ar aidhm chomhpháirteach*



Pleanáil scoile don OSPS

Pleanáil scoile don OSPS

Sa phleanáil in OSPS ní foláir cur chuige a aithint maidir le

- meon agus atmaisféar dearfa scoile a chruthú
- pleanáil eagair in OSPS
- pleanáil OSPS sa churaclam trí am ar leith agus comhtháthú.

Ag cruthú meon agus atmaisféar dearfa scoile

Bíonn meon agus atmaisféar dearfa scoile ann má luacháiltear gach duine aonair, má bhíonn meas air agus má dhéantar cúram de. Cuireann atmaisféar dá leithéid seo le múineadh agus foghlaim éifeachtach agus le fíorchumarsáid laistigh agus lasmuigh den scoil araon.

Bíonn a cultúr agus modhanna idirdhealaithe oibre féin ag gach scoil, a thugann treoir di maidir le heagrú na scoile, an caidreamh laistigh den scoil agus an tosaíocht a thugtar do leas an duine aonair. Tá sé tábhachtach go mbeadh comhaontas ann agus go gcleachtadh gach ball de phobal na scoile na luachanna agus na prionsabail a dtacaíonn an scoil leo. Ní foláir in aon phleanáil a dhéantar don OSPS an comhthéacs seo a aithint le haghaidh teagaisc agus foghlama. Ní miste tógáil ar an dea-chleachtas atá ann cheana agus machnamh a dhéanamh ar na slite inar féidir leis an scoil forbairt ilbheartach an glúine óige a chur chun cinn.

Mar chuid de straitéisí oiriúnacha chun meon agus atmaisféar dearfa a chruthú tá

- cumarsáid laistigh den scoil a mhéadú
- freastal ar riachtanais ar leith
- timpeallacht fhisiceach a chuireann le sláinte a chruthú
- próisis dhaonlathacha a fhorbairt
- féinmheas a mhéadú
- meas ar ilghnéitheacht a chothú
- teanga chuimsitheach ómósach a chothú
- teagmháil oiriúnach idir baile agus scoil a fhorbairt
- cur chuige scoile i leith measúnaithe a fhorbairt.

Chun meon dearfa scoile a chruthú ní mór do gach scoil tosú trí cheisteanna bunúsacha a chur maidir leis ‘an tslí ina ndéantar rudaí thart anseo’. Cabhróidh na ceisteanna seo le fócasú ar luachanna agus phrionsabail na scoile agus na slite ina gcuirtear i gcleachtadh iad.

Ag cothú cumarsáide laistigh agus lasmuigh den scoil

Braitheann páistí agus múinteoirí gur mór ag daoine iad agus go mbíonn meas orthu má éistear leo agus má chuirtear a n-ímní agus a dtuairimí ar leith san áireamh. Caithfidh gach scoil machnamh a dhéanamh ar a straitéisí cumarsáide féin chun a dheimhniú go gcothófar fíorchumarsáid ag gach leibhéal.

Ar na ceisteanna a d'fhéadfaí a phlé tá:

- 1 Conas a chuireann na páistí a n-ímní in iúl?
- 2 An éistear leo?
- 3 Cad iad na foirmeacha de chumarsáid foirne atá ar bun?
- 4 Conas a chuirtear fáilte roimh thuismitheoirí, agus an éistear leo sa scoil?
- 5 Conas a thugtar cuireadh do chuirteoirí agus conas a fháiltítear rompu?

Ag freastal ar riachtanais leithleacha na bpáistí

Tagann páistí ó raon de chúlraí, de chreidimh agus de thuiscintí, agus bíonn céimeanna difriúla sroichte acu ina bhforbairt phearsanta, shóisialta agus shláinte. Tá tionchar ag na tosca seo ar an gcur chuige a roghnaítear don OSPS sa scoil. Ní foláir an curaclam a chur in oiriúint do

riachtanais, spéiseanna agus ímní éagsúla agus déileáil leis an timpeallacht ar leith ina bhfuil an scoil lonnaithe.

Timpeallacht fhisiceach a chothaíonn sláinte a chruthú

Tá sé riachtanach go gcothódh timpeallacht fhisiceach na scoile sláinte choiteann agus folláine na bpáistí agus na múinteoirí araon. Is timpeallacht í

- ina soláthraítear na riachtanais bhunúsacha fhisiceacha, mar theas, sholas agus aerú imleor
- ina gcuirtear acmhainní oiriúnacha itheacháin agus súgartha ar fáil
- ina bhfuil an foirgneamh agus a chomharsanacht saor ó bhaol, ina gcothaítear mothú sábháilteachta agus ina gcruthaítear atmaisféar a chothaíonn maireachtáil ar bhealach sláintiúil.

Spreagann timpeallacht thaitneamhach mórtas sna páistí faoina scoil féin, agus tá sí fáilteach dóibh siúd a thugann cuairt uirthi. Ina theannta sin foghlaimíonn páistí conas cúram a dhéanamh den timpeallacht fhorleathan agus ómós a thabhairt di, de réir mar a ghlacann siad lena gcion féin de fhreagracht chun cúram a dhéanamh dá ngarthimpeallacht fhisiceach féin.

Is féidir féinmheas a shainmhíniú mar an méid a bhraitheann daoine go bhfuil siad fiúntach, inniúil, tábhachtach agus éifeachtach.

Próisis dhaonlathacha a fhorbairt

Ba cheart don scoil a bheith mar léiriú ar phobal faichilleach ina gcothaítear leas na ndaoine agus ina gcuirtear cúram an uile dhuine san áireamh. Faigheann páistí taithí agus cleachtadh ar an bpróiseas daonlathach nuair

- a dhéantar idirbheartú faoi rialacha
- a roinntear freagracht
- a chuirtear luach ar thuairimí tuismitheoirí, páistí agus múinteoirí
- a mhothaíonn siad muintearas dá chéile
- a fhorbraítear agus a thuigtear mothú dúthrachta maidir le haidhm choitianta.

Nuair a thionsaítear comhthionól rialta scoile tugtar taithí ar phobal do pháistí agus is féidir a dtuiscint ar mhuintearas a mhéadú. I measc straitéisí eile inar féidir daonlathas a chur chun cinn, áirítear páirt a ghlacadh in imeachtaí ar son na scoile agus éachtaí ar leith, ranga agus scoile a cheiliúradh. In an-chuid suíomh is féidir struchtúr a chruthú ina mbíonn páistí páirteach i ndéanamh cinntí sa scoil agus ina gcuirtear freagrachtaí orthu mar dhaoine aonair agus mar ghrúpa araon.

Ag cur le féinmheas agus folláine na mball sa phobal scoile

Gan mothú dearfa fiúntais ní dócha go mbeidh rath ar an duine aonair ná ar an bpobal. Is féidir féinmheas a shainmhíniú mar an méid a bhraitheann daoine go bhfuil siad fiúntach, inniúil, tábhachtach agus éifeachtach. Is gá don scoil pleanáil a dhéanamh le haghaidh cur chuige comhsheasmhach maidir le féinchoincheap agus féinmheas an uile dhuine laistigh dá pobal a mhéadú. Is féidir é seo a dhéanamh trí dheiseanna a chuimsiú a chothódh

- mothú féinaithne
- mothú aidhmeach
- mothú muintearais
- mothú sábháilteachta
- mothú inniúlachta.

Sna straitéisí chun féinmheas dearfa a chothú áirítear

- struchtúir agus cur chuige a chruthú laistigh den scoil a fhreastalaíonn ar na páistí go léir
- deiseanna a sholáthar do gach páiste dul chun cinn a dhéanamh, tallanna aonair a fhorbairt agus dearcadh réalaíoch a fháil faoina b(h)uanna agus lochtanna pearsanta féin
- gríosú agus dearbhú an uile dhuine
- cinntiú go mbíonn dóchas na scoile i leith na bpáistí dearfa agus réalaíoch

- am a chur ar fáil do dhíospóireacht aonair maidir le dul chun cinn agus bealaí a iniúchadh inar féidir le páiste cur lena f(h)oghlaim phearsanta féin
- fáilte a chur roimh thosaitheoirí agus a dtuismitheoirí sa scoil
- struchtúr a chruthú ina mothaíonn páistí sábháilte agus ina mbíonn tacaíocht le fáil acu nuair a bhíonn siad corraithe
- dearbhú ar obair bhail na foirne agus forbairt inghairme ar bhonn scoile a sholáthar
- éachtaí a cheiliúradh.



Is sochaí ilchultúrtha í an scoil

Cothú measa ar éagsúlacht dhaonna agus chultúrtha

Bíonn tionchar domhain ag an gcaidreamh a mbíonn taithí ag páistí air sa scoil ar a bhforbairt shóisialta. Nuair a chaitear le páistí ar bhealach chóir chothrom agus nuair a bhraitheann siad ómós d'éagsúlacht is ea is dóichí go gcaithfidh siad le daoine eile sa tslí chéanna. Tá freagracht ar an scoil a dheimhniú go bhfuil an curaclam saor ó chlaonadh agus go bpléitear saincheisteanna éagothromaíochta d'aon saghas agus go ndéanfar beart dá réir.

Bíonn deis ar leith ag scoileanna fíormheas ar éagsúlacht a chur chun cinn trí chinntiú

- go n-athraítear grúpaí go rialta agus nach mbíonn na páistí céanna iontu i gcónaí
- nach dtoghtar foirne i gcónaí ag páistí aonair
- go mbíonn na leabhair a úsáidtear saor ó chlaontacht agus go gcuirtear cothromas idir fir agus mná chun cinn i gcónaí
- go gcothaítear buanna páistí aonair
- go spreagtar páistí chun éisteacht le tuairimí difriúla.

Trí fhoghlaim faoi chultúir daoine eile agus traidisiúin agus cleachtais éagsúla a iniúchadh is féidir leis na páistí mothú measa ar dhifríocht a fhorbairt agus an cúnamh a thugann an difríocht áirithe sin a léirtheiscint. Beidh ábharthacht ar leith ag baint leis an iniúchadh seo i rang a chuimsíonn

éagsúlacht cultúir. Cuideoidh sé le páistí a spreagadh chun bheith cuimsitheach ina gcuid déileála le daoine eile, dúshlán a thabhairt do chlaontacht agus foghlaim conas maireachtáil i sochaí ilchultúrtha.

Ag forbairt teanga atá cuimsitheach agus urramach

Freastalaíonn teanga ar luachanna, dhearcadh, chreidimh, chlaontacht agus ar phrionsabail. Ní hamháin go gcuireann sí cultúr i láthair ach téann sí i gcion air agus tugann sí cruth don chultúr sin freisin. Ní foláir go gcuirfí ar chumas páistí teanga a úsáid ar bhealach cruinn oiriúnach.

Ní mór don teanga a chuirtear chun cinn sa scoil bheith in ann páistí agus daoine fásta araon a chothú mar neacha daonna uathúla luachmhara. Ba chóir di ómós a thabhairt do dhifríochtaí cultúrtha agus eile idir daoine agus bheith in úsáid ar shlí a spreagann cuimsitheacht. Is féidir le teanga cur go mór le féinmheas dearfa a mhéadú, ach má úsáidtear ar bhealach diúltach í d'fhéadfadh sí a bheith bacainneach agus goilliúnach.

Cuirfead na teachtaireachtaí seo faoi theanga in iúl do pháistí ar scoil go príomha sa tslí ina n-úsáidtear teanga. Freastalóidh an tslí ina labhraítear le páistí sa rang, an dóigh ina lochtaítear nó a dhearbhaítear iad agus an tuin ghutha a úsáidtear le linn dóibh iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna pearsanta ar luachanna a dtacaítear leo sa scoil. Cuideoidh feasacht ar an gcaoi a gcaitheann páistí le chéile le linn

súgartha le saincheisteanna a roghnú le haghaidh iniúchta sa rang. Trí sháraíocht a dhéanamh ar chuid de na ceangail gharbha neamhchruinne a dhéantar le focail agus frásaí áirithe cuirfead ar chumas páistí cur ina gcoinne seo ina gcuid cainte, ina ngníomhartha agus ina n-iompraíocht féin. Ba chóir go ndeimhneodh polasaithe scoile go n-úsáidtear teanga ar bhealach diongbháilte dearfa agus gan drochmheas a chaitheamh ar dhaoine ná iad a imeaglú nó a mhaslú.

Ag forbairt cumarsáide cuí idir teaghlach agus scoil

Ní mór don scoil straitéisí éifeachtacha a fhorbairt le haghaidh agallaimh idir múinteoirí agus tuismitheoirí. Beidh sé riachtanach don OSPS go dtiocfaidh tuismitheoirí agus múinteoirí ar shlite chun éisteacht lena chéile agus chun tuairimí agus cúraimí an teaghlaigh agus na scoile araon a chur san áireamh. I measc na straitéisí a d'fhéadfaí a mheas tá:

- struchtúir a chruthú chun dul i gcomhairle aonair le tuismitheoirí agus le baill den phobal
- cruinnithe a shocrú ag amanna oiriúnacha
- cothromaíocht a chruthú idir cruinnithe ranga (mar shampla chun an curaclam nó straitéisí ranga a thabhairt isteach) agus cruinnithe grúpa níos mó
- soiléireacht teanga i ngach saghas cumarsáide scríofa ón scoil.

Ag forbairt cur chuige scoile i measúnú

Tá measúnú in OSPS gach pioc chomh riachtanach is atá in aon ábhar eile. Le linn plean scoile a fhorbairt ba chóir go mbeadh comhaontas ann maidir le ról an mheasúnaithe in OSPS, na huirlisí a úsáidfeadh chun páistí a mheas agus na bealaí inar féidir dul chun cinn an pháiste a chur in iúl don pháiste, do na tuismitheoirí agus do mhúinteoirí eile.

Ba chóir gur próiseas dearfa do pháistí é measúnú agus go gcuirfí ar chumas an mhúinteora

- mionathrú a dhéanamh ar ábhar an churaclaim de réir riachtanais an pháiste agus uasmhéadú a dhéanamh ar acmhainn foghlama an uile dhuine
- straitéisí teagaisc agus foghlama atá in úsáid sa seomra ranga a chur in oiriúint lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le haidhmeanna an churaclaim agus le bealaí ina bhfoghlaímíonn páistí
- éifeacht na foghlama a mheas i meon agus atmaisféar na scoile, san am ar leith a chuirtear ar fáil dó agus ar fud na n-ábhar eile léinn
- an méid atá ar eolas ag páiste, an méid a thuigeann sé/sí agus is féidir leis/léi a dhéanamh a fháil amach
- féinmheasúnú an pháiste a chur chun cinn, ina bhfoghlaímíonn sé/sí luach na féinmhonatóireachta ar a d(h)ul chun cinn agus ina bhforbraíonn sé freagracht éigin as a c(h)uid foghlama féin. Cuidítear leis

an bpáiste spriocanna agus cuspóirí réalaíocha a leagan síos agus éirí feasach faoina b(h)uanna agus a d(h)eacrachtaí féin

- iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a n-aistríonn páiste foghlaim ó shuíomh amháin go suíomh eile
- dul i gcomhairle leis an bpáiste, le tuismitheoirí agus le daoine eile maidir le cumas, buanna agus dul chun cinn ginearálta an pháiste in OSPS.

Ní nochtar a lán de na buntáistí in OSPS, nó ní bhíonn siad follasach, go dtí i bhfad tar éis don pháiste an bhunscoil a fhágáil. Baineann measúnú in OSPS le gnéithe den chlár is féidir a mheasúnú go réalaíoch i rith an ama a chaitheann an páiste ar scoil.

Is cuid den mheasúnú í díospóireacht idir an múinteoir agus an páiste faoi dhul chun cinn, dheacrachtaí agus bhuanna. Cuidíonn cur i láthair agus léiriú macánta suime in obair an pháiste sa tslí seo go mór leis an gcaidreamh idir páiste agus múinteoir. Cuireann sé freisin le mothú sábháilteachta an pháiste toisc go bhfios dó/di conas tá ag éirí leis/léi agus go ndéantar admháil ar iarrachtaí atá déanta. Ní mór na páistí a mhisniú chun scileanna éifeachtacha féinmheasúnaithe a fhorbairt chun cuidiú leo an méid a luachálann siad a fheiceáil agus an tslí ina luachálann siad é, agus na breithiúnais seo a chur i gcodarsnacht le critéir sheachtracha.

Tá sé riachtanach éagsúlacht teicníochtaí a úsáid nuair a bhíonn OSPS á mheasúnú. Ba chóir go gcuirfí bealaí foghlama agus raon na n-intleachtaí atá sa seomra ranga agus a léiríonn go dílis dul chun cinn na bpáistí san áireamh. Má dhéantar measúnú ar pháistí sa tslí seo, beidh an múinteoir in ann eispéiris foghlama a phleanáil agus a chur in oiriúint do riachtanais an pháiste aonair agus a chinntiú go bhfuil brí sa chlár in OSPS do gach aon duine.

Ar na huirlisí a mholtar don OSPS tá

- breathnóireacht an mhúinteora
- tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- bailiúcháin oibre.



Cuireann obair i mbeirteanna ar chumas páistí a smaointe agus a dtuairimí féin a shoiléiriú.

Tarlóidh go leor den mheasúnú sa teagasc agus san fhoghlaim laethúil sa seomra ranga, agus le linn súgartha na bpáistí. Modh neamhfhoirmiúil measúnaithe a bheidh anseo nach gcuirfidh isteach ar an bpáiste agus nach ndéanfaidh bagairt dó.

Ó am go ham cuideoidh trialacha foirmiúla nó tascanna deartha ag an múinteoir le dul chun cinn an pháiste i gcuid den ábhar a mheas. Cuideoidh eolas as trialacha iompraíochta foirmiúla a cuireadh i gcrích i gcomhar le síceolaithe agus daoine gairmiúla eile a thuilleadh fós le measúnú ginearálta a dhéanamh ar an bpáiste.

Má dhéantar iniúchadh ar an bpróiseas measúnaithe i measc na foirne mar aonad beidh comhsheasmhacht agus leanúnachas sa chur chuige do na páistí, na múinteoirí agus na tuismitheoirí. Deimhneoidh aistriú eolais maidir le dul chun cinn an pháiste go n-imreoidh an baile agus an scoil araon ról suntasach chun cabhrú leis an bpáiste foghlaim a dhéanamh.

Ag forbairt plean in OSPS

- ag iniúchadh nádúr agus bunbhrí OSPS
- ag cumadh cur chuige scoile in OSPS
- páirt a ghlacadh i bpróiseas eolais agus comhairle
- ag déanamh athbhreithniú tar éis tréimhse socraithe

Pleanáil eagair in OSPS

Cuirfidh tús le cur chuige struchtúrtha in OSPS dúshlán ós comhair gach aon duine a bhíonn páirteach ann. Is í an ghné lárnach in eagrú OSPS ná forbairt ar chur chuige iomlán san achar seo i gcomhthéacs phlean na scoile. Ag éirí as nádúr OSPS ní foláir go n-ullmhaítear é seo le comhchomhairle chuí.

Tabharfaidh polasaithe scoile mar iad siúd ar bhulaíocht, OCG (RSE) agus mí-úsáid substaintí treoir maidir le forbairt ar chur chuige scoile in OSPS. Ar an taobh eile de caithfidh athbhreithniú ar bith ar na polasaithe seo aird a thabhairt ar an gclár in OSPS atá ar bun sa scoil.

Na céimeanna i bhforbairt cur chuige scoile in OSPS

Caithfidh cur chuige scoile in OSPS a bheith réalaíoch, freastal ar riachtanais na bpáistí agus mothú soiléir aidhme agus teorach a thabhairt don mhúinteoir. Aithneoidh sé na straitéisí cuí chun OSPS a chur i gcrích go héifeachtach sa scoil, agus tiocfaidh sé as comhairle idir tuismitheoirí, múinteoirí, bainisteoireacht agus foireann choimhdeach. Tá roinnt céimeanna sa phróiseas seo:

- *iniúchadh ar nádúr agus bhunbhrí OSPS.* Beidh comhthuisctint ar an achar léinn mar aon lena ról agus áit ar churaclam na scoile mar thúsphointe i bhforbairt cur chuige foriomlán in OSPS. Ní foláir bheith eolach ar a nádúr ilchineálach chomh maith leis na slite éagsúla ina gcuirtear i bhfeidhm sa scoil é. Mar

chuid den iniúchadh seo aithneoidh scoileanna na gnéithe den OSPS atá áirithe cheana sa churaclam mar atá, nó i gclár atá in úsáid agus a chomhlíonann bunphrionsabail an churaclaim in OSPS

- *ag cumadh cur chuige scoile in OSPS.* Beidh cumadh cur chuige foriomlán scoile in OSPS mar an dara céim sa phróiseas. Cuirfidh sé seo ar chumas gach scoile bheith eolach ar a staid faoi láthair agus pleanáil a dhéanamh maidir lena fhorbairt san am atá le teacht
- *páirt a ghlacadh i bpróiseas eolais agus comhairle.* Trí chomhairle a ghlacadh le tuismitheoirí, bainisteoireacht agus foireann choimhdeach déanfar iniúchadh ar roghanna, dhearcadh, bharúlacha, agus thuairimí. Mar thoradh ar an bpróiseas comhairleach machnamhach seo tiocfar ar chomhaontas faoi chur chuige in OSPS i gcomhthéacs phlean na scoile. Tabharfaidh an comhaontas seo treoir do na múinteoirí nuair a chuireann siad clár OSPS i bhfeidhm sa scoil
- *athbhreithniú tar éis tréimhse áirithe.* Tá sé riachtanach go ndéanfaí athbhreithniú ar an gclár tar éis tréimhse áirithe. Beidh léargais luachmhara ag múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí chun cuidiú leis an athbhreithniú. D'fhéadfadh seo a bheith neamhfhoirmiúil ach soláthraíonn sé am chun scrúdú a dhéanamh ar dhul chun cinn na hoibre, ar aon deacrachtaí a bheadh ag teacht chun cinn, ar sholáthar imleor d'acmhainní agus freisin ar thacaíocht agus éifeacht an phlean.

Rólanna éagsúla in eagrú OSPS

Ról an bhoird bhainisteoireachta

Tá freagracht ar an mbord bainisteoireachta cur chuige na scoile in OSPS a threisiú agus an tslí ina bhfuil forbairt á déanamh air a éascú agus an cur chuige seo a cheadú agus a athbhreithniú laistigh de chomhthéacs iomlán an phlean scoile.

Ról na dtuismitheoirí

Ós rud é go bhfuil an príomhról ag tuismitheoirí in oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte a bpáistí ba chóir go soláthródh an scoil deiseanna dóibh chun cuidiú le forbairt agus cur i bhfeidhm OSPS sa scoil. I measc na ndeiseanna comhpháirtíochta tá:

- páirt a ghlacadh i bpleanáil agus athbhreithniú scoile
- tacú le múinteoirí chun gnéithe ar leith den chlár a chur i bhfeidhm
- an fhoghlaim atá déanta ar scoil a phlé leis na páistí
- acmhainní le haghaidh gnéithe sonracha den chlár a athbhreithniú.

Ról an phríomhoide

Tá ról lárnach ag an bpríomhoide lena chinntiú go gcuirfear an curaclam in OSPS i bhfeidhm go héifeachtach sa scoil de réir mar atá leagtha síos sa phlean scoile. Ní foláir dó/di an fhoireann a mhisniú agus cur ar a gcumas roinnt de na straitéisí nua a ghlacadh chucu féin agus a chur i gcrích agus a bpeirspictíocht ar an méid atá ag titim amach sa rang a athrú. In an-chuid cásanna beidh an

príomhoide mar phearsa ceangail idir an bord bainisteoireachta agus an fhoireann agus idir baill an phobail agus an fhoireann.

Ról an mhúinteora

Is dóichí go mbainfidh páistí tairbhe as an gcuraclam má bhíonn comhsheasmhacht i gcur chuige na múinteoirí go léir sa scoil. B'fhéidir go mbeadh forbairt déanta ag roinnt múinteoirí ar a scileanna in úsáid modhanna éagsúla in OSPS nó bheadh taithí roimh ré acu in úsáid acmhainní atá bainteach leis an ngné seo, agus bheadh suim ar leith ag múinteoirí eile fós i saincheisteanna sláinte. Chun clár cuimsitheach in OSPS a chur i bhfeidhm, níor mhór dóibh spreagadh a chéile agus a n-intleacht a roinnt ar a chéile.

Ról foirne teagmhasaí agus tacúla

Beidh ról tábhachtach le himirt ag pobal forleathan na scoile chun tacú le forbairt shóisialta, phearsanta agus shláinte na bpáistí. Ina n-idirghníomhaíochtaí le múinteoirí agus páistí araon is féidir le baill phobal na scoile freastal ar na prionsabail atá curtha ar aghaidh sa chlár in OSPS. Beidh sé tábhachtach go mbeidh siad páirteach i bpróiseas na comhairle agus go mbeidh siad eolach ar na polasaithe difriúla atá sa scoil.

Ag pleanáil don OSPS trí am ar leith agus trí chomhtháthú

Tarlaíonn OSPS trí theaghlaim d'am ar leith agus de chur chuige comhtháite ar fud ábhar léinn atá ábharach. I measc na saincheisteanna nach mór a phlé le linn pleanáil do na modhanna seo tá:

- *acmhainní agus ábhair oiriúnacha a roghnú don scoil.* Chun cuid d'ábhar an churaclaim a chur i bhfeidhm beidh ábhair acmhainne oiriúnacha agus smaointe chun ceachtanna ar leith a fhorbairt ag teastáil ón múinteoir. San áireamh anseo tá leabhair, póstaer, cártaí oibre, lámhleabhair an mhúinteora, dlúthdhioscaí, suímh áirithe ghréasáin, cláir theilifíse is raidió nó físeáin

Ceisteanna nár mhiste a mheá le linn acmhainní a roghnú

- 1 Cén raon d'ábhair atá ar fáil don scoil?
- 2 Cad iad na critéir atá againn chun ábhair a roghnú?
- 3 An mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann maidir le húsáid ábhair ar leith ar fud na scoile?

- *na slite ina bpléifear saincheisteanna difriúla ar chlár na scoile a aithint.* Tá an curaclam in OSPS deartha ar bhealach nach gcaitear le

saincheisteanna áirithe ina n-aonar, mar chaidreamh agus ghnéasacht, mhí-úsáid substainte, bhás, chiníochas nó cosc ar mhí-úsáid páistí. Glacann sé le cur chuige cuimsitheach i dtaca le forbairt shóisialta, phearsanta agus shláinte an pháiste, ag fócasú ar an dearcadh ginearálta, na luachanna, scileanna, agus tuiscint a bheadh de dhíth ar pháistí agus is féidir a chur i bhfeidhm i raon de shuímh. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh scoileanna an seasamh atá ag saincheisteanna sóisialta, pearsanta agus sláinte i gcomhthéacs an struchtúir seo

Ceisteanna nár mhiste a mheá nuair a bhíonn bealaí á n-aithint chun saincheisteanna i gclár na scoile a phlé

- 1 Cad iad na gnéithe den churaclam atá comónta i raon de shaincheisteanna sóisialta, pearsanta agus sláinte?
- 2 Cad iad na hacmhainní a bheidh riachtanach chun déileáil le saincheisteanna agus topaicí ar leith?

- *iniúchadh a dhéanamh ar conas an t-ábhar a chur i bhfeidhm sna ranganna éagsúla.* Toisc go gcuirtear an curaclam i láthair ar cheithre leibhéal, beidh sé riachtanach scrúdú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaí cur chuige bíseach a phleanáil i saghsanna difriúla

scoileanna. Caithfidh gach scoil cinneadh a dhéanamh maidir leis na gnéithe den churaclam in OSPS atá le múineadh ag gach leibhéal ranga lena dheimhniú go mbeidh clár cuimsitheach ar bun. Le linn iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna mothálacha i ranganna ilghrádacha beidh gá le *solúbthacht* in ullmhú cláir agus leibhéil dhifriúla d'fhorbairt mhothúchánach agus fhisiceach na bpáistí a chur san áireamh. Beidh comhordú éigin ag teastáil i scoileanna chun OSPS a chur i bhfeidhm. Sa chás go mbíonn gá lena leithéid spreagtar scoileanna chun roghanna éagsúla a iniúchadh agus struchtúr a chruthú a bheadh ag teacht lena riachtanais agus leis na hacmhainní atá ar fáil

Ceisteanna nár mhiste a mheá nuair a thugtar cuireadh chun na scoile do chainteoirí

- 1 Cé na topaicí a éilíonn cúnamh seachtrach?
- 2 An iarrfar ar chuireoir labhairt leis an scoil iomlán nó le ranganna ar leith?
- 3 An bhfuil an chuairt ag teacht leis an bplean scoile?
- 4 An gcuirfear cuid de na cainteanna ó chuireoirí in iúl do thuismitheoirí, agus an dtabharfar cuireadh dóibh chucu?
- 5 Cé mhéad cuairt ba cheart a thionól i rith na bliana scoile?

- *Ag tabhairt cuireadh do chainteoirí chun na scoile.* Ar ócáidí áirithe beidh sé feiliúnach cuireadh chun na scoile a thabhairt do chainteoirí
- *ag cur téamaí scoile ina n-iomláine i bhfeidhm.* D'fhéadfadh an scoil téamaí mar shábháilteacht, shláinteachas nó chúram an imshaoil a thoghadh agus a chur i bhfeidhm i ngach rang ar feadh tréimhse áirithe. Is bealach an-úsáideach é seo chun aire a dhíriú ar ghné den churaclam agus a chinntiú go mbíonn cur chuige comhsheasmhach tríd an scoil. Ní foláir do mhúinteoirí cinneadh a dhéanamh maidir leis na téamaí is oiriúnaí le haghaidh iniúchta ina scoil áirithe féin, agus nuair is féidir, d'fhéadfadh páistí a bheith páirteach i ndéanamh na gcinntí seo
- *méid an ama atá le leagan amach don OSPS.* Sa phleanáil iomlán, ba chóir go mbeadh an t-am atá curtha ar fáil gaolmhar leis an tslí ina bhfuil cuspóirí roghnaithe an churaclaim á mbaint amach seachas ar an líon d'uaireanta oibre a chuirtear isteach. Bheadh sé níos oiriúnaí ar uairibh am ar leith i mblocanna ama a úsáid seachas mar shraith de thréimhsí leathuaire. Is féidir le múinteoirí an tsolúbthacht seo a iniúchadh agus cinneadh a dhéanamh de réir riachtanais duine ar leith nó na scoile.

Tacaíocht agus acmhainní

- an pobal áitiúil
- cláir le fócas speisialta
- na Boird Sláinte
- na meáin

Ag aithint tacaíochta agus acmhainní don OSPA

Mar chuid den phleanáil don churaclam in OSPA áirítear aithint agus liostú tacaíochta ó ghrúpaí nó ó dhaoine aonair difriúla sa phobal.

Tacaíocht ó bhail den phobal áitiúil

Tá líon mór de dhaoine sa phobal áitiúil ar féidir leo tacaíocht a thabhairt don churaclam in OSPA ar shlite suntasacha. Is féidir le garda, comhraiceoir dóiteáin, maor tráchta, banaltra nó dochtúir áitiúil cuairt a thabhairt ar an seomra ranga, oibriú i gcomhar leis an múinteoir agus an méid atá múinte a athneartú. Daoine eile a d'fhéadfadh páirt a ghlacadh ná foireann foraoiseachta, tréidlia, léiritheoir ón raidió áitiúil nó bail de ghrúpaí pobail áitiúla.

Úsáid clár le fócas speisialta

Tá go leor clár ar fáil, náisiúnta agus réigiúnach araon, a d'fhéadfadh bheith ábharthach agus úsáideach don OSPA. Pléann siad le saincheisteanna mar chosc ar mhí-úsáid substaintí, dhifriocht a cheiliúradh, chosc ar mhí-úsáid páistí, oiliúint an tomhaltóra agus oiliúint i gcaidrimh agus gnéasacht. Tá sé riachtanach go mbeidh aon chlár le fócas speisialta a d'úsáidfí ar scoil ag réiteach le prionsabail OSPA sa churaclam.

Boird Sláinte

Is féidir le lárionad sláinte tacú le gnéithe faoi leith de OSPA sa scoil trí eolas, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil.

Úsáid gnéithe éagsúla de na meáin

Beidh gá le sleachta taifeadta as fógraí, cláir, físeáin agus dlúthdhioscaí chun tionchar na meán a scrúdú mar aon leis na teicníochtaí a úsáideann siad. Sa chomhthéacs seo is féidir leis an nuachtán laethúil, nuair a iniúchtar é leis na páistí, a bheith ina acmhainn fhíorluachmhar sa seomra ranga.

Tugann infhaighteacht ar raon de theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide féidearthachtaí breise do pháistí chun scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna chun cumarsáid agus eolas a athfháil. Tá seirbhísí tacaíochta don ghné seo, ar a n-áirítear liostaí de shuímh gréasán oideachasúla agus smaointe in úsáid an idirlín agus cláir próiseál focal sa seomra ranga, ar fáil do scoileanna. Is féidir leo cabhrú leis an múinteoir agus é/í a threorú in úsáid na dteicneolaíochtaí seo mar thaca don OSPA. Mar an gcéanna, is féidir le go leor clár insamhlaithe agus eachtraíochta ar an ríomhaire meán spéisiúil a chur ar fáil chun roinnt gnéithe den churaclam in OSPA a iniúchadh.

Ag roghnú acmhainní

Is féidir leis an scoil sraith de chritéir a leagan síos chun acmhainní a roghnú i dtreo is go bhfreastalóidh na cinn a úsáidtear go cuí ar aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim agus go ndéanfaidh siad freastal ar pholasaithe agus ethos na scoile. Tugtar sampla de chritéir i roghnú acmhainní éagsúla san *Aguisín*. Is féidir é seo a chur in oiriúint do riachtanais na scoile aonair féin.

*Foghlaim ghníomhach
sa seomra ranga*



Pleanáil sa seomra ranga don OSPS

Pleanáil sa seomra ranga don OSPS

Is féidir meon agus atmaisféar dearfa a chruthú sa seomra ranga ach iad seo a leanas a sholáthar

- timpeallacht theagaisc agus fhoghlama thaitneamhach atá spásmhar agus spreagúil le féachaint air
- éagsúlacht sna slite a n-oibríonn agus a n-idirghníomhaíonn páistí go dearfa le chéile
- straitéisí oiriúnacha le haghaidh réiteach coimhlinte agus luach saothair do pháistí
- deiseanna do pháistí a bheith páirteach i gcumadh rialacha ranga agus i gcinneachán
- machnamh ag deireadh an lae scoile nó seachtaine
- taithí a mhéadaíonn féinmhisneach agus féinmheas
- deiseanna chun spriocanna a leagan síos don lá nó don seachtain
- *am ciúin*

Baineann an chuid seo le pleanáil obair an mhúinteora sa seomra ranga. San áireamh tá

- saincheisteanna pleanála don mhúinteoir
- cur chuige i bpleanáil na hoibre.

Saincheisteanna pleanála don mhúinteoir

Tá an-chuid saincheisteanna le cur san áireamh le linn pleanála don OSPS sa seomra ranga. Fréamhaíonn plean oibre don seomra ranga as an bplean iomlán scoile agus caithfidh sé freastal ar gach ní atá gaolmhar le hoideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte na bpáistí.

Ag cruthú meoin agus atmaisféir dhearfa sa seomra ranga

Tá comhghaol díreach idir caighdeán na timpeallachta foghlama agus feabhas na foghlama a tharlaíonn laistigh de. Tá gá le meon dearfa sa seomra ranga trína mbraithfidh páistí go bhfuil meas orthu agus go ndéantar cúram díobh, i dtreo is gur féidir an clár in OSPS a chur i gcrích go héifeachtach. Is gá pé foghlaim a tharlaíonn a bheith léirithe sna hidirghníomhaíochtaí laethúla sa rang agus sna slite ina n-oibríonn na páistí agus an mhúinteoir le chéile.

I dtimpeallacht oibre thaitneamhach, shábháilte is féidir le páistí saincheisteanna agus topaicí a iniúchadh toisc go mbeidh a fhios acu go mbreathnófar ar a dtuairimí agus a smaointe le dáiríreacht. Cuideoidh na

bealaí ina ngrúpálar iad nó ina ndáiltear freagracht orthu lena gcuid foghlama agus lena mbraistint fhorásach fúthu féin. Mar an gcéanna tacóidh an tslí ina réitítear coimhlintí, ina ndéantar cinntí agus ina dtugtar luach saothair do pháistí, leis an bpróiseas daonlathach agus cinnteoidh sé go mbeidh eispéiris na bpáistí ina ngnáthshaol laethúil ag teacht leis an méid atá á mhúineadh is á mholadh le linn an ama fhoirmiúil teagaisc. Tacóidh an tslí ina ndéanann múinteoirí agus páistí cumarsáid lena chéile, mar a láimhseálar am agus mar a chothromaítear gníomhaíochtaí leis an gclár agus cuideoidh sé le OSPS a dhéanamh fíor agus ciallmhar.

Cabhraíonn gnáthghníomhaíochtaí mar bheannú múinteoirí agus páistí dá chéile gach maidin lena mhothú go gcuirtear fáilte rompu agus go bhfuil siad sábháilte agus fíormhothú cumainn a bheith acu. Cuireann comhrá le páistí ar bhonn neamhfhoirmiúil lena n-oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte agus soláthraíonn sé deiseanna cuí chun stór focal a mhúineadh, go háirithe stór focal le nádúr mothálach. Má aistrítear troscán timpeall an tseomra ranga nuair is féidir, nó má chuirtear na páistí ina suí le páirtithe difriúla, cabhraíonn sé leo chun déileáil le hathrú, agus cothaíonn sé a scileanna sóisialta.

Ag tús an lae scoile nó na seachtaine scoile is cabhrach an rud é ligean do pháistí spriocanna a leagan síos dóibh féin. Mar shampla, d'fhéadfaidís trí rud a aithint ba mhaith leo a

fhoghlaim nó a bhaint amach sa tseachtain atá le teacht. D'fhéadfadh na páistí ansin foghlaim conas na spriocanna sin a chur i láthair ar bhealaí éagsúla agus a ndul chun cinn a léiriú agus a chlárú.

Is féidir le soláthar deiseanna le haghaidh machnaimh le chéile faoi obair an lae sa rang a bheith an-éifeachtach freisin chun atmaisféar dearfa sa seomra ranga a chothú. Is saghas athbhreithnithe é seo inar féidir na rudaí ar éirigh go maith leo a roinnt ar a chéile, na téipeanna a chur i bpeirspictíocht agus treonna nua a phleanáil. Is féidir cuidiú le páistí na hachair ina bhfuil dul chun cinn éigin déanta acu a thuiscint agus comharthaí beaga cairdis nó slite inar léirigh siad neamspleáchas a aithint. Tugann machnamh ag deireadh an lae deis do pháistí na rólanna go léir a d'imir siad in aon lá amháin a fheiceáil, conas mar a shaothraigh siad sa rang agus an méid a d'fhoghlaim siad.

Trí *am ar leith* is féidir le múinteoirí tréimhse cúig nóiméad déag in aghaidh na seachtaine nó na coicise a shocrú sa sceideal oibre chun gur féidir le gach páiste obair go ciúin ina (h)aonar. I rith an ama seo d'fhéadfaí feidhm a bhaint as gníomhaíochtaí mar líníocht, léitheoireacht, cumadh pictiúr nó scéal a scríobh, éisteacht le téip nó úsáid ríomhaire. Is féidir an t-am seo a úsáid freisin le haghaidh machnaimh phearsanta, pé acu ar eachtra éigin a tharla agus a torthaí nó ar obair éigin a rinneadh i rith an lae. Ní gá do na páistí a smaointe a roinnt ar a chéile sa rang ach spreagtar iad chun

smaoineamh dóibh féin agus chun machnamh ar a n-iompar, a ngníomhartha agus a ndearcadh féin. Is féidir leis an múinteoir leid a thabhairt do na páistí ó am go ham chun cabhrú leo ina ndomhainmhachnamh.

Tugann *am ar leith* deiseanna do pháistí a bheith socair agus spás a fháil dóibh féin i lár a gcuid maireachtála laethúil. Beidh forbairt na scile seo suntasach do pháistí níos déanaí ina mbeatha agus cabhróidh sé leo tábhacht stíl chothromaithe mhaireachtála a thuiscint.

Pleanáil le haghaidh am ar leith agus comhtháthú

Forbrófar go leor gnéithe de OSPS ar mhodh traschuraclaim agus rachaidh an t-am ar leith a chuirtear ar fáil dó ar an gclár ama chun sochair do ghnéithe eile. Sa phleanáil beidh sé cinntitheach don mhúinteoir cinneadh a dhéanamh maidir le conas an dá chur chuige seo a úsáid go héifeachtach chun an curaclaim a chur i bhfeidhm. Caithfidh sé/sí gnéithe den chlár a d'fhéadfaí a chomhtháthú go tuisceanach le hobair in achair eile a aithint. Ní mór dó/di teacht ar chinneadh maidir le láimhseáil na ngnéithe sin agus an clár ama a shocrú chun go bhféadfaí freastal ar aon fhoghlaim agus teagasc comhtháite.

Mar an gcéanna, caithfidh an múinteoir gnéithe den chlár ar ghá am ar leith dó a aithint, chomh maith le pé acmhainní agus ábhair a mbeadh gá leo chun freastal ar na riachtanais sin.

Sa phleanáil don dá chur chuige seo ní mór don mhúinteoir a chinntiú

- go múintear an clár in OSPS go cuimsitheach do gach páiste
- nach gcuirtear isteach ar iomláine na n-ábhar léinn ar leith
- go n-úsáidtear an t-am ar leith ar an mbealach is éifeachtaí
- go bhfuil an comhtháthú ciallmhar.

Roinnt féidearthachtaí le haghaidh comhtháthaithe

Is féidir le comhtháthú tarlú ar bhealaí éagsúla: tig le múinteoirí cur chuige téamach a ghlacadh ina ndéanfaí téama a iniúchadh ó raon de léargais dhifriúla, nó is féidir le comhtháthú a bheith bunaithe ar ábhair ina mbeadh iniúchadh dírithe go príomha ar shaincheist in OSPS, mar shampla, agus ina n-úsáidí scileanna nó eolas ó ábhar eile chun an fhoghlaim a neartú.

Is bealach éifeachtach é comhtháthú na bpróiseas foghlama chun OSPS a chur i bhfeidhm ar fud an churaclaim, ina n-úsáidí straitéis chun féinmhisneach, neamhspleáchas, dearcadh iolartha deimhneach nó machnamh criticiúil a chruthú in ábhair dhifriúla.

Aithnítear thíos cuid de na deiseanna chun OSPS a chomhtháthú tríd an churaclam:

- *teanga*: ag úsáid teanga go cruinn; ag sealbhú foclóra chúí; ag forbairt scileanna cumarsáide; ag foghlaim conas ceist a chur, réamhaithris a dhéanamh, bheith criticiúil, agus anailís a dhéanamh; ag forbairt

samhlaíochta pearsanta agus iniúchadh ar mhothúcháin trí chaint is trí scríbhneoireacht; ag scrúdú na meán clóbhuailte

- *stair*: ag forbairt ionbhá; iniúchadh ar thionchair athraitheacha inár mbeatha; ag foghlaim faoi na tosca a thugann cruth don phobal; iniúchadh ar an gcúnamh de gach saghas a thugann grúpaí difriúla sa tsochaí; iniúchadh orm féin is ar mo theaghlach
- *eolaíocht*: iniúchadh ar an gcaoi ina ngníomhaíonn an corp, comhpháirteanna i mbianna difriúla, próiseas fáis agus forbartha fisicí; ag foghlaim conas cúram a dhéanamh den imshaol
- *tíreolaíocht*: forbairt ar mhothú áite; iniúchadh ar shaincheisteanna áitiúla agus náisiúnta; forbairt ar léirtheiscint maidir le grúpaí difriúla náisiúnta, creidimh agus cultúrtha; ag foghlaim conas cúram a dhéanamh den imshaol
- *matamaitic*: ag léirmhíniú sonraí agus á gcur i láthair; tomhas agus meastachán; ag déanamh comparáide agus taifeadta; ag réiteach fadhbanna
- *amharcealaíona*: ag cruthú agus ag iniúchadh íomhánna agus pictiúr; ag cur smaointe, mothúcháin agus eispéiris i láthair i bhfoirm infheicthe; ag breathnú ar agus ag baint taitnimh as íomhánna san imshaol
- *corpoideachas*: ag roghnú foirne agus ag imirt cluichí ar bhealach cóir; tuiscint go bhfuil cleachtadh coirp

riachtanach chun sláinte agus folláine iomláine; forbairt scileanna agus buanna leithleacha; ag cur le féinmheas agus féinmhuinín; ag cur deiseanna ar fáil le haghaidh comhoibrithe agus idirghníomhaíochta; léirthuisicint ar thábhacht na sábháilteachta agus foghlaim conas gníomhú go slán

- *ceol*: ag úsáid ceoil chun giúmar agus mothúcháin a iniúchadh; tuiscint ar ról an cheoil inár gcultúr; iniúchadh ar an gceol mar fhoirm de chumarsáid uilíoch; forbairt ar fhéinléiriú agus ar mhothú folláine trí cheol; ag déanamh cinntí; ag glacadh le freagracht aonair agus grúpa trí chumadóireacht
- *drámaíocht*: ag úsáid drámaíochta chun mothúcháin a aithint agus a láimhseáil, foghlaim conas a bheith iontaobhach agus measúil faoi dhaoine eile i ngrúpa, taithí a fháil ar chaidreamh oscailte sláintiúil, urraim do dhifríochtaí i ndaoine a chothú agus cabhrú leis an bpáiste a m(h)eon a thuiscint agus a mhaolú.

Áirítear gnéithe eile i bpleanáil in OSPS sa seomra ranga

- *taithí an ranga go dtí seo*. Ní foláir an obair atá déanta i ranganna roimhe seo a mheas le linn clár ranga a ullmhú
- *an gá le freagairt do riachtanais athraitheacha shóisialta agus imshaoil*. Beidh tionchar ag riachtanais na bpáistí ar roghnú na dtopaicí; agus sa chás go mbíonn rogha laistigh de shnáitheanna, is féidir le múinteoirí rogha a dhéanamh atá bunaithe ar

riachtanais choitianta shóisialta agus imshaoil

- *cur chuige bíseach sa chlár*. Beidh sé riachtanach athchuart a thabhairt ar an ábhar ar bhealach pleanáilte comhsheasmhach lena dheimhniú go ndéanfaidh páistí iniúchadh ar shaincheisteanna atá oiriúnach dá n-aois is dá gcéim forbartha
- *difríocht leithleach*. In aon rang amháin beidh raon leathan de chumas, leibhéil spéise agus céimeanna aibíochta. Caithfidh déine an iniúchta sa chlár an éagsúlacht seo a chur san áireamh
- *ag aimsiú cothromaíochta*. In aon chlár atá forbartha don rang beidh sé riachtanach go n-aimseofar cothromaíocht idir forbairt scile, cothú luachanna agus dearcaidh agus gnóthú eolais
- *an gá atá le héagsúlacht cur chuige agus modhanna a úsáid*. Beidh sé riachtanach raon de chur chuige foghlama ghníomhaigh a úsáid le haghaidh cláir in OSPS a bheidh éifeachtach. Tá siad seo leagtha amach go mion ar leathanaigh 44–97.
- *tarluithe agus imeachtaí a d'fhéadfadh a thitimid amach sa seomra ranga*. Is féidir le tarluithe agus imeachtaí a thiteann amach go teagmhasach deiseanna foghlama a chur ar fáil. Tá gá le solúbthacht má tá saincheisteanna atá tábhachtach do na páistí le hiniúchadh agus an t-am agus aire a bheadh de dhíth orthu le tabhairt dóibh.

Cur chuige i bpleanáil na hoibre

Cuimsíonn an curaclam in OSPS trí shnáithe, *Mise*, *Mise agus daoine eile* agus *Mise agus an domhan mór*, atá fo-roinnte i raon de shnáithaonaid.

Is é atá sna snáithaonaid seo ná topaic nó líon de thopaicí atá gaolmhar leis an aonad. Tugann na cuspóirí agus na heiseamláirí i ngach snáithaonad treoir maidir leis na torthaí atá le haimsiú do na ceithre leibhéal sa bhunscoil.

Beartaítear go ndéanfaí freastal ar ghnéithe de gach ceann de na trí phríomhshnáithe in aon bhliain amháin. Ba chóir don mhúinteoir rogha a dhéanamh as topaicí nó

snáithaonaid laistigh de na snáitheanna ionas go mbeidh fáil ag an bpáiste ar chlár cuimsitheach in OSPS thar tréimhse de dhá bhliain. Ba chóir aon ghné den churaclam nach gclúdaítear i mbliain ar leith a áireamh nuair a eagraíonn an múinteoir an plean ranga don bhliain dar gcionn.

Tabharfaidh na leathanaigh le haghaidh phleanáil agus thoghadh ábhair as an gcuraclam in OSPS treoir don mhúinteoir chun rogha a dhéanamh as na snáithaonaid agus as an raon de chuspóirí ag gach leibhéal ranga. Leis an eolas seo déanfaidh sé/sí cinneadh maidir leis an méid ama atá ag teastáil chun déileáil go cuí le snáithaonad agus déanfaidh sé/sí forbairt dá réir ar an gclár ama.

Naíonáin shóisearacha go dtí rang 2

Mise

Féinaithne

Ag tabhairt aire do mo chorp

Ag fás agus ag athrú

Sábháilteacht agus cosaint

Mise

Féinaithne

Ag tabhairt aire do mo chorp

Ag fás agus ag athrú

Sábháilteacht agus cosaint

Ag déanamh cinntí

Mise agus daoine eile

Mise agus mo theaghlach

Mo chairde agus daoine eile

Caidreamh le daoine eile

Mise agus daoine eile

Mise agus mo theaghlach

Mo chairde agus daoine eile

Caidreamh le daoine eile

Mise agus an domhan mór

Ag forbairt saoránachta

Oideachas na meán cumarsáide

Mise agus an domhan mór

Ag forbairt saoránachta

Oideachas na meán cumarsáide

Tar éis an t-ábhar atá le déanamh i mbliain ar leith a roghnú, déanfaidh an múinteoir cinneadh maidir lena chur i gcrích sna trí chomhthéacs foghlama, is iad sin na cuspóirí a bhainfear amach san am ar leith don ábhar, i gcomhthéacs na n-ábhar léinn eile, nó sa dá cheann i gcomhcheangal lena chéile, agus conas athneartú agus forbairt a dhéanamh ar na cuspóirí seo i gcomhthéacs an tseomra ranga nó mheon agus atmaisféar na scoile.

Eiseamláirí

I gcás gach ceann de na cúig eiseamláir ar na leathanaigh seo a leanas:

- cuireann sé snáithaonad i láthair as an gcuraclam, ag aithint straitéisí chun timpeallacht thacúil sa seomra ranga a chruthú agus roinnt cur chuige teagaisc agus uirlisí oiriúnacha measúnaithe a imlíníú
- léiríonn sé conas snáithaonad, nó topaic laistigh de shnáithaonad, a iniúchadh le linn an ama ar leith don OSPS agus ar fud na n-ábhar léinn eile.

Eiseamláir 1

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp

Topaic laistigh den snáithaonad: bia agus cothú

Eiseamláir 2

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

Eiseamláir 3

Snáithaonad: Oideachas na meán cumarsáide

Snáithaonad nó topaic: Oideachas na meán cumarsáide

Eiseamláir 4

Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta

Topaic laistigh den snáithaonad: An pobal áitiúil

Eiseamláir 5

Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta

Topaic laistigh den snáithaonad: pobail Náisiúnta, Eorpacha agus níos forleithne

Cuirtear na heiseamláirí seo ar fáil le haghaidh léiriúcháin amháin agus níl siad réamhchinntitheach. Cabhróidh siad leis an múinteoir chun topaicí breise a phleanáil in aon cheann de na snáithaonaid.

Eiseamláir 1

Snáithaonad: Ag tabhairt aire do mo chorp

ranganna na naíonán

Bia agus cothú

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- bheith feasach maidir le tábhacht bia le haghaidh fáis agus forbartha
- roghanna bia agus a ról i réim chothrom bia a iniúchadh
- roinnt tréithe agus aicmí bia a phlé agus a iniúchadh
- tábhacht an tsláinteachais a thuiscint le linn bia a ullmhú le hithe.

Meon agus atmaisféar an tseomra ranga

In atmaisféar scoile nó seomra ranga a thacaíonn leis an aonad seo

- bíonn timpeallacht a chuireann le sláinte
- bíonn cód sláinteachais
- bíonn fáil ar uisce te agus go leor áiseanna sláinteachais
- bíonn bealach oiriúnach chun dramhaíl a chur de láimh
- bíonn clár corpoideachais do gach aon duine
- cuirtear deiseanna scíthe agus am ciúin ar fáil.

Cur chuige teagaisc

I measc na modhanna a d'fhéadfaí a úsáid tá

- ag úsáid gníomaíochtaí struchtúrtha súgartha chun
scileanna bunúsacha sláinteachais a chleachtadh
ithe béilí a léiriú agus sceanra in úsáid
béasa oiriúnacha a chleachtadh agus béile a ullmhú
- scéalta agus pictiúir
chun díospóireacht a sholáthar faoi conas an corp a choimeád sláintiúil agus folláin
- trialacha simplí
chun blas agus boladh a fháil ar tháirgí difriúla bia
chun an tionchar atá ag téamh agus fuarú a iniúchadh
chun comhdhéanamh bianna a iniúchadh
- ag cur obair i bpictiúir nó i gcolláis i láthair agus scríbhneoireacht bunaithe ar thorthaí.

Measúnú

Ar na teicnícíochtaí a d'fhéadfaí a úsáid tá

- breathnóireacht an mhúinteora
an teanga a úsáideann páistí, torthaí ar dhíospóireachtaí idir na páistí agus idir an múinteoir agus na páistí
- tascanna deartha ag an múinteoir
aicmiú ar bhia de réir datha, cáilíochtaí, roghanna, mar shláintiúil nó mhíshláintiúil
ag cleachtadh modhanna cearta chun fiacla a scuabadh
ag meaitseáil bianna lena bhfuaimheanna tosaigh
- measúnú bailiúchán oibre
léiriú ar roghanna bia nó pictiúir a cumadh ag úsáid bianna, léiriú ar bhianna sláintiúla agus míshláintiúla, moltaí chun an corp a choimeád sláintiúil, ag dearadh mionbhéile shláintiúil.

Topaic: Bia agus cothú

ranganna naíonán



Eiseamláir 2

Snáithaonad: Mo chairde agus daoine eile

ranganna 1 agus 2

Mo chairde agus daoine eile

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cairde pearsanta a phlé agus freisin an chúis a mbaineann sé/sí taitneamh as bheith leo
- cáilíochtaí agus scileanna atá bainteach le cairdeas a aithint, a iniúchadh agus a phlé
- an tslí ina mbeadh tionchar ag cairde ar ghníomhartha pearsanta agus ar chinntí a iniúchadh
- fios a bheith aige/aici conas déileáil le daoine le dínit is le meas
- iompraíocht bhulaíochta a aithint agus a iniúchadh, cé atá páirteach inti agus a tionchar ar dhaoine difriúla
- fios a bheith aige/aici go bhfuil bulaíocht i gcónaí míchóir, agus cad is ceart a dhéanamh má dhéantar bulaíocht air/uirthi nó má fheictear á déanamh ar dhaoine eile í

Meon agus atmaisféar an tseomra ranga

I scoil nó seomra ranga a thacaíonn leis an aonad seo

- tugtar deiseanna éisteacht le páistí agus dóibh sin labhairt agus éisteacht le daoine eile
- bíonn cumarsáid dhearfa ann ag gach leibhéal
- bíonn polasaí scoile ann faoi bhulaíocht
- cleachtar prionsabal an mheasa chómhalartaigh agus léirthisceana ar dhifríocht
- bíonn caidreamh tacúil ar fáil
- bíonn gníomhaíochtaí agus iompraíocht i gclós na scoile bunaithe ar chothromas agus cheart
- bíonn deiseanna ar fáil chun saothrú le chéile i ngrúpaí nó i mbeirteanna
- déantar iniúchadh ar shaincheisteanna ábharthacha de réir mar a éiríonn siad sa rang, mar shampla i gcás coimhlinte nó bulaíochta.

Cur chuige teagaisc

I measc na modhanna a d'fhéadfaí a úsáid tá

- gníomhaíochtaí drámaíochta, iniúchadh ar mhodhanna chun déileáil le coimhlint chomh maith leis na roghanna atá ar fáil
- iniúchadh ar phictiúir is ghrianghraif *iniúchadh ar dhifríocht*
- abairtí oscailte
- obair chiorclach
- scéalta agus dánta *iniúchadh ar chairdeas agus ar cháilíochtaí cairdis*
- cluichí comhoibreacha
- gníomhaíochtaí éisteachta
- rólghlacadh *cleachtadh cúirtéise agus dea-bhéasa le linn déileáil le daoine eile.*

Measúnú

I measc na dteicníochtaí a d'fhéadfaí a úsáid tá:

- breathnóireacht an mhúinteora *breathnóireacht neamhfhoirmiúil ar na páistí ag idirghníomhú lena chéile; an tslí ina gcomhroinneann agus a n-oibríonn siad le chéile mar ghrúpa; torthaí ar dhíospóireachtaí éagsúla; an tslí ina ndéanann páistí cumarsáid le chéile agus leis an múinteoir*
- tascanna agus trialacha a dhear an múinteoir *ag aithint cairde agus cáilíochtaí cairdis.*

Topaic: Mo chairde agus daoine eile

ranganna 1 agus 2



Eiseamláir 3

Snáithaonad: Oideachas na meán cumarsáide

ranganna 3 agus 4

Oideachas na meán cumarsáide

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na slite éagsúla inar féidir eolas a chraobhscaoileadh a iniúchadh agus foghlaim conas a bheith tuisceanach agus roghnach maidir leis an eolas, go háirithe i leith teanga, iompar, údaracht agus dearcadh
- plé agus iniúchadh a dhéanamh ar theilifís, raidió, fhíseáin, chluichí ríomhaire, an gréasán domhanda agus ríomhphost, agus meáin eile
- éirí feasach faoi fhógraíocht agus a haidhm agus a nádúr
- tosú ar chuid de na teicníochtaí a úsáidtear sa mhargaíocht agus san fhógraíocht a scrúdú
- cuid de na saincheisteanna a tharraingítear anuas go minic sna meáin a iniúchadh agus a scrúdú, mar aon leis an tslí ina léirítear iad agus cruinneas na léiriúchán seo

Meon agus atmaisféar an tseomra ranga

I scoil nó seomra ranga le hatmaisféar a thacaíonn leis an aonad seo

- beidh leabharlann ranga
- beidh líníochtaí agus póstaer agus fotheidil orthu mórthimpeall an tseomra ranga
- beidh achar taispeántais
- cuirfear díospóireacht na bpáistí faoi tharluithe agus imeachtaí laethúla sa nuacht chun cinn
- beidh raon de theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide ar fáil do na páistí
- misneofar na páistí chun a spéiseanna féin a iniúchadh.

Cur chuige teagaisc

I measc na modhanna a d'fhéadfaí a úsáid tá:

- ag déanamh anailíse ar phictiúir is ar ghrianghraif
- ag úsáid sleachta as teilifís, raidió agus físeáin
- ag déanamh anailíse ar cheannlínte agus ar fhotheidil
- ag cruthú agus ag dearadh fógraí agus teicníochtaí difriúla á n-úsáid
- ag iniúchadh scéalta agus sleachta as nuachtáin agus litríocht
- ag déanamh póstaer
- ag cumadh agus ag déanamh suirbhéanna.

Measúnú

I measc na dteicníochtaí a d'fhéadfaí a úsáid tá:

- breathnóireacht an mhúinteora
 - ag breathnú ar na scileanna criticiúla a úsáideann páistí;*
 - ag breathnú ar conas a dhéanann siad teagmháil leis na meáin agus cé chomh cúramach is atá siad ina roghanna*
- tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
 - ag cur raon de roghanna i láthair na bpáistí*
 - ag cur sonraí, nach foláir a chlárú, i láthair na bpáistí*
 - léirmhíniú ar shonraí*
 - ag déanamh suirbhéanna*
 - ag cumadh fógraí.*

Topaic: Na meáin chumarsáide


ranganna 3 agus 4

Am ar leith don OSPS

- ag iniúchadh gnéithe den saol a léirítear sna meáin chumarsáide
- ag meá roinnt de na saincheistean agus topaicí a tharraingítear anuas i ndrámáí, scannáin, nuachtáin agus cláir raidió a bhfuil tóir orthu
- ag iniúchadh an idirlín, ríomhphoist agus gnéithe eile de na meáin leictreonacha agus ag foghlaim conas iad a úsáid
- ag ceistiú agus ag anailísiú pictiúr agus grianghraf
- ag plé tionchar agus úsáid an cheoil, maisíochtaí fuaime, agus noda neamhlabharta i gclostéipeanna, físeáin agus míreanna scannán
- ag iniúchadh fógraí agus teicnícíochtaí fógraíochta
- ag dearadh fógraí i bhfoirmeacha difriúla agus á gcur i láthair

Drámaíocht

- ag cruthú a c(h)lár féin raidió nó teilifíse
- ag iniúchadh roinnt de na pearsana ón teilifís agus ón litríocht a bhfuil cur amach orthu ag na páistí
- ag cur agallamh agus ag taifeadadh páistí eile mar phearsana
- ag cumadh agus ag léiriú fógraí



Teanga

- ag cruthú agus ag iniúchadh fotheideal
- ag cur ceannlínte i gcomparáid agus i gcodarsnacht
- ag déanamh achoimre ar agus ag tabhairt tosaíochta do smaointe
- ag glacadh páirte i ndíospóireacht faoi leabhair: pearsana nó údair is ansa leo, plota, ceannfháthanna
- ag déanamh idirdhealú idir fírinne agus ficsean i meáin éagsúla
- ag iniúchadh roinnt den teanga atá á húsáid i bhfógraí

Stair

- ag cur ról na meán inniu i gcomparáid agus i gcodarsnacht le ré ár seanathreacha agus seanmháithreacha
- ag breathnú ar sheanghrianghraif, leabhair agus nuachtáin
- ag úsáid teicnícíochtaí na meán chun fionnachtana sa stair a chur i láthair

Ceol

- ag éisteacht le poirt aitheantais agus na focail agus an rithim i bpíosaí ansa ceoil
- ag iniúchadh conas ceol a úsáid chun giúmar agus atmaisféar a chruthú

Matamaitic

- ag rangú clár teilifíse in aicmí difriúla, ag úsáid pictéagram, barrachairteacha nó blocghraif
- ag clárú agus ag léirmhíniú sonraí atá bainteach le huaireanta a caitheadh ag féachaint ar an teilifís, ag imirt cluichí físeán, ag úsáid ríomhairí nó ag éisteacht leis an raidió

Eiseamláir 4

Snáithaonad: Forbairt saoránachta

ranganna 5 agus 6

Ag cónaí sa phobal áitiúil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- coincheap an ranga nó na scoile mar phobal a iniúchadh
- iniúchadh a dhéanamh ar roinnt traidisiún agus béaloidis áitiúil agus mothú mórtais as a p(h)obal féin a fhorbairt
- bealaí a chleachtadh chun saothrú le chéile agus chun mothú cumainn a fhorbairt
- ról an duine aonair agus grúpaí éagsúla sa phobal a aithint agus a thuiscint
- an cúnamh dearfa a thugann eagraíochtaí éagsúla, grúpaí pobail, grúpaí eitneacha agus daoine aonair don phobal áitiúil a aithint agus a iniúchadh
- an chúis a dtarlaíonn éagothromaíocht sa phobal áitiúil a iniúchadh agus moltaí a dhéanamh maidir le modhanna chun déileáil leis
- roinnt saincheisteanna a ndéantar imní díobh sa cheantar áitiúil a aithint agus gníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh chun déileáil leo a iniúchadh.

Meon agus atmaisféar sa seomra ranga

Cuireann atmaisféar scoile nó seomra ranga a thacaíonn leis an aonad seo le

- mothú cairdis trí ghníomhaíochtaí mar thionscadail cheolchoirm scoile, cheiliúradh éachtaí aonair, ranga agus scoile
- foghlaim agus teagasc i saghsanna difriúla grúpaí
- páirtíocht na bpáistí i bplé faoi rialacha ranga agus i ndéanamh cinntí
- próiseas daonlathach sa scoil agus sa seomra ranga araon
- forbairt ar fhreagracht aonair agus ghrúpa.

Cur chuige teagaisc

I measc na modhanna a d'fhéadfaí a úsáid tá:

- gníomhaíochtaí drámaíochta
cruinnithe pobail agus iniúchadh ar shaincheisteanna pobail
- ag úsáid pictiúr agus grianghraf
saincheisteanna difríochta, éagothromaíochta agus claontachta a iniúchadh
- gníomhaíochtaí grúpa
comhghreamú ghrúpa a fhorbairt agus scileanna chun oibriú le chéile
- obair chiorclach
díospóireacht faoi ghnéithe pobail
- tionscadail
iniúchadh ar ghnéithe éagsúla an tsaoil sa phobal áitiúil.

Measúnú

I measc na dteicníochtaí a d'fhéadfaí a úsáid tá:


- breathnóireacht an mhúinteora
torthaí ar chomhrá idir páistí agus idir páistí agus an múinteoir; ag breathnú ar idirghníomhaíocht ghrúpa agus ar na hábaltachtaí a léiríonn páistí le linn comhoibríthe le chéile
- tascanna deartha ag an múinteoir
ag obair le chéile ag aithint cáilíochtaí ceannais agus cumais ceannas: anailís chriticiúil ar phictiúir agus ghrianghraif
- samplaí d'obair páistí
liosta de rialacha sa seomra ranga iniúchadh ar ghrianghraf litir a chur chuig aire nó TD áitiúil ag lorg roinnt eolais nó ag déanamh gearáin.

Topaic: An pobal áitiúil

ranganna 5 agus 6

Am ar leith don OSPS

- ag déanamh scrúdú ar an gcabhair a thugann clubanna agus eagraíochtaí áitiúla do shaol an phobail
- ag aithint na n-áiseanna sa phobal atá ar fáil do ghrúpaí éagsúla, seanóirí, páistí óga, déagóirí
- ag déanamh iniúchta ar an gcabhair a d'fhéadfadh páistí a thabhairt do shaol an phobail
- ag déanamh iniúchta ar an gcabhair dhearfa a thug grúpaí difriúla eitneacha agus sóisialta do shaol an phobail áitiúil
- ag aithint ceannairí agus a rólanna sa phobal áitiúil



Tíreolaíocht

- ag aithint cuid de na foirgnimh thábhachtacha, gnéithe, áiseanna, páirceanna poiblí agus láithreacha oibre sa chomharsanacht
- ag foghlaim faoi dhaoine agus phobail a chónaíonn sa chomharsanacht agus ag tosú ar iad a léirthuiscint
- ag iniúchadh agus ag plé saincheiste áitiúil atá mar ábhar imní
- ag éirí feasach faoi ghnéithe nádúrtha sa chomharsanacht
- ag iniúchadh na bpríomhghnéithe sa timpeallacht atá foirgnithe, á scrúdú agus ag tosú ar iad a léirthuiscint
- ag iniúchadh agus ag scrúdú cuid de na gníomhaíochtaí tábhachtacha eacnamaíocha sa phobal áitiúil

Stair

- ag éirí eolach faoi ghnéithe de stair cluichí sa chomharsanacht
- ag iniúchadh gnéithe de na spéiseanna scíthe agus cluichí a bhí ag daoine sa chomharsanacht san am atá thart
- ag iniúchadh go gníomhach roinnt gnéithe den timpeallacht áitiúil
- ag déanamh scrúdú ar éagsúlachtaí agus cosúlachtaí áitiúla i stíleanna agus ábhair thógála
- ag déanamh staidéir ar fhorbairt na scoile áitiúla
- ag déanamh staidéir ar thréimhse i stair na háite
- ag éisteacht le daoine áitiúla ag insint scéalta faoin am atá thart
- ag bailiú bailéad áitiúil, scéalta agus traidisiúin atá bainteach le himeachtaí áitiúla sa stair

Eiseamláir 5

Snáithaonad: Ag forbairt saoránachta

ranganna 5 agus 6

Pobail náisiúnta, Eorpacha agus níos forleithne

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éirí feasach faoi ghnéithe a (h)oidhreachta cultúrtha agus a t(h)raidisiúin féin
- tús a chur le hiniúchadh ar choincheap an daonlathais
- aitheantas agus admháil a thabhairt do ghrúpaí éagsúla cultúrtha, reiligiúnda, eitneacha agus eile sa phobal, agus modhanna a iniúchadh ina bhféadfaí urraim a thabhairt do na difríochtaí seo
- éirí feasach faoi roinnt de na cultúir, nósanna maireachtála agus teangacha i gcuid de na tíortha san Aontas Eorpach agus ar an domhan i gcoitinne
- iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí ceart agus síocháin a chur chun cinn idir dhaoine agus idir ghrúpaí ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta
- dáileadh éagothrom ar acmhainní an domhain a aithint agus tosú ar a thuiscint.

Meon agus atmaisféar an tseomra ranga

In atmaisféar scoile nó seomra ranga a thacaíonn leis an aonad seo

- spreagtar agus éascaítear comhpháirtíocht i bhféilte agus i gceiliúradh náisiúnta
- soláthraítear deiseanna le haghaidh foghlama agus teagaisc i measc saghsanna difriúla grúpaí
- spreagtar úsáid chuimsitheach teanga agus cleachtais
- freastalaítear ar an bpróiseas daonlathach sa scoil agus sa seomra ranga araon
- forbraítear ar fhreagracht leithleach agus ghrúpa
- cothaítear cuimsitheacht agus cuirtear fáilte roimh dhaoine as cultúir agus náisiúntachtaí éagsúla.

Cur chuige teagaisc

I measc na modhanna a d'fhéadfaí a úsáid tá

- pictiúir agus grianghraif a úsáid
ag iniúchadh saincheisteanna difríochta, éagothromaíochta agus leithcheala
- tionscadail
ag iniúchadh nósanna maireachtála i dtíortha eile, saincheist éagóra nó inní sa phobal náisiúnta
- scríbhneoireacht chruthaitheach
dúchas Gaelach, ag scríobh chuig páistí i dtíortha eile
- teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide
ag fáil eolais atá thuas chun dáta ar an Aontas Eorpach
- cuairteoirí
ag tabhairt cuireadh do dhuine éigin as cultúr difriúil labhairt leis an rang
- suirbhéanna
ag aithint dearcadh i leith nósanna maireachtála atá aistritheach agus athraitheach.

Measúnú

I measc na dteicníochtaí a d'fhéadfaí a úsáid tá

- breathnóireacht an mhúinteora
torthaí ar chomhráite idir pháistí agus idir páistí agus múinteoir, ag breathnú ar idirghníomhaíocht ghrúpa agus ar na slí ina gcaitheann páistí lena chéile
- tascanna deartha ag an múinteoir
anailisiú ar ghrianghraif cur i láthair i dtaca le tionscadail, ag ullmhú ceisteanna le cur ar chuairoteoir, ag seoladh cuireadh chuig cuairteoir teachtaireacht ríomhphoist a scríobh ag lorg eolais ar thopaic le spéis náisiúnta
- samplaí oibre na bpáistí
litreacha, sleachta as tionscadal, manaí i bpictiúr ag cur cothromaíocht chun cinn, dán a scríobh chuig páiste i dtír eile.

Topaic: Pobail náisiúnta, Eorpacha agus níos leithne

ranganna 5 agus 6

Am ar leith don OSPS

- ag iniúchadh gnéithe a (h)oidhreachtá cultúrtha féin mar aon leis na rudaí a chuireanna lena d(h)úchas náisiúnta
- ag foghlaim faoi ról toghcháin, an Uachtaráin, an Oireachtais agus an Bhunreachtá
- ag foghlaim faoi ghnéithe de bheatha daoine a chónaíonn san Eoraip nó in áiteanna eile ar domhan
- ag déanamh iniúchta ar an gcúnamh dearfa a thug grúpaí éagsúla sóisialta agus eitneacha don sochaí
- ag iniúchadh difríochtaí sa tsochaí agus conas mar is féidir cur in aghaidh claontachta agus leithcheal
- ag iniúchadh gnéithe den saol atá ag daoine ar fud an domhain, mar spórt agus ceol

Na hamharcealaíona

- ag cruthú íomhánna d'Éirinn trí mheáin éagsúla
- ag breathnú ar agus ag labhairt faoi shamplaí de fhoirgnimh atá uathúil in Éirinn agus i dtíortha san Aontas Eorpach
- ag breathnú ar agus ag labhairt faoi obair ealaíontóirí as Éirinn agus tíortha eile araon

Pobail náisiúnta, Eorpacha agus níos leithne

Ceol

- ag éisteacht le stíleanna agus traidisiúin cheoil Ghaelaigh agus ag tabhairt cuntais orthu
- ag aithint uirlisí traidisiúnta
- ag casadh amhrán oiriúnacha i nGaeilge agus i mBéarla araon
- ag iniúchadh roinnt stíleanna ceoil atá dúchasach i dtíortha eile
- ag foghlaim roinnt amhrán tíre de chuid tíortha ar fud an domhain

Tíreolaíocht

- ag éirí feasach faoi chomhpháirtíocht na hÉireann in eagraíochtaí fóirithinte
- ag éirí feasach faoi na grúpaí éagsúla cultúrtha, reiligiúin agus teanga in Éirinn
- ag iniúchadh agus ag plé saincheiste náisiúnta nó domhanda pé acu ceist imshaoil nó ceist shóisialta í

Stair

- ag iniúchadh miotas agus finscéalta as cúlraí difriúla cultúrtha agus reiligiúnacha in Éirinn
- ag foghlaim faoi bheatha daoine éagsúla le linn tréimhsí difriúla in Éirinn
- an snáithe ar pholaitíocht, choimhlint agus an tsochaí a iniúchadh

Teanga

- ag cleachtadh scileanna éisteachta
- ag glacadh le huainíocht sa chaint
- ag léamh miotas, finscéalta agus béaloidis de chuid na hÉireann
- ag plé a f(h)reagairt ar imeachtaí náisiúnta le daoine eile
- ag cothú léirtheisceana ar ár dteanga náisiúnta

*Tá a lán slite difriúla
ann chun páistí a chur
ag foghlaim*



Roinn 5

Cur chuige agus modhanna teagaisc

Cur chuige agus modhanna teagaisc

Foghlaim ghníomhach

- is próiseas í
- is féidir léi tarlú le páistí aonair nó le grúpaí
- bíonn páistí gafa léi ag leibhéil dhifriúla
- spreagann sí gníomh
- cuireann sí páistí i gcroílár an phróisis fhoghlama
- cuireann sí dualgas ar an múinteoir an obair a threorú agus a stiúru
- éilíonn sí atmaisféar muiníne agus tacaíochta

Tá an cur chuige agus na modhanna teagaisc atá in úsáid in OSPS cinntitheach maidir le héifeacht an chláir. Cé gur féidir roinnt de chuspóirí an churaclaim a bhaint amach tríd an modh díreach, tá an bhéim in OSPS ar fhoghlaim ghníomhach. Nuair a thugtar deiseanna do pháistí a bheith gafa go ghníomhach ina gcuid foghlama ag anchuid leibhéal difriúil, is mó an seans

- go bhfaighidh siad taithí ar agus go n-aimseoidh siad an fhoghlaim dóibh féin
- go gcuirfidh siad bríonna nua le chéile, agus go sealbhóidh siad tuiscint nua
- go nglacfaidh siad le freagracht fhorásach ar a gcuid foghlama féin
- go mbainfidh siad a gciall féin as an bhfoghlaim agus go mbeidh tuiscint dhomhain acu ar an méid atá foghlamtha acu
- go n-éireoidh siad níos criticiúla agus níos grinne
- go n-éireoidh leo an fhoghlaim a chur i bhfeidhm ar shuímh dhifriúla.

Príomhthréithe na foghlama gníomhaí

Is é an príomhcur chuige teagaisc agus foghlama a mholtar don OSPS ná foghlaim ghníomhach. Éilíonn sí ar pháistí páirt ghníomhach a ghlacadh ina bhfoghlaim in a lán bealaí éagsúla, agus sa tslí sin, méadaíonn sí ar fhéidearthacht na tuisceana agus ar bheith in ann an fhoghlaim a úsáid ina ngnáthshaol laethúil. Cuidíonn foghlaim ghníomhach go suntasach le

cothú féinmhuiníne, féinmächta agus féiniompar san fhoghlaim.

- *Is próiseas í an fhoghlaim ghníomhach.* De réir mar a ghlacann páistí páirt thuisceanach ina bhfoghlaim féin bíonn siad gafa i bpróiseas inar féidir leo tosú ón méid atá ar eolas cheana féin, féidearthachtaí a iniúchadh, ceistiú, teacht ar chonclúidí agus machnamh ar thorthaí. Tá sé riachtanach go dtugtar an deis do pháistí dul chun cinn a dhéanamh trí na céimeanna éagsúla den phróiseas i dtreo gur féidir leo ciall a bhaint as an bhfoghlaim dóibh féin agus ceangail nua a dhéanamh.
- *Is féidir leis an bhfoghlaim ghníomhach tarlú le páistí aonair nó le grúpaí agus le gach aoisghrúpa.* Is féidir le páistí a bheith gafa go ghníomhach ina bhfoghlaim agus iad ag obair go neamhspleách nó, ar an taobh eile, de réir mar a bhíonn siad ag idirghníomhú agus ag foghlaim óna gcomhdhaltaí. In OSPS beidh béim ar leith ar ghníomhaíochtaí grúpaí beaga ach ag aithint san am céanna go mb'fhéidir gur oiriúnaí ar uairibh an ghníomhaíocht aonair chun an cuspóir atá idir lámha a bhaint amach. Is féidir le foghlaim ghníomhach tarlú ag gach leibhéal ranga sa scoil: ranganna naíonán ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí súgartha struchtúrtha agus ag láimhseáil ábhar i ngach gné den churaclam; ardranganna ag machnamh go criticiúil ar íomhána na meán agus ag cruthú scéalta nuachta.

- *Bíonn páistí gafa leis an bhfoghlaim ghníomhach ag leibhéil dhifriúla. Is féidir le páistí a bheith gafa ina bhfoghlaim ag an leibhéal fisiceach trí thaithí dhíreach ar nós déanamh, tógáil agus dearadh nó gan ach seasamh suas nó malartú áite mar thoradh ar leid. Is féidir leo a bheith páirteach ag leibhéal an mhothúcháin nuair a dhéanann siad iniúchadh ar a mothúcháin i leith topaice sonraí, nuair a thugann siad buille faoi thuairim nó nuair a bhíonn siad ag tuairimíocht. Ach is gá gníomhú ag leibhéal cognaíoch chun a bheith ag anailísiú, ag ceistiú, ag machnamh, ag idirbheartú nó ag achoimriú. Ba cheart deiseanna a thabhairt do pháistí páirt ghníomhach a ghlacadh ina bhfoghlaim ag na leibhéil éagsúla seo chun inspreagadh a ardú agus chun tuiscint a uasmhéadú.*
- *Spreagann an fhoghlaim ghníomhach gníomh. De réir mar a ghlacann páistí páirt i ngníomhaíochtaí, foghlaimíonn siad conas an fhoghlaim a aistriú go suímh a dtagann siad orthu ina saol laethúil agus go dtí na breithiúnais agus na roghanna a dhéanann siad. Tá tionchar suntasach ag an bhfoghlaim ghníomhach i gcuidiú le páistí teachtaireachtaí a bhaineann le sláinte a fháil agus iad seo a chur i ngníomh ina saol féin. Mar an gcéanna, de réir mar a fhoghlaimíonn siad brí na saoránachta spreagtar iad chun aghaidh a thabhairt ar bheith ina rannpháirtithe gníomhacha ina bpobail féin.*
- *Cuireann foghlaim ghníomhach páistí i gcroílár an phróisis fhoghlama. Ba cheart go mbeadh oiread gaoil agus is féidir ag ábhar na ngníomhaíochtaí atá le húsáid sa seomra ranga leis an timpeallacht agus le saol na bpáistí. Cinnteoidh sé seo go bhfuil saincheisteanna a ndéantar iniúchadh orthu bainteach agus gaolmhar le taithí an pháiste féin.*
- *Cuireann foghlaim ghníomhach dualgas ar an múinteoir an obair a threorú agus a stiúru. Tá ról an mhúinteora ríthábhachtach i bpróiseas gníomhach na foghlama. Is gá don mhúinteoir feidhmiú mar threoraí, mar éascaitheoir agus mar fhoinsé ag tabhairt éagsúlacht deiseanna oiriúnacha do pháistí chun a bheith páirteach ina bhfoghlaim féin. Ba chóir don mhúinteoir freisin bheith i gcónaí á spreagadh chun brí a thógáil agus chun ceangail a dhéanamh dóibh féin. Is é/í an múinteoir ranga a shocróidh conas na ngníomhaíochtaí a eagrú agus a shocróidh doimhne an iniúchta agus leibhéal an cheistiúcháin agus an mhachnaimh chriticiúil. Beidh an múinteoir freagrach freisin as raon leathan straitéisí a sholáthar chun freastal ar riachtanais páistí ar leith agus chun cuidiú leis na páistí uile taithí a fháil ar rath áirithe.*
- *Is gá atmaisféar muiníne agus tacaíochta don fhoghlaim ghníomhach. Beidh an fhoghlaim ghníomhach is éifeachtaí ar fad ann nuair a tharlaíonn sé in atmaisféar muiníne agus solúbthachta. Is gá go mbraithfeadh páistí sábháilte nuair a*

In OSPS tá béim faoi leith ar pháistí ag obair le chéile.

nochtann siad a dtuairim féin, agus a fhios acu go bhfuil meas orthu mar dhaoine aonair, agus go bhfuil a mbarúlacha luachmhar agus go gcuirtear san áireamh iad.

In OSPS tá béim faoi leith ar pháistí ag obair le chéile. Bheadh saghsanna difriúla d'idirghníomhaíocht ghrúpa mar chuid de seo, mar shampla obair i gcomhar i ngrúpaí beaga nó móra, gníomhaíochtaí struchtúrtha súgartha sna ranganna naíonán nó gníomhaíochtaí foghlama comhoibritheacha i mbeirteanna agus i dtriúir. Is féidir le foghlaim i ngrúpa cuidiú le páistí

- mothú cuspóra chomhpháirtigh a fhorbairt agus sprioc choiteann a bhaint amach trí úsáid a bhaint as buanna iomadúla laistigh den ghrúpa
- scileanna teanga a fhorbairt agus a chleachtadh
- raon leathan de scileanna idirphearsanta a fhorbairt agus ceannas, cumarsáid, tiomnú údaráis agus bainistíocht ama san áireamh
- gníomhú mar aonad sóisialta agus foghlaim lena chéile
- inghlacthacht ar a chéile a fhorbairt agus meas a thabhairt do dhifriúlaí daoine ar leith, trí léirthuisicint ar thuairimí eile a fhoghlaim, trí éisteacht le daoine eile agus, ar ócáidí, trí ghéilleadh do chuspóirí leithleacha ar son claonadh i bhfabhar aidhm níos leithne an ghrúpa
- mothú daonlathais a fhorbairt sa rang, á spreagadh chun a

gcaidreamh leo siúd atá de ghnáth lasmuigh de chiorcal a gcairde a leathnú

- ardscoilanna smaoinimh a fhorbairt mar cheisteanna ábharthacha a chur, fhadhbanna a réiteach ar bhealaí difriúla, theacht ar thátail agus chinntí eolacha a dhéanamh
- a bheith freagrach agus mothú freagrachta a fhorbairt thar ceann foghlama i ndaoine eile chomh maith lena bhfoghlaim féin.

Bíonn an obair ghrúpa is éifeachtaí ann nuair a bhíonn páistí roinnte ina mbeirteanna agus a dtriúir, go háirithe sna blianta tosaigh ar scoil. De réir mar a théann siad i dtáthail ar chleachtas ghrúpa beidh siad in ann gníomhú go héifeachtach i ngrúpaí níos mó.

Ní tharlaíonn torthaí dearfa foghlama go huathoibríoch toisc go mbíonn páistí ina suí gar dá chéile: éilíonn foghlaim éifeachtach ghrúpa córas bainisteoireachta cumasach sa seomra ranga mar aon le forbairt ar raon leathan de scileanna foghlama agus sóisialta.

Beidh próisis ghrúpa sa rang níos éifeachtaí

- *má thugtar isteach iad go luath agus le linn tréimhse.* Ní foláir am a chur ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar na scileanna atá ag teastáil ó pháistí chun páirt éifeachtach a ghlacadh i ngrúpaí agus cuirfear go mór leo má chleachtar iad ag an aois is óige. Bíonn gá le scileanna uainíochta, éisteachta, nochtadh agus taifeadh a dhéanamh ar smaointe agus teacht ar chomhréitigh chun go mbeadh foghlaim ghrúpa éifeachtach

- *má dháiltear rólanna ar gach ball den ghrúpa.* Is bealach úsáideach é chun fíorfhoghlaim chiallmhar a chur chun cinn i ngrúpa ról suntasach a thabhairt do gach ball den ghrúpa. Deimhníonn ról áirithe go gcabhróidh gach páiste leis an bpróiseas foghlama agus go mbraithfidh an toradh ar obair chomhoibritheach an ghrúpa iomláin. Ba chóir go mbeadh éagsúlacht sna rólanna seo ag brath ar riachtanais na bpáistí, a dtaithí ar fhoghlaim ghrúpa agus nádúr na gníomhaíochta
- *má dhéantar athbhreithniú rialta ar an bpróiseas.* Caithfidh an múinteoir monatóireacht rialta a dhéanamh ar an mbealach ina bhfuil foghlaim ag tarlú sna grúpaí, lena chinntiú go bhfuil páistí ag baint tairbhe as an bpróiseas agus go bhfuil na cuspóirí á mbaint amach. Beidh dearcadh agus tuairimí na bpáistí riachtanach don phróiseas seo, mar aon le breathnóireacht neamhfhoirmiúil an mhúinteora.

Roinnt straitéisí a mholtar

Léiríonn na heiseamláirí ar na leathanaigh seo a leanas raon de straitéisí a spreagann an páiste le bheith ina g(h)níomhaire beo ina c(h)uid foghlama féin. Tá cuid díobh sin atá léirithe oiriúnach chun eolas a shealbhú, cuid eile chun tuairimí agus dearcadh a iniúchadh, agus cuid eile fós chun scileanna a fhorbairt agus a chleachtadh.

Is féidir le múinteoirí straitéis ar leith a roghnú, ag brath ar chuspóirí an cheachta, riachtanais agus leibhéal ábaltachta na bpáistí agus na hacmhainní atá ar fáil.

Tá solúbthacht agus éagsúlacht cinntitheach maidir le húsáid aon cheann de na straitéisí seo. D'fhéadfaí ceist oscailte a chur mar thús leis an gceacht agus d'fhéadfaí leanúint uaidh seo trí na páistí a spreagadh chun pictiúr a iniúchadh, mar shampla. Chríochnódh an ceacht b'fhéidir le páistí ag ullmhú liosta de straitéisí chun déileáil leis na saincheistanna os a gcomhair. Is féidir formhór na dteicníochtaí a mholtar a úsáid le gach aoisghrúpa.

Tá ceangail shoiléire le haghaidh comhtháthú le hachair áirithe léinn in an-chuid de na heiseamláirí ar na leathanaigh seo a leanas. Cabhróidh sé seo le múinteoirí chun an úsáid is éifeachtaí d'fhoghlaim ghníomhach in OSPS agus laistigh d'ábhair léinn eile a phleanáil agus a eagrú.

I measc na straitéisí atá imlínithe sa roinn seo tá:

- *gníomhaíochtaí drámaíochta*
- *cluichí comhoibritheacha*
- *pictiúir, grianghraif agus amharciómhánna*
- *díospóireacht*
- *gníomhaíochtaí scríbhneoireachta*
- *na meáin agus teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide*
- *ag breathnú ar obair páistí.*

Gníomhaíochtaí drámaíochta

Cuireann an drámaíocht suímh ghníomhacha foghlama ar fáil a dhéanann iniúchadh ar chaidreamh daonna, ar iompraíocht agus ar imeachtaí. Trí dhrámaíocht cuireann páistí na mothúcháin atá acu faoi láthair, a dtuiscint agus a gcuid eolais in iúl, agus stiúrtar iad i dtreo mothúcháin nua, tuiscint nua agus eolas nua. Tarraingíonn an drámaíocht an páiste isteach i bpróiseas atá sultmhar, gníomhach agus gaolmhar go hintreach lena (h)eispéireas súgartha go dtí seo agus le foirmeacha eile d'iompraíocht idirghníomhach agus aithriseach.

Is féidir le húsáid na drámaíochta mar mhodheolaíocht cuidiú le méadú féinmheasa agus féinmhuiníne a bhaint amach trí dheiseanna a thabhairt do pháistí dul i bhfiontar agus a gcuid smaointe féin a thástáil. I rith na ngníomhaíochtaí tugtar mothú smachta do na páistí ar a mbeatha féin, de réir mar a fhoghlaimíonn siad conas cinntí a dhéanamh, fadhbanna a réiteach agus freagraí a chruthú i suímh shábháilte gan bhagairt. Is féidir an drámaíocht a úsáid go héifeachtach chun iompraíocht chuí shóisialta a chothú trí iniúchadh a dhéanamh ar shuímh dhifriúla shóisialta, trí mhothúcháin a chur in iúl, trí thuairimí a thabhairt agus trí fhíoréisteacht le daoine eile nó bheith páirteach i gcruinnithe grúpa.

Trí dhrámaíocht cabhraítear le páistí brí a bhaint as an saol mórthimpeall orthu agus iad féin agus a gcuid iompraíochta i dtaca le hiompraíocht daoine eile a thuiscint. Nuair a theilgeann páistí iad féin isteach i suíomh áirithe glacann siad dearcadh agus iompraíocht chucu féin nach dá gcuid féin iad i gcónaí. Tugann rólghlacadh leis dóibh a bheith feasach faoi chuid d'éilimh an ról sin san fhíorshaol inar féidir leo rud éigin a fhoghlaim faoin duine, faoin suíomh agus faoin bhfadhb atá i gceist.

Is féidir le gníomhaíocht dhrámata tarlú i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga nó móra.

San áireamh i ngníomhaíochtaí beirte tá

- ag déanamh gearáin
- réiteach coimhlinte
- stiúradh agallaimh
- míniú a thabhairt
- ag déanamh comhrá teileafóin.

San áireamh i ngníomhaíochtaí grúpa tá

- iniúchadh ar fhreagraí i leith suímh dhifriúla
- ócáidí teaghlaigh, mar shampla ag ithe le chéile
- gníomhaíochtaí éisteachta-labhartha-bhreathnaithe
- forbairt ar scileanna ceistiúcháin.

San áireamh i ngníomhaíochtaí ranga tá

- cúirt fhiosraithe
- cruinniú ranga
- preasagallamh
- triail.



Is féidir leis an múinteoir treoir agus fócas a thabhairt d'obair grúpa mhóir.

Léiríonn na heiseamláirí sa bheagán leathanach seo a leanas conas mar is féidir gnéithe éagsúla den ábhar in OSPS a iniúchadh trí úsáid a bhaint as raon de straitéisí drámaíochta. Déantar cur síos mion ar na straitéisí seo agus ar an gcaoi a bhféadfaí forbairt a dhéanamh orthu sna treoirlínte do mhúinteoirí le haghaidh drámaíochta.

Eiseamláir 1

Gníomhaíochtaí drámaíochta

ranganna naíonán

Cuspóir: a chur ar chumas páistí páirt a ghlacadh i réiteach faidhbe agus sealbhú teanga a mhéadú.

- Pléann an múinteoir an pictiúr leis na páistí.
- *Seiftíonn* páistí an suíomh leis an múinteoir mar chuid den ghrúpa.
- *Socraigh* cé acu stríoc atá le dathú acu agus cén fáth.
- Déan *mím* ar ghníomhaíochtaí éagsúla.
- *Ar lorg na smaointe*: Stad tamall agus déan iniúchadh ar fhreagairt agus mhothúcháin ag an bpointe seo.
- *Aithris*: Cuireann an múinteoir an scéal chun tosaigh trí roinnt sonraí breise a aithris dóibh.
- *Pléigh* leis na páistí agus iad sa ról má tá siad misniúil go leor chun dul go dtí an caisleán agus aghaidh a thabhairt ar an bhfathach. Déan iniúchadh ar a mbeadh le rá acu agus ar cé a labhróidh ar a son.
- Déanann na páistí *mím* agus na píosaí á bhfillleadh go han-chúramach acu.
- Déan *plé* faoi cad a chuirfí sa litir, agus scríobh amach í chun go bhfeice na páistí í.
- Déan *mothú teannais* a chruthú nuair a bhíonn na páistí ag fágáil an chaisleáin. Déan iniúchadh leis na páistí ar shlite ina bhféadfaidís an bogha báistí a dheisiú.
- *Diospóireacht* ranga.

Céim 1

Le pictiúr de bhogha báistí faigh amach cad é atá ann agus cathain a d'fheicfidís é dar leis na páistí.

Céim 2

Abair leis na páistí go gcónaíonn siad i sráidbhaile faoi bhun bogha báistí, a fheiceann siad aon uair a fhéachann siad suas sa spéir. Is é a ngnó é a choimeád in ord ceart, agus mar sin, ar an lá seo tá siad amuigh ar a ndrémirí ag péinteáil stríoca dá rogha féin. Misnigh iad gan ligean don phéint sileadh agus fanacht laistigh de na línte. Tá dea-bhail ar an mbogha báistí, mar sin is féidir leo dul ar a saoire. Nuair a bhíonn siad críochnaithe luíonn na páistí síos agus téann siad a chodladh.

An mhaidin dar gcionn téann siad amach agus feiceann siad go bhfuil an bogha báistí lán de phoill. Tá díomá ar na páistí agus an-ionadh freisin. Tá dealramh ar an scéal nach mbeidh siad in ann a dhul ar saoire. Tá cruthanna de gach saghas ar na poill; cearnóga, dronuilleoga, ciorcail, triantáin. Cad is féidir leo a dhéanamh?

Nuair a fhéachann siad síos feiceann siad coiscéim ollmhór. Tá píosaí tógtha as an mbogha báistí ag an bhfathach. Nuair a fhéachann siad suas an cnoc, mar a bhfuil an caisleán, feiceann siad cuid de na cruthanna atá gearrtha amach ar crochadh ar líne lasmuigh den chaisleán.

Taistealaíonn siad go dtí an caisleán, agus ar dhul isteach dóibh thar an droichead tógála feiceann siad an fathach ag déanamh ullmhúcháin le haghaidh cóisire, agus tá sé ag baint úsáide as cuid de na gearrthóga mar bhratacha ildaite timpeall an tseomra agus cinn eile fós mar naipcíní boird do na haíonna. Athghabhann na páistí seilbh ar na píosaí éadaigh, filleann siad iad go cúramach, agus fágann siad litir ag míniú cén fáth ar thóg siad na píosaí ar ais.

Ansin éalaíonn siad amach as an gcaisleán go tapa i dtreo is nach mbuailfidh siad leis an bhfathach. Nuair a fhilleann siad ar an sráidbhaile deisíonn siad an bogha báistí i dtreo is go mbeidh siad in ann dul ar saoire.

Céim 3

Ag eascirt as an scéal déanann an múinteoir machnamh i bhfochair na bpáistí ar an gcaoi ar réitigh siad an fhadhb agus déanann sé/sí iniúchadh ar aon saincheist a tháinig as. Cad a tharlódh dá dtiocfadh an fathach i láthair sa seomra nó dá mbrisfeadh troid amach nuair a bhí na páistí ag deisiú an bhogha báistí?

Eiseamláir 2

Gníomhaíochtaí drámaíochta

ranganna 1 agus 2

- Éistean na páistí go han-chúramach leis an sliocht.
- *Múinteoir sa ról*
Insint an mhúinteora: Forás ar an scéal ar bhealach srianta. Is féidir le páistí *mím* a dhéanamh ar chuid de na cluichí a bheadh á n-imirt ag páistí faoin aer lá brothallach.
- Cruthaíonn na páistí *pictiúr neamhbheo*, ag léiriú aincheist an chailín bhig. Díospóireacht ghrúpa.
- *Grúpa iomlán sa ról.*
- Cuir *teannas* ar fáil sa scéal.
- Is féidir le páistí aonair *ról* an lucharacháin bhig a imirt.
- *Imríonn* na páistí an scéal idir an lucharachán agus an buachaill beag *i mbeirteanna*, ag déanamh iniúchadh ar an teanga a d'fhéadfaí a úsáid agus ar na roghanna atá ar fáil.
- *Díospóireacht ranga* lasmuigh den dráma, ag déanamh iniúchadh ar ghnéithe difriúla sa scéal.



'Cá bhfuil bonn mo sheanathar?'

Cuspóir: a chur ar chumas páistí foghlaim conas socrú a dhéanamh, éisteacht le chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile

Céim 1

Éistean na páistí i gcorcal le sleachta as 'Peadar agus an Mac Tíre' nó a leithéid de phíosa ceoil a chruthaíonn mothú lá samhraidh agus bheith lasmuigh. Déan mionscrúdú ar an gceol leis na páistí, ag fáil amach uathu cad a chuireann sé in iúl, cén láthair ina mbeadh sé, cé atá ann agus conas a bhraitheann siad.

Céim 2

Glacann an múinteoir le ról páiste ag déanamh na bhfolachán le cairde i gcoill áitiúil lá samhraidh. Thug seanathair an chailín seanbhonn di, agus thug sí isteach é le taispeáint dá cairde uile. Nuair a bhí siad ag fágáil chun dul abhaile thug an cailín faoi deara go raibh an bonn ar iarraidh. Ní fhéadfadh sí filleadh abhaile gan é. Cad a bhí le déanamh aici?

Céim 3

Cuir cosc leis an scéal agus déan mionscrúdú leis na páistí faoi na roghanna a bheadh ar fáil.

Céim 4

Cuardaíonn na páistí an bonn cailte i gach áit. Nuair atá siad ag cuardach sa choill misnigh iad na fuaimeanna a bheadh le cloisteáil acu a aithint, mar shampla ceiliúr na n-éan, siosarnach na nduilleog nó díoscán rotha cairte. Tar éis tamaill cloiseann siad duine éigin ag caint. Tá an duine rófhada uathu chun na focail a thuiscint, agus níl a fhios acu cé a bheadh ann; mar sin caithfidh duine éigin éalú sa treo sin agus éisteacht agus faire a dhéanamh. Cleachtann na páistí siúlóid chiúin agus éisteacht. Cloiseann siad lucharachán ag comhaireamh a chuid airgid agus ag canadh dó féin.

Glacann duine de na páistí leis an dualgas dul agus labhairt leis an lucharachán. Míníonn seisean gur tháinig sé ar an mbonn agus mar sin gur leis é. Téann go leor daoine as a stuaim féin lena áiteamh ar an lucharachán a aigne a athrú. Ar deireadh áitíonn buachaill beag ciúin amháin ar an lucharachán an bonn a thabhairt ar ais, agus filleann na páistí abhaile.

Céim 5

Éiríonn na páistí as an dráma agus déanann siad iniúchadh le chéile ar ghnéithe difriúla an scéil. Mar shampla, ar chóir go mbeadh an bonn i seilbh an pháiste? Cén fáth nár theastaigh ón lucharachán é a thabhairt ar ais? Conas ar áitigh an buachaill beag air? Ar chóir pionós a chur ar an gcailín? Conas a chabhraigh a cairde léi? Ar chóir go labhródh na páistí leis an lucharachán sa choill?

Obair leathnaithe

Iarr ar na páistí a gcuntas féin den scéal a scríobh agus an toradh a d'fhéadfadh a bheith air nuair a d'fhill an buachaill beag abhaile.

Nó de rogha air sin, d'fhéadfadh siad insint agus clárú a dhéanamh ar a leithéid de chás ina mbeadh idirbheartaíocht agus áiteamh ag teastáil.

Eiseamláir 3

Gníomhaíochtaí drámaíochta

ranganna 3 agus 4

- Is féidir leis an múinteoir straitéisí éagsúla a chur os comhair na bpáistí d'fhonn coimhlint a réiteach, agus is féidir cuid díobh seo a dhrámatú i mbeirteanna nó i ngrúpaí i dtreo is go dtuigfidh páistí conas mar a oibríonn siad.
- *Díospóireacht* i mbeirteanna faoi ábhar an phictiúir trína n-aithníonn na páistí nádúr na coimhlinte, cé atá páirteach inti agus an tráth inar rinneadh an pictiúr.
- *Seiftiú i mbeirteanna*
- *Íomhá neamhbheo*. Cuireann na páistí cosc leis an ngníomhú ag pointe áirithe d'fhonn am a chur ar fáil chun a mothúcháin a nochtadh agus aon smaoineamh a bheadh acu ag an am sin a rianú.
- Fad is a bhíonn na páistí *ag plé* a gcuid smaointe is féidir leis an múinteoir gluaiseacht i measc na mbeirteanna agus cabhair a sholáthar dóibh siúd a mbeadh treoir de dhíth orthu.
- *Drámú na dtorthaí*.
- Beidh *ról an mhúinteora* lárnach sa díospóireacht seo. I roinnt suíomh ní bheidh ar chumas na bpáistí réiteach oiriúnach ar an gcoimhlint a bhaint amach le toradh sásúil. Ní foláir na gnéithe seo go léir a iniúchadh.

Cuspóir: cabhrú leis an bpáiste bealaí difriúla chun réiteach ar choimhlint a iniúchadh agus a chur i bhfeidhm.

Réamhrá

Pléigh leis na páistí na slite éagsúla ina réitimid le coimhlint, ag cur san áireamh bulaíocht d'fhonn toil phearsanta a chur i bhfeidhm, géilleadh, ag lorg cabhrach seachtraí agus aontú ar chomhréiteach. Spreag na páistí chun a thuiscint gur féidir freagraí difriúla a fháil ar fhadhbanna éagsúla.

Céim 1

Cuir coimhlint a d'fhéadfadh titim amach idir beirt as teaghlach amháin os comhair na bpáistí. D'fhéadfaí an méid seo a chur i láthair trí dhán nó scéal nó as cúinse a thugann páiste amháin díobh. Sa cheacht seo cuirtear an choimhlint i láthair i bpictiúr le fotheideal ina theannta. Pléitear an cás agus aithníonn na páistí a bhfuil ag tarlú sa phictiúr. (Roghnaíonn an múinteoir pictiúr oiriúnach don cheacht.)

Céim 2

Iarrtar ar na páistí i mbeirteanna seiftiú a dhéanamh ar a bhfuil ag titim amach sa phictiúr. Glacann na beirteanna le rólanna an bheirt pháistí agus méadaíonn siad ar an teannas atá léirithe sa phictiúr. Is féidir roinnt de na léiriúcháin seo a dhéanamh don rang. A luaithe a bhíonn léiriú déanta ar an gcoimhlint, iarrtar ar na páistí stad den ghníomhú.

Céim 3

Tugtar roinnt ama do gach beirt agus iarrtar orthu iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun an choimhlint a réiteach, ag coimeád an díospóireacht thosaigh os comhair a súl i gcónaí.

Céim 4

Léiríonn roinnt de na beirteanna a gcuid freagraí trí rólghlacadh. Sa rólghlacadh tugann beirteanna ar leith cuntas ar a mothúcháin féin maidir leis an gcaoi inar réitíodh an choimhlint.

Céim 5

Tagann an rang le chéile agus déanann siad iniúchadh ar na straitéisí éagsúla a úsáideadh. Cuireann na ceisteanna seo a leanas fócas ar an díospóireacht seo:

- Arbh í seo an straitéis ab oiriúnaí?
- Ar mhothaigh siad beirt sástacht leis an toradh?
- Mura dtángthas ar réiteach, cén fáth?
- An bhfuil aon bhealach eile ann chun déileáil leis an bhfadhb seo?

Mar chríoch, tarraingíonn na páistí na céimeanna a d'fhéadfaí a dhéanamh i réiteach faidhbe le chéile:

- an fhadhb a ainmniú
- bealaí a réitithe a iniúchadh agus ansin an ceann is oiriúnaí a roghnú.

Leathnú

D'fhéadfadh na páistí an suíomh a athléiriú nó fadhb cosúil leis agus straitéisí éagsúla in úsáid. Mar an gcéanna, d'fhéadfaidís meán ar bith eile a léiriú, a úsáid nó scríobh faoi, chun a ndearcadh féin mar gheall ar an suíomh a chur in iúl.

D'fhéadfaidís freisin díospóireacht agus iniúchadh a dhéanamh faoi dhán oiriúnach dá n-aois.

D'fhéadfaí an ceacht seo a chur i ngníomh thar thréimhse leathnaithe.

Eiseamláir 4

Gníomhaíochtaí drámaíochta

ranganna 5 agus 6

- *Iníúchadh* grúpa ar an bhfadhb agus ar na saincheistanna atá i gceist. D'fhéadfadh roinnt taighde ar chúlra a bheith i gceist anseo.
- Cruinniú ranga leis an *múinteoir i ról* mar chathaoirleach nó mar bhall de ghrúpa na n-áitritheoirí. Is féidir leis an múinteoir an dráma a bhrú ar aghaidh trí cheistanna treoracha a chur, trí fhreagairt ar fhreagraí a tugadh agus trí dhaoine a thabhairt isteach sa díospóireacht.
- Le *cathaoir shaor* ag ceann (nó lár) an tseomra ranga, cuireann na páistí a mothúcháin in iúl don chathaoir shaor. Is féidir leis an múinteoir ionad an idirghabhálaí a ghlacadh agus nach bhfuil le déanamh aige/aici ach teachtaireacht a chur ar aghaidh.
- *Beirteanna ag léiriú* an mhíneachtra seo.
- *Diospóireacht ghrúpa* nó ranga, trína ndéanann páistí machnamh ar ar tharla.

Cuspóir: a chur ar chumas páistí saincheistanna a iniúchadh atá bainteach lena bpobal áitiúil agus straitéisí a fhorbairt chun iad a réiteach le húsáid teicníochtaí éagsúla drámata.

Céim 1

Cuir saincheist i láthair na bpáistí a d'fhéadfadh tarlú ina bpobal áitiúil nó ar scoil, mar shampla saincheist shábháilteachta scoile. D'fhéadfadh cinneadh ón bhfíorshaol bheith i gceist anseo (tuairisc as nuachtán áitiúil a úsáid) nó staid scéaltach. Tá an ceann a úsáidtear sa cheacht seo bunaithe ar an dán 'This Letter's to Say' le Raymond Wilson. Léigh an dán os ard don rang (tá an téacs ar leathanach 66)

Céim 2

I ngrúpaí de chúigear nó sheisear déanann na páistí iniúchadh ar ghnéithe éagsúla na saincheiste.

Céim 3

Tagann an rang le chéile mar áitritheoirí an cheantair, cuireann siad a dtuairimí i láthair agus cinneann siad ar bheartas gníomhaíochta.

Céim 4

Aithníonn na páistí (sa rólghlacadh) an méid a bheadh le rá acu leis an oifigeach a scríobh an litir dá mbeadh sé ina shuí sa chathaoir rompu amach. Is féidir le grúpaí de pháistí teacht le chéile chun cinneadh a dhéanamh faoin méid a déarfadh siad. Mar mhalairt is féidir leis an múinteoir (mar an oifigeach a scríobh an litir) bualadh leis na háitritheoirí.

Céim 5

Le páiste amháin mar áitritheoir agus páiste eile mar an oifigeach, socraigh ar chruinniú. Tabhair am don bheirt an dráma a phlé agus a fhorbairt. Is féidir cuid de na díospóireachtaí seo a léiriú don chuid eile den rang.

Céim 6

Ag filleadh dóibh ar a ngrúpaí nó i ndíospóireacht ranga, is féidir leo machnamh a dhéanamh ar an gcruinniú, an bealach inar réitíodh an tsaincheist a iniúchadh, má réitíodh í ar chor ar bith, agus murar réitíodh í, cén chúis atá leis agus na gníomhartha a pléadh. Déan iniúchadh ar dhearcadh daoine difriúla, na slite is oiriúnaí chun tuairim a chur i láthair agus bealaí níos fearr chun cruinniú a stiúradh.

Obair eisínite

D'fhéadfadh páistí freagra a scríobh chuig an t-oifigeach nó tuairisc a ullmhú do stáisiún áitiúil raidió nó nuachtán. Déan iniúchadh ar a leithéid d'eachtra a tharla b'fhéidir sa cheantar agus scrúdaigh an tslí inar réitíodh iad siúd.

This Letter's to Say

Raymond Wilson

*Dear Sir or Madam
This letter's to say
Your property
Stands bang in the way
Of progress, and
Will be knocked down
On March the third
At half-past one.*

*There is no appeal
Since the National Need
Depends on more
And still more speed
And this, in turn
Dear Sir or Madam
Depends on half England
Being tar-macadam
But your house will—
We are pleased to say—
Be the fastest lane of the motorway.*

*Meanwhile the Borough
Corporation
Offer you new
Accommodation
Three miles away
On the thirteenth floor
(Flat number Q
6824)*

*But please take note
The council regret
No dog, cat, bird
Or other pet:
No noise permitted
No singing in the bath
(For permits to drink, or smoke or laugh
Apply on form
Z327)*

*No children admitted
Aged under eleven:
No hawkers, tramps
Or roof-top lunches;
No opening doors
To bible-punchers
Failure to pay
Your rent, when due
Will lead to our evicting you
The Council demand
That you consent
To the terms above
When you pay your rent.*

*Meanwhile we hope
You will feel free
To consult us
Should there prove to be
The slightest case
of difficulty*

*With kind regards
Yours faithfully,*

Nóta

Más féidir leis an múinteoir dán Gaeilge a úsáid is amhlaidh is fearr. Níl in *Eiseamláir 4* ach ceacht samplach.

Cluichí comhoibritheacha

Is bealach luachmhar iad cluichí chun cuidiú le páistí oibriú le chéile ar shlí chúramach chomhoibritheach. Is féidir le cluichí leibhéal an mhothúcháin chomhoibrithigh a ardú agus cuidiú le páistí an méid is féidir leo a fhoghlaim óna chéile a thuiscint. Is modh sultmhar spéisiúil iad chun obair i gcomhar le chéile a fhoghlaim agus bheith measúil faoin gcúnamh a thugann gach duine aonair. Áirítear gach páiste i gcluichí, agus tá siad fíorchabhrach chun déileáil le saincheisteanna mothálacha, mar shampla iad siúd a bhaineann le grúpaí eitneacha, rólanna gnéasachta agus cothroime.

Tugann cluichí deis do pháistí raon scileanna a chleachtadh, bheith mar bhall d'fhoireann, a bhféinmheas a ardú agus bheith ina mbaill éifeachtacha de ghrúpa. Foghlaimíonn siad conas labhairt go hoscailte faoi chodanna cothroma, faoi uainíocht do gach aon duine, faoi íogaireacht, dul i bhfiontar agus riachtanais choitianta. Is féidir le cluichí comhoibritheacha fiosracht fúthu féin, na grúpaí ina bhfuil siad páirteach agus riachtanais leithleacha agus shóisialta i ndaoine a mhúscailt.

Tarlaíonn cuid den obair is luachmhaire i rith na díospóireachta i ndiaidh na gcluichí comhoibritheacha seo, agus ní foláir am a chur ar fáil don ghné thábhachtach seo sa ghníomhaíocht. Tugann sé seo seans do pháistí a gcuid oibre a mheas, labhairt fúithi le chéile i ngrúpa, an rath a bhí orthu a phlé, agus gníomhaíochtaí don am atá le teacht a phleanáil. Tá raon de chluichí ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais dhifriúla. Ina measc seo tá iompraíocht oiriúnach a spreagadh agus fadhbanna ar leith a réiteach mar ghníomhaíocht thosaigh nó chríochnaitheach tar éis dianghníomhaíochta.

Cuireann cluichí deis ar fáil le haghaidh spóirt le linn foghlama agus cruthaíonn siad atmaisféar níos suaimhní sa rang. Tá raon leathan iontu, ó chluichí gníomhacha a éilíonn spás le haghaidh luaile go cluichí ciúine cláir agus gníomhaíochtaí boird a d'fhéadfaí a úsáid sa seomra ranga.

Cuimsíonn na leathanaigh seo a leanas dhá eiseamláir ag léiriú cluichí comhoibritheacha atá oiriúnach do ranganna na naíonán agus do ranganna 3 go dtí 6.

Eiseamláir 5

Cluichí comhoibritheacha

Plean ceachta samplach

Céim 1

Mínigh an ghníomhaíocht do na páistí. Tugtar coróin do gach páiste (ciorcal cairtchláir), a chothromaíonn siad ar bhaitis a gcinn. (Do pháistí níos sine, d'fhéadfaí nithe mar mhálaí pónairí nó cúisíní beaga a úsáid.)

Céim 2

Ansin gluaiseann na páistí timpeall an tseomra le rithim an cheoil. Má thiteann coróin déantar dealbh den pháiste sin agus ní féidir leis/léi corraí, go dtí go dtagann páiste eile sa treo agus go n-athshuíonn sé/sí an choróin ar bhaitis na deilbhe.

Céim 3

Is é seo an pas críochnaitheach agus is féidir na páistí go léir a thabhairt le chéile chun machnamh a dhéanamh ar an méid a tharla i rith an chluiche. Beidh sé fíorthábhachtach a thabhairt faoi deara má bhí an páirtí ag comhoibriú. Beidh sé riachtanach freisin a ngníomhartha siúd a bhí cabhrach agus comhoibritheach a dhearbhu.

Éagsúlacht

Bheadh deacracht ag páistí an-óga aire a dhíriú ar an tasc nuair a bhíonn líon mór de pháistí ag gluaiseacht timpeall an tseomra. Bheadh sé cabhrach páistí a chur ag obair i mbeirteanna. D'fhéadfadh páirtí amháin as gach beirt suí síos i gciorcal timpeall sleasa an tseomra, an fhad is a ghluaiseann an páirtí eile leis an gceol. Má thiteann coróin an pháirtí atá ag gluaiseacht reoitear eisean/ise go dtí go bhfillleann an páirtí suite ar a (h)áit. Ba chóir go malartódh na páirtithe rólanna tar éis cúpla nóiméad.

Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile

Cuspóir: comhoibriú a chothú ar bhealach sultmhar

Rang: naíonáin shóisearacha agus shinsearacha



Eiseamláir 6

Cluichí comhoibritheacha

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile

Cuspóir: cabhrú le páistí cumarsáid gan labhairt a thuiscint

Rang: ranganna 4 go dtí 6

Céim 1

Roinntear an rang i bhfoirne agus idir seisear agus ochtar nó mar sin ar gach foireann. Téann na foirne seo i línte agus aghaidh gach páiste ar chúl páiste eile. Deirtear leis na páistí nach gceadaítear caint i rith na gníomhaíochta.


Céim 2

Tugtar léiriú don duine deireanach ar gach foireann agus iarrtar air/uirthi an léiriú a líniú lena m(h)éara ar dhroim an duine go díreach os a c(h)omhair amach. Leantar leis an nós imeachta seo suas tríd an líne go dtí go sroichtear an duine deireanach. Ansin ní mór dó/di siúd an pictiúr a tharraingt sa tslí ina bhfuair sé/sí é.

Céim 3

Cuirtear na pictiúir dheireanacha i gcomparáid leis na bunphictiúir. Is féidir leis na páistí páirt a ghlacadh i machnamh, ag déanamh iniúchadh ar shaincheisteanna mar

- cruinneas na bpictiúr
- an chúis a raibh siad cruinn nó míchruinn
- deacrachtaí a bhí acu
- cad a chabhródh leis an bpróiseas
- cad a d'fhoghlaim siad.




Pictiúir, grianghraif agus amharcíomhánna



Is féidir pictiúir, grianghraif agus amharcíomhánna a úsáid i líon de bhealaí éagsúla in OSPS. Ní mór do pháistí scileanna grinnis agus anailíse criticiúla a fhorbairt chun déileáil le cuid mhaith den eolas agus den mhífhaisnéis chontrártha a fhaigheann siad as foinsí éagsúla. Is modh cumhachtach iad pictiúir agus grianghraif chun freagairt a ghríosú nó suim a mhúscailt i dtopaic nó ábhar ar leith.

Cuireann scrúdú ar amharcíomhánna ar chumas na bpáistí

- claontacht a iniúchadh
- ábhar íomhá a cheistiú
- tuairimí difriúla a iniúchadh
- a n-eispéireas féin a chur i gcomparáid le réaltacht
- dearcadh i leith agus tuiscint ar choincheapa áirithe a iniúchadh
- buanchruthú a scrúdú mar aon le cosúlachtaí agus difríochtaí idir dhaoine.



Is cabhair iad pictiúir chun eolas mothálach conspóideach a chur os comhair páistí. Mar shampla, d'fhéadfaí ainmneacha bhaill ghiniúna an choirp a mhúineadh go héifeachtach trí léiriú as leabhar a úsáid agus é a phlé le grúpa de chúigear nó sheisear páistí. Nuair a bhíonn na páistí níos sine d'fhéadfadh an múinteoir pictiúir oiriúnacha a úsáid chun cuidiú lena dtuiscint ar fhorás na gine sa bhroinn. Trí iniúchadh a dhéanamh ar phictiúr le grúpa beag, cuirtear ar chumas an mhúinteora an tsábháilteacht a chruthú ina bhféadfadh páistí aonair ceisteanna a chur, agus eolas a rangú de réir ullmhacht páistí aonair.

Is féidir pictiúir agus grianghraif a úsáid in an-chuid slite laistigh de cheacht. Gríosaíonn siad díospóireacht nó soláthraíonn siad spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht eile. Is féidir freisin grianghraif a úsáid mar phríomhghníomhaíocht, sa chás go ndéantar iniúchadh agus anailís ar an ngrianghraif agus go mbaintear feidhm as chun smaointe a lorg ó na páistí.

Is féidir pictiúir nó grianghraif a úsáidtear sa rang a thógáil as irisí nó nuachtán nó as pacáiste pictiúr a táirgíodh go gairmiúil.

Trí iniúchadh ar amharciómhánna éireoidh páistí eolach freisin ar chuid de na teicníochtaí atá in úsáid ag na meáin. D'fhéadfaidís teicníochtaí atá in úsáid i bhfógraí nó sleachta as cláir theilifíse a aithint agus sa tslí sin úsáid chriticiúil a bhaint as na meáin chumarsáide.

Ar na leathanaigh seo a leanas déanann na heiseamláirí iniúchadh ar raon de theicníochtaí agus san áireamh tá

- grianghraif a léamh
- pictiúir a úsáid mar spreagthach le haghaidh díospóireachta nó chun eolas atá sealbhaithe roimh ré faoi shaincheist áirithe a chinneadh
- pictiúir a ghrádú
- peirspictíochtaí agus claontacht a iniúchadh
- ceanteidil a úsáid
- bolgáin cainte nó smaointe a chruthú
- rangú agus ord a shocrú
- fógra teilifíse a iniúchadh.

Eiseamláir 7

Grianghraf a léamh

Is féidir le grianghraif cabhrú le páistí foghlaim conas saghsanna difriúla ceisteanna a chur. Tugtar ‘léamh’ grianghraif go minic mar ainm air seo. Ní mór do pháistí éirí criticiúil ina gcur chuige agus bheith in ann an méid atá agus nach bhfuil tromchiallach i bpictiúr a idirdhealú ó chéile. Cuideoidh próiseas ceistitheach i leith grianghraif le haithint na saincheisteanna a bhfuil an spéis is mó ag an bpáiste iontu chomh maith leo siúd a bhfuil iniúchadh breise de dhíth orthu.

De réir mar a fhoghlaimíonn páistí conas grianghraif a léamh is féidir leo fócasú ar

- chuntas ginearálta ar a bhfuil ag tarlú sa phictiúr
- chuntas mion ar an ábhar ann
- na gnéithe atá fós neamhshoiléir
- an tslí inar thogh an grianghrafadóir an pictiúr nó an teachtaireacht a raibh sé/sí ag iarraidh a chur in iúl
- nascadh an eachtra sa phictiúr le coincheapa ginearálta
- nótaíl agus cuntas ar mhothúcháin phearsanta a dhúisíonn an pictiúr sa pháiste.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile

Cuspóir: a chur ar chumas an pháiste an t-eolas a chuirtear i bpictiúr a cheistiú agus míchumas a iniúchadh

Rang: ranganna 4 go dtí 6

Céim 1

Cuirtear grianghraf a thaispeánann páistí faoi mhíchumas ar pháosa mór chláir cairt agus tugtar do gach grúpa é sa rang. Iarr ar na páistí breathnú go géar ar an bpictiúr ar feadh cúpla nóiméad.

Céim 2

Smaoiníonn na páistí ansin ar an oiread ceisteanna agus is féidir leo ar mhaith leo a chur faoin bpáiste agus scríobhann siad iad seo mórthimpeall an phictiúir. Beidh cuid de na ceisteanna gaolmhar le hábhar an phictiúir agus beidh tuilleadh fós bainteach le saincheisteanna níos leithne. Taispeántar na cairteacha mórthimpeall an tseomra ranga agus léann na grúpaí in uainíocht ar a chéile na ceisteanna atá curtha ag na grúpaí eile.

Céim 3

Déanann na páistí machnamh ar na ceisteanna a cuireadh:

- Ar rinneadh faillí in aon ghné den phictiúr?
- An féidir na ceisteanna go léir a cuireadh a fhreagairt?
- Cad a d’fhoghlaim tú ó na ceisteanna seo?
- An raibh difríocht idir na ceisteanna a chuir na grúpaí difriúla?
- Cad í an cheist is tábhachtaí, dar leat, mar gheall ar aon ghrianghraf?

Céim 4

Mar chríoch, is féidir leis na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu faoi roinnt mhíchumas agus ar na dearcaí i leith míchumais a léirítear sna meáin go minic.

Eiseamláir 8

Pictiúir mar ghríosú chun díospóireachta

Bíonn pictiúir agus grianghraif an-úsáideach mar mhodh chun díospóireacht a spreagadh i rang. De réir mar a dhéanann páistí scrúdú ina nduine agus ina nduine nó i ngrúpaí beaga ar amharciomhá tosaíonn siad ar ghnéithe éagsúla topaice a aithint. Is féidir le díospóireacht a bunaíodh ar phictiúir nó ar ghrianghraf cabhrú le páistí dianiniúchadh a dhéanamh ar shaincheist agus, freisin, spreagadh a thabhairt chun tuilleadh staidéir.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta

Cuspóirí: a chur ar chumas na bpáistí frontair shábháilteachta sa chistin a aithint agus straitéis oiriúnach sábháilteachta a ullmhú don seomra seo

Rang: ranganna 3 go dtí 6

Céim 1

Cuir pictiúir de chistin os comhair grúpaí de pháistí.

Céim 2

Iarrtar ar na páistí staidéar a dhéanamh ar an bpictiúir agus, mar ghrúpa, liosta a ullmhú de na baoil a d'fhéadfadh bheith ann do shábháilteacht. Ar an liosta ba chóir go mbeadh:

- an t-iarann smúdála fágtha le plocóid istigh
- fleisc bhriste ar an tóstaer
- doras an chófra fágtha ar oscailt
- substaint nimhneach i gcófra íochtarach agus páiste beag ag súgradh lena ais
- mála ag bun an staighre
- pota ag fiuchadh thar maoil ar an mbruthaire
- an sconna fágtha ag sileadh.

Céim 3

Cuireann na páistí a gcuid liostaí i láthair an ranga agus cuireann an múinteoir an t-eolas le chéile. Mar rang déanann siad iniúchadh ar aon rud nár tugadh faoi deara.

Céim 4

Filleann na páistí ar a ngrúpaí agus tugtar a dó nó a trí de phriacail a aithníodh dóibh agus iarrtar orthu bealaí a iniúchadh trína bhféadfaí na priacail seo a mhaolú. Sa tslí seo cruthaíonn siad straitéis sábháilteachta don chistin. D'fhéadfaí gnéithe eile a bhí mar chuid den díospóireacht, b'fhéidir, a chur san áireamh agus nach raibh áirithe sa phictiúir.




Sábháilteacht sa chistin

Eiseamláir 9

Rangú pictiúr

I gcleachtadh rangaithe iarrtar ar pháistí pictiúir nó grianghraif a eagrú in ord a nglacann an grúpa iomlán leis. Bíonn foirm mhuilleatach de ghnáth ar an eagar seo, ina n-úsáidtear naoi bpictiúr, an ceann is tábhachtaí ag barr an mhuilleata agus an ceann is lú tábhacht ag an mbun, agus na cinn eile eatarthu.



Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Sláinte agus folláine

Cuspóir: cuidiú le páistí an coincheap bheith sláintiúil a thuiscint

Rang: ranganna 5 agus 6

Is acmhainn don bheatha í an tsláinte, agus ní cuspóir maireachtála; is coincheap dearfa é; ag cur béime ar acmhainní sóisialta agus pearsanta, mar aon le cumais fhisiceacha.

Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 1984

Céim 1

Bailíonn an múinteoir líon de phictiúir a léiríonn gnéithe difriúla sláinte ó mhíshláintiúil go sláintiúil. San áireamh anseo tá raon de phictiúir a dhéanann cur síos ar gach gné de shláinte, agus gnéithe fisiceacha, intinne, spioradálta agus mothúchána san áireamh.

Céim 2

Roinntear na páistí i ngrúpaí agus idir triúr agus cúigear i ngach grúpa, agus tugtar beart pictiúr dóibh. Iarrtar orthu na pictiúir a eagrú i muileata leis an bpictiúr is sláintiúla ag an mbarr. Ansin rangáíonn siad na pictiúir eile, ag cur an pictiúr is míshláintiúla, dar leo, ag bun an mhuilleata.

Céim 3

Ag an deireadh cuireann na grúpaí a gcuid ranguithe i láthair an ranga mar aon le míniú ar na cúiseanna leis an ord roghnaithe.

Céim 4

Trí dhíospóireacht ranga tagann na páistí ar thátail maidir leis an mbrí atá le sláinte. Tá sé tábhachtach go n-aithneoidh an múinteoir an tuiscint atá ag páistí ar shláinte agus, trí cheistiú oiriúnach, go dtugann sé/sí treoir dóibh i dtreo tuiscint go mbaineann sláinte leis an inchinn, leis an gcorp agus leis an spiorad.

Céim 5

I ngrúpaí, cuireann páistí a sainmhíniú féin ar shláinte i láthair trí mheán a roghnaíonn siad féin, ag tarrac le chéile na smaointe atá foghlamtha acu ón ngníomhaíocht. D'fhéadfaí an léiriú den sainmhíniú a chruthú trí chlár próiseáil focal nó chlár leagan amach leathanach a úsáid.

Eiseamláir 10

Claontacht a iniúchadh

Cuireann páistí tús le tuiscint ar choincheap na claontachta de réir mar a éiríonn siad tuisceanach agus criticiúil i leith eolais a chuirtear ar fáil i léiriúcháin éagsúla. De réir mar a spreagtar iad chun cruinneas an eolais a cheistiú agus chun machnaimh ar an léargas atá tugtha, tosaíonn páistí ag teacht ar bhreithiúnas go mb'fhéidir go bhfuil níos mó ná 'insint amháin' ar scéal. Treoraíonn an méadú seo ar a bhfeasacht iad i dtreo na tuisceana ar chlaontacht agus éiríonn siad níos mothálaí ina taobh ina ngnáthshaol.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: An pobal áitiúil

Cuspóir: ról na claontachta i leiriú an cheantair a iniúchadh

Rang: ranganna 3 go dtí 6

Céim 1

Tugtar a trí nó a ceathair de phictiúir nó cártaí poist do pháistí a thugann cuntas ar an dúiche. I ngrúpaí, scrúdaíonn siad na pictiúir seo go han-chúramach agus déanann siad iniúchadh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cén teachtaireacht atá á tabhairt faoin limistéar i ngach pictiúr díobh?
- An teachtaireacht chruinn í seo, agus murarb amhlaidh, cén fáth?
- Cad é cuspóir an phictiúir seo?

Céim 2

Cuireann na grúpaí a dtáil i láthair an choda eile den rang. D'fhéadfadh an díospóireacht fócas a leagan ar pheirspictíocht an ghrianghrafadóir i gcomparáid le dearcadh mhuintir na háite.

Céim 3

I ndiaidh na díospóireachta filleann na páistí ar a ngrúpaí, agus cinneann siad ar an gcur i láthair a d'úsáidfí chun cuntas cruinn a thabhairt ar a gceantar féin.

Céim 4

Is féidir le páistí a léiriú féin a chur os comhair an ranga agus a bpeirspictíocht féin a mhíniú. Is féidir na pictiúir a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht agus nóta a dhéanamh de dhifríochtaí agus de chosúlachtaí idir phictiúir.

Céim 5

Trí mhachnamh a dhéanamh ar an ngníomhaíocht tiocfaidh páistí ar thuiscint go malartaíonn peirspictíochtaí go mór agus go dtéann raon de thosca i gcion orthu.

Eiseamláir 11

Pictiúir mar thúsphointe

Mar oideachasóirí bíonn barúlacha againn go minic faoi cad a bhíonn ar eolas ag páistí faoi shaincheist nó thopaic. Má iarraidimid orthu rogha de phictiúir, ghrianghraif nó léiriúcháin ar thopaic áirithe a bhailiú bíonn túsphointe againn agus faighimid mothú den smaointeoireacht atá sa rang. Seo iad cuid de na saincheistean arbh fhiú iad a iniúchadh i dtús báire: áiteanna sábháilte, claontacht, mo phobal áitiúil, eagla, an ghlúin atá níos sine, nó itheachán sláintiúil.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Oideachas na meán cumarsáide nó Mo chairde agus daoine eile

Cuspóir: a chur ar chumas na bpáistí na saghsanna difriúla daoine ar fad a bhfuil siad feasach fúthu trí phictiúir i nuachtáin nó irisí a aithint

Rang: naíonáin shóisearacha agus shinsearacha

Céim 1

Roinntear páistí i ngrúpaí de cheathrar agus tugtar píosa mór de pháipéar siúcra, taos agus, más cuí, siosúr do gach grúpa. Tugtar dóibh freisin roinnt sean-nuachtáin agus irisí. Iarrtar orthu pictiúir de dhaoine difriúla a ghearradh nó a shracadh amach. Ina measc b'fhéidir go mbeadh páiste, bean atá ag iompar clainne, leanbán, siopadóir, déagóir nó seanóir.

Céim 2

Greamaíonn na páistí a bpictiúir den pháipéar leis an taos agus más féidir é scríobhann siad teideal faoi bhun gach pictiúir.

Céim 3

Is féidir leis an ngrúpa a mhíniú cé hé gach duine agus cén fáth ar roghnaigh siad pictiúir faoi leith. Is féidir leis an múinteoir iad a mhíniú chun léiriú mion a dhéanamh ar a gcairt trí iniúchadh ar

- an duine is ansa leo agus cén fáth
- cé ba mhaith leo a fheiceáil sna pictiúir ach nach raibh iontu
- má léiríonn na pictiúir na daoine seo go cruinn.



Eiseamláir 12

Ceannteidil

Cuidíonn iniúchadh ar cheannteidil le páistí bheith níos grinne faoin méid a chuirtear ina láthair i ngach saghas léirithe. Bíonn tionchar ag ceannteidil ar an tslí ina léimid grianghraf, agus san áit a athraítear ceannteideal d'fhéadfaí athrú suntasach a dhéanamh ar an gciall atá leis. Trí dheiseanna a thabhairt do pháistí ceannteidil a dhearadh dóibh féin cuideofar lena mothú feasachta. Toisc nach bhfuil sé furasta i gcónaí ceannteideal a chumadh, bheadh réamhobair ag teastáil sa chás. D'fhéadfadh na páistí cuntas a scríobh ar an ngrianghraf nó scéal a insint faoi, a chuideodh leis an tsamhlaíocht. Tá sé úsáideach freisin a aithint cé dó a bhfuil an fotheideal ceaptha.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Oideachas na meán cumarsáide nó forbairt saoránachta

Cuspóir: éirí feasach faoin tslí ina dhéantar léirmhíniú ar phictiúir ar bhealaí difriúla agus ina n-úsáidtear iad chun dul i gcion ar thuairimí.

Rang: ranganna 3 go dtí 6

Céim 1

Cuir bailiúchán de cheannteidil i láthair na bpáistí i ngrúpaí bunaithe ar scéal suntasach a scríobh ag roinnt nuachtáin. Scrúdaíonn na páistí na ceannteidil dhifriúla agus cinneann siad ar an bpeirspictíocht a roghnaigh gach ceann de na nuachtáin. Déanann na grúpaí iniúchadh ar a dtuairimí agus cuireann siad úsáid na bpictiúr éagsúil agus a dtionchar i gcomparáid agus i gcodarsnacht.


Céim 2

Tugtar pictiúr nó dhó as nuachtán do gach grúpa. Beidh na pictiúir mar an gcéanna do gach grúpa agus ní bheidh ceannteidil leo. Cinneann gach grúpa ar cheannteideal cuí. Greamaíonn siad a bpictiúir de chairt le taos agus scríobhann siad na ceannteidil ar aontaíodh leo faoina mbun. Ansin cuirtear na cairteacha seo mórthimpeall an tseomra ranga leis an gcuid eile den rang chun gur féidir iad a scrúdú. Ansin tagann siad le chéile agus pléann siad

- an ceannteideal is fearr leo agus cén fáth
- éagsúlacht na gceannteideal
- an chúis leis an éagsúlacht seo
- an tionchar atá ag ceannteidil ar an léitheoir.

Gníomhaíocht mhalartach

Cuirtear roinnt pictiúr gan ceannteidil agus roinnt ceannteideal i gclúdach litreach os comhair na bpáistí. Caithfidh gach grúpa pictiúr a mheitseáil le ceann de na ceannteidil. Is féidir iad seo a ghreamú de chairt le taos chun gur féidir leis an rang go léir breathnú orthu go héasca. Is féidir na torthaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht ag leagan béime ar an slí a dtéann peirspictíochtaí difriúla i gcion ar roghnú na gceannteideal.



Eiseamláir 13

Bolgáin chainte nó smaoinimh

Is féidir le bolgáin chainte cabhrú le páistí cumarsáid neamhlabhartha i bpictiúir agus i ngrianghraif a iniúchadh. Éilíonn bolgáin chainte ar pháistí fócasú ar chumarsáid neamhlabhartha i bpictiúr nó i ngrianghraf ar leith. De réir mar a scrúdaíonn siad raon de phictiúir tosaíonn páistí ar thuiscint a fháil ar thábhacht iompair neamhlabhartha agus na slite éagsúla chun brí a bhaint as comharthaíocht choirp. Is féidir le páistí éirí níos mothálaí dá bharr i leith daoine eile agus níos tuisceanaí faoi cad é nach bhfuil ráite.

Cuireann bolgáin chainte ar chumas páistí a mothúcháin féin faoi shaincheist áirithe a léiriú, agus is féidir iad a úsáid go héifeachtach chun gníomhaíocht a thosú nó a chríochnú. De rogha ar sin, is féidir le páistí a gcuid smaointe agus mothúchán a aithris ar shaincheist shuntasach i mbolgán cainte nó smaoinimh.



Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile

Cuspóir: a chur ar chumas páistí cumarsáid neamhlabhartha a iniúchadh

Rang: gach rang

Céim 1

Roinn na páistí ina mbeirteanna agus cuir pictiúr nó grianghraf as nuachtán nó iris os comhair gach beirte. Is féidir leo ansin bolgán cainte a ghearradh amach le haghaidh gach pearsan. I gcás páistí níos óige d'fhéadfadh an múinteoir bolgáin chainte atá ullmhaithe roimh ré a thabhairt dóibh agus a iarraidh orthu iad a líonadh.

Céim 2

Iarr ar na páistí staidéar cúramach a dhéanamh ar na pictiúir, ag tabhairt faoi deara

- dreacha na bpearsan
- a bhfad ó nó a ngaireacht leis na pearsana eile agus leis an gceamara
- mothúcháin na ndaoine faoi leith atá léirithe.

Céim 3

Ag éirí as an eolas seo cumann na beirteanna bolgán cainte do gach pearsa sa phictiúr. Taispeántar iad seo mórthimpeall an ranga chun go scrúdóidh páistí eile iad.

Céim 4

Tagann na páistí le chéile agus déanann siad iniúchadh ar leibhéal an eolais is féidir a chnuasach as cumarsáid neamhlabhartha agus samplaí d'ócáidí a thabhairt nuair a d'úsáid siad cumarsáid neamhlabhartha chun eolas nó teachtaireacht de shaghas ar bith a thabhairt.

Eiseamláir 14

Rangú agus socrú

Éilíonn an cur chuige seo ar pháistí pictiúir nó nithe a rangú in aicmí ar leith. Tá éagsúlacht leathan sa chur chuige seo; mar shampla, d'fhéadfaí a iarraidh ar pháistí nithe, pictiúir nó ráitis a athaicmiú de réir chritéir nua agus sa tslí sin aicmí nua a chruthú. Le linn dóibh a gcuid oibre a chur i láthair iarrtar ar pháistí a n-aicmiú féin a chosaint agus gnéithe de scaradh a iniúchadh. Is féidir na torthaí a thaifeadh freisin, ag brath ar aois agus ar eispéireas an ranga.

Snáithaonad: Bia agus cothú

Cuspóir: idirdhealú a dhéanamh idir bia a fhástar agus bia a thagann ó ainmhithe

Rang: naíonáin shóisearacha agus shinsearacha

Céim 1

Iarrtar ar na páistí cuid de na bianna a itheann siad gach lá a ainmniú. Ansin taifeadtar iad seo ar an gclár dubh i bhfoirm phictiúrtha nó shiombalach. Spreagtar iad chun díospóireacht a dhéanamh faoi thuairimí ar bith atá acu ar na torthaí seo.

Céim 2

Cuirtear na páistí i ngrúpaí agus ceathrar nó cúigear i ngach grúpa, de cheathrar nó chúigear agus tugtar bosca dóibh ina bhfuil pictiúir de mhíreanna bia nó paicéid fholmha de mhíreanna bia. Iarrtar orthu iad seo a aicmiú de réir nithe a fhástar agus iad siúd a thagann ó ainmhithe.

Céim 3

Cláraíonn na páistí a gcuid torthaí trí na nithe nó pictiúir a chur in dhá thacar.

Céim 4

Cuireann siad a gcuid torthaí i láthair agus pléann siad iad, agus ba chóir iad a mhisniú chun na cúiseanna lena rogha a chur in iúl.

Obair eisinte

Is féidir leis na páistí filleadh ar a ngrúpaí agus na nithe nó pictiúir a athaicmiú de réir na gcritéar difriúil, mar shampla bianna a thaitníonn nó nach dtaitníonn liom; bianna atá nó nach bhfuil cócaráilte. Is féidir na sonraí a léiriú agus a léirmhíniú i bhfoirm oiriúnach.



Eiseamláir 15

Iniúchadh ar shliocht teilifíse nó físeáin

Tá sé riachtanach go dtabharfar deiseanna do pháistí breathnú ar shleachta ón teilifís agus foghlaim conas an comhthéacs agus na teicníochtaí a úsáidtear a aimsiú. Éiríonn siad eolach ar theicníochtaí ar nós soilsiú, guthú, raonta ceamara agus maisíochtaí fuaime de réir mar a úsáidtear iad agus i léiriú a gcuid oibre féin sa rang. Ba chóir páistí a spreagadh chun iniúchadh a dhéanamh ar shaghsanna lucht éisteachta agus léirmheas a thabhairt ar fhógra nó ar chlár ó thaobh oiriúnachta don lucht éisteachta.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Oideachas na meán cumarsáide

Cuspóir: a chur ar chumas páistí fógra teilifíse a anailísiú

Rang: ranganna 3 go dtí 6

Céim 1

Cuir líon de ghrianghraif nó shleamhnáin os comhair na bpáistí. Ansin iarr orthu grianghraf amháin a roghnú agus féachaint air go cúramach ar feadh cúpla nóimeád. Gríosaiigh iad chun breathnú air i dtrí pháirt dhifriúla: an cúlra, an meánphictiúr agus an réamhionad. Trí cheistiú is féidir leis an múinteoir noda a mhealladh uathu a thugann brí don phictiúr:

- Cén teachtaireacht atá an pictiúr ag iarraidh a thabhairt?
- Cé atá sa phictiúr?
- Cad tá á dhéanamh acu?
- Cá raibh an grianghrafadóir ina s(h)easamh?
- An bhfuil a fhios ag na daoine sa ghrianghraf go bhfuil pictiúr á thógáil díobh?

Céim 2

Cas air fógra teilifíse do na páistí. Spreag iad chun breathnú go géar ar an bhfógra roinnt uaireanta. Iarr ar na páistí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt ina ngrúpaí féin, agus a dtátail a roinnt ar na grúpaí eile:

- Conas a nasctar na focail agus na híomhánna?
- Cén saghas suíomh atá curtha le chéile?
- Cén saghas pearsan a léirítear?
- Cé mhéad athrú radhairc atá ann?
- Cén saghas luais atá faoi?
- Cén saghas amharc atá in úsáid? An bhfuil siad i bhfad amach nó cóngarach?

Céim 3

Déan iniúchadh ar an gceol a úsáidtear san fhógra:

- Cén saghas ceoil a úsáidtear agus an bhfuil sé in oiriúint don táirge?
- Cén dóigh a bheadh ar an bhfógra gan an ceol?
- An bhfaigheann tú an teachtaireacht chéanna gan an ceol?

Céim 4

Is féidir leis an múinteoir liosta de cheisteanna bunaithe ar fhógraí teilifíse a ullmhú. San áireamh anseo bheadh seinm samplaí ceoil as raon d'fhógraí, nó daoine mór le rá, nó manaí atá ceangailte le táirgí ar leith a aithint.

I bhfoirm tráth na gceist boird is féidir leis na páistí mar ghrúpa na freagraí a thabhairt. Dáiltear pointí orthu de réir líon na bhfreagraí cearta a chláraítear.

Obair eisínte

D'fhéadfadh na páistí a bhfógra féin a dhearadh, le haghaidh táirge áirithe, ag úsáid clár próiseáil focal nó clár leagan amach leathanach nó meán ar bith eile.

Díospóireacht

Tá an-chuid bealaí ann chun díospóireacht le páistí a chur chun cinn; i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga nó leis an rang iomlán. Is féidir í a úsáid mar réamhghníomhaíocht trína n-aithníonn na páistí na smaointe go léir atá bainteach le topaic ar leith. Is bealach úsáideach é seo chun an méid atá ar eolas ag na páistí a mheas agus aon bhearna atá ina gcuid eolais a fháil amach. Is féidir na smaointe a chlárú agus a úsáid mar bhonn le haghaidh iniúchta bhreise.

Is féidir freisin díospóireacht a úsáid mar phríomhghníomhaíocht i gceacht ina spreagar na páistí chun topaic nó téama a mhioniniúchadh trína dtuairimí féin a chur i láthair agus trí éisteacht le tuairimí agus le dearcadh daoine eile agus freagairt dóibh. D'fhéadfadh críoch na gníomhaíochta nó céim an mhachnaimh a bheith i

gcruth díospóireachta chomh maith céanna agus smaointe agus moltaí a d'eascair as gníomhaíocht ranga a spíonadh amach agus a shoiléiriú. Cuirfidh sé seo ar chumas páistí teacht ar thuiscint níos doimhne agus ciall níos fearr a bhaint as gníomhaíocht faoi leith.

Tá díospóireacht ina cuid de bheagnach gach gníomhaíocht ach i measc na straitéisí atá fíorúsáideach chun díospóireacht agus agallamh a chur chun cinn le páistí tá

- ráitis oscailte
- malartú smaointe
- obair chiorclach
- aontas nó easaontas
- pictiúir agus póstaer a chruthú
- díospóireachtaí, ceistiúcháin nó gaoltaireacht
- agallaimh
- scéalta
- dánta
- píosa ceoil a iniúchadh.

Léiríonn na heiseamláirí seo a leanas conas cuid de na straitéisí a úsáid chun gnéithe de OSPS a iniúchadh. I ngach gníomhaíocht leagtar an bhéim ar iniúchadh idirghníomhach i measc na bpáistí sa rang agus idir an páiste agus an múinteoir.



Díospóireacht i mbeirteanna sna meánranganna

Eiseamláir 16

Ráitis nó ceisteanna ceannoscailte

Tá ráitis nó ceisteanna ceannoscailte úsáideach mar bhealach chun deis a thabhairt do pháistí a gcuid smaointe a chur le chéile agus don mhúinteoir chun a fháil amach cén dearcadh nó tuairim atá ag na páistí cheana féin. Soláthraíonn sé seo túsphointe le haghaidh iniúchta.

Tá na noda seo a leanas oiriúnach le haghaidh díospóireachta agus iniúchta agus is féidir iad a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla, mar shampla:

Rud amháin is eol dom faoi dhrugaí ná ...

Is duine é duine a chaitheann tobac a ...

Cad iad na háiseanna atá ar fáil do sheandaoine inár gceantar?

An uair ba mhó scanradh dom ná ...

Nuair a smaoiním ar alcól is iad na focail a thagann isteach i m'aigne ná ...

Is í is andúil ann ná ...

Tá cearta ag daoine atá níos sine chun ...

Is daoine iad daoine a chaitheann drugaí a ...

Plean ceachta samplach

Céim 1

Cuir an cheist cheannoscailte seo a leanas i láthair an ranga:

As gach céad duine fásta in Éirinn, cé mhéad, meas tú, a chaitheann toitíní nó tobac go rialta?

Céim 2

Roinn an rang ina mbeirteanna nó i ngrúpaí de chúigear. Iarr ar gach grúpa an cheist seo a phlé agus teacht ar chomhaontú. Déanann na grúpaí uile comparáid agus codarsnacht ar a gcuid moltaí agus tugann siad an chúis ar tháinig siad ar fhiigiúr áirithe.

Céim 3

Cuireann an múinteoir an staidreamh oifigiúil (ar fáil ón Aonad Forbartha sa Roinn Sláinte agus Leanaí) os comhair an ranga. Ansin is féidir leis na páistí an t-eolas a úsáid chun meastachán a dhéanamh den líon daoine sa bhaile mór nó sa sráidbhaile a chaitheann tobac. Ag glacadh le meán de fhiche toitín in aghaidh an lae, is féidir leis na páistí meastachán a dhéanamh freisin den mhéid airgid a chaitear ar thoitíní sa bhaile mór nó sa sráidbhaile.

Céim 4

Pléann na páistí a dtorthaí, ag leagan fócas ar dhainséir i gcaitheamh tobac, méid na faidhbe agus a costas ar an duine.

Snáithaonad: Sábháilteacht agus cosaint.

Cuspóir: fairsinge caitheamh tobac ar fud na tíre a iniúchadh agus feasacht páistí maidir le dainséar dá sláinte ó chaitheamh tobac a mhéadú

Rang: ranganna 5 agus 6



Cáipéisí samplacha le fáil ón Aonad Forbartha sa Roinn Sláinte agus Leanaí

Eiseamláir 17

Stoirmeáil inchinne

Le linn stoirmeáil inchinne, iarrtar ar pháistí a dtuairimí a chur in iúl agus taifeadtar iad sin ar an gclár dubh nó ar shleamhnán osteilgeora. Is iad na rialacha ginearálta le haghaidh stoirmeáil inchinne ná: aon rud ábhartha a thagann chun cuimhne a roinnt; ní cheadaítear cur síos nó lochtú ar smaoineamh ar bith agus bíonn gach smaoineamh tábhachtach. Nuair a bhíonn raon smaointe bailithe tá sé úsáideach patrúin nó grúpáil smaointe a lorg nó a iarraidh ar pháistí machnamh ar chuid de na moltaí. Is tús maith é stoirmeáil inchinne le haghaidh díospóireachta mar scaoileann sé le páistí a dtuairimí féin a chur chun cinn, agus is féidir leis béim a leagan ar ghnéithe nach scrúdófaí ina éagmais, b'fhéidir.

Saincheisteanna a d'fhéadfaí a iniúchadh is ea

- saghsanna éadaí cosanta a d'fhéadfaí a chaitheamh
- saghsanna timpistí
- na táirgí sláinteachais a d'fhéadfaí a úsáid
- táirgí neamhshábháilte sa bhaile nó ar scoil
- bia ar an toirt
- mothúcháin
- focail aonair, mar shampla 'alcól', 'drugaí', 'solas', 'áilleacht'.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Sábháilteacht agus cosaint

Cuspóir: éirí feasach faoin tslí ina dtarlaíonn timpistí agus straitéisí seachanta a aithint

Rang: ranganna 3 go dtí 6

Céim 1

Is féidir leis an múinteoir an focal 'timpistí' a scríobh ar an gclár dubh. Déanann na páistí iarracht smaoineamh ar an oiread rudaí is féidir leo agus atá gaolmhar leis an bhfocal sin. Cláraítear na moltaí go léir. Ina dhiaidh sin pléann an rang na torthaí agus aithníonn siad aon fhocal nó smaoineamh a fágadh ar lár.

Céim 2

Roinntear na páistí ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí beaga agus cuirtear líon de phictiúir ina láthair agus gach pictiúr ag léiriú áite difriúla, mar shampla an chistin, scoil, clós súgartha, lárionad siopadóireachta nó páirc áitiúil. Ina ngrúpaí áiríonn na páistí na timpistí a d'fhéadfadh titim amach sna háiteanna seo. Ansin tugann siad tuairisc ar a dtátail don rang.

Céim 3

Is féidir leis an rang páirt a ghlacadh i ndíospóireacht faoi na cúiseanna a bhíonn le timpistí, agus spreagtar iad chun fócas a leagan ar fhreagracht an duine aonair i seachaint timpistí. Is féidir leo freisin an saghas cur chuige seachanta a d'fhéadfaí a chleachtadh in aon cheann de na suímh seo a aithint.

timpiste

gortú

timpistí

otharcharr

ospidéal

Eiseamláir 18

Aontaím nó ní aontaím

Is teicníocht an-úsáideach a mhisníonn páistí chun a dtuairim phearsanta a chur in iúl, a iarraidh orthu an fód a sheasamh mar gheall ar shaincheist agus a suíomh a chosaint nó a mhíniú. Titeann sé seo amach ar bhealaí difriúla:

- ag glacadh páirte i ndíospóireacht le páistí agus deis a thabhairt dóibh **'Aontaím'** nó **'Ní aontaím'** a rá
- ag cur póstaeir le **Aontaím, Ní aontaím** nó **Níl a fhios agam** scríofa orthu in áiteanna straitéiseacha sa seomra ranga. Iarrtar ar pháistí iad féin a shuíomh le hais an phóstaeir a thagann lena dtuairim
- ag tabhairt cártaí poist do pháistí i ngrúpaí leis na focail **Aontaím, Ní aontaím** nó **Níl a fhios agam** scríofa orthu. A luaithe a scairteann an múinteoir frása ar leith pléann na páistí an tsaincheist i ngrúpa agus cuireann siad in airde an cárta a léiríonn tuairim an ghrúpa.



Plean ceachta samplach

Céim 1

Roinn na páistí i ngrúpaí de chúigear agus tabhair trí chárta dóibh le *aontaím, ní aontaím* nó *níl a fhios agam* scríofa orthu. Ansin léigh na ráitis seo a leanas nó cuir i láthair gach ceann de na grúpaí iad. Iarr ar na páistí machnamh a dhéanamh ar gach ráiteas díobh.

- Níl aon spraoi sa saol nuair a bhíonn tú sean.
- Ní féidir le seanóirí mórán cúnamh a thabhairt don sochaí.
- Teastaíonn ó dhaoine atá níos sine a dtoil féin a chur i bhfeidhm i gcónaí.
- Tugann sochaí na hÉireann meas agus cúram do dhaoine níos sine.
- Ba chóir ceadú do dhaoine óga a rogha rud a dhéanamh.

Céim 2

Pléann na páistí gach ráiteas agus cuireann siad a dtuairim in iúl trí chárta a léiríonn tuairim an ghrúpa a chur in airde. Bheifí ag súil le cúiseanna i dtaca lena dtuairimí, go mór mór nuair a bhíonn easaontas fúthu sa rang.

Céim 3

Is féidir leis na páistí an cúnamh a thugann daoine níos sine don sochaí a phlé, agus iniúchadh a dhéanamh ar an tslí ina chaitear leo. Ba chóir iad a spreagadh chun scrúdú a dhéanamh ar bhealach ina bhféadfaí an saol a fheabhsú do dhaoine níos sine mar aon leis an ról a d'fhéadfadh gach duine a imirt chun beatha a chruthú a bheadh measúil i leith na glúine atá níos sine.

Snáithaonad: Ag forbairt na saoránachta

Cuspóir: an cúnamh a thugann grúpaí difriúla don phobal a iniúchadh

Rang: ranganna 3 go dtí 6

Eiseamláir 19

Obair chiorclach

Spreagann sú in eagar chiorcail dea-chumarsáid agus freastalaíonn sé ar phrionsabail chomhroinnte, chothromaíochta agus chuimsitheachta mar aon le mothú cúraim dá chéile. Tugtar a uain do gach páiste chun cuidiú leis an díospóireacht agus spreagtar é/í chun éisteacht le dearcadh daoine eile. Is féidir obair chiorclach a úsáid i ngach snáithe den chlár in OSPS agus tá sí oiriúnach do gach leibhéal ranga.

Tagann obair chiorclach i gcabhair go sonrach ar pháistí chun machnamh criticiúil a dhéanamh. In a leithéid d'eagar is féidir leis an múinteoir páirt a ghlacadh sa díospóireacht le páistí agus is féidir leo iniúchadh a dhéanamh ar hipitéisí agus coincheapa difriúla, trí cheistiúchán oiriúnach. Sa tslí seo, is féidir le páistí foghlaim conas a dtuairimí a fhoirfiú, a mhalairt de thuairimí a iniúchadh, agus a gcinntí a bhunú ar rud eile seachas mothúchán nó daol ag an nóiméad sin.

Cuid de na saincheisteanna is féidir a iniúchadh in obair chiorclach is ea:

- Cad is áilleacht ann?
- Cén fáth, meas tú, a ngníomhaíonn daoine sa tslí seo?
- Conas a dhéanaimid leatrom ar a chéile?
- Conas a mhothaíonn tú nuair ...?

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Ag forbairt féinmhuiníne

Cuspóir: a mbuanna féin agus buanna daoine eile a aithint

Rang: ranganna 1 agus 2

Céim 1

Suíonn na páistí i gciorcail agus iarrtar orthu ina nduine is ina nduine an abairt a chríochnú.

Táim go maith ag ...

Murar féidir le páiste smaoineamh ar rud éigin, is féidir le páiste eile moladh a thabhairt as a stuaim nó d'fhéadfadh an múinteoir rud éigin dearfa faoin bpáiste a rá.

Céim 2

Is féidir le páistí a dtuairimí nó aon bhua eile nár luadh fós a dheonú.

Is cara dílis é/í...

Tá... go maith chun scóir sacair a mheabhú

Céim 3

Cuirtear ainmneacha na bpáistí go léir isteach i hata agus de réir mar a roghnaítear ainm ba chóir don pháiste sin cuntas a thabhairt air/uirthi féin, ag úsáid ráitis dhearfa. Is féidir le páistí eile cabhrú leis na cuntais, ag déanamh deimhin de nach ndéantar caidéis a bheadh diúltach nó díobhálach.

Céim 4

Filleann gach páiste ar a b(h)inse agus scríobhann siad cúig rud dhearfa faoi/fúithi féin. Ansin is féidir an obair scríofa seo a thabhairt abhaile agus í a iniúchadh i gcomhar leis an tuismitheoir nó caomhnóir.

Eiseamláir 20

Ag cruthú colláise

Is féidir colláisí agus póstaeir a úsáid chun smaointe agus coincheapa a léiriú. Forbraíonn siad cur i láthair cruthaitheach agus cabhraíonn siad le páistí léirthiscint a bhaint amach maidir leis na bealaí difriúla inar féidir teachtaireachtaí a chur in iúl.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Féinaithe

Cuspóir: tréithe, cáilíochtaí, buanna agus lochtanna pearsantachta a aithint agus a phlé agus cuntas a thabhairt orthu

Rang: ranganna naíonán go dtí rang 2

Céim 1

Iarrtar ar gach páiste féinphortráid a dhéanamh, ag baint úsáide as pictiúir in irisí, píosaí fabraice, líne as amhrán, siombail nó dath. Tugtar am dóibh chun an ghníomhaíocht seo a chur i gcrích leo féin.

Céim 2

Tar éis na pictiúir a chríochnú iarrtar ar na páistí a bportráid a phlé le páirtí. Gríosáitear iad chun labhairt ar na cúiseanna ar roghnaíodh nithe áirithe agus an fáth ar cuireadh an pictiúr le chéile ar bhealach ar leith.

Céim 3

Nuair a chuirtear na portráidí uile ar taispeáint sa seomra ranga glacann na páistí páirt i ndíospóireacht ghinearálta leis an múinteoir ranga faoin bpróiseas agus faoin gciall a bhain siad as. D'fhéadfaidís na rudaí seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- an méid a d'fhoghlaim siad fúthu féin i rith an chleachtaidh
- deacracht nó éascaíocht na gníomhaíochta
- na gnéithe coitianta agus iad siúd a bhí difriúil
- cruinneas an léirithe dar leis na páistí eile.



'Mise'



'Seán fada is ainm dom'



'Seo mise'

Eiseamláir 21

Iniúchadh ar dhán

Cuireann úsáid filíochta ar chumas páistí an méid nach eol dóibh a iniúchadh agus is féidir leis an méid is eol dóibh a dhoimhniú. Is féidir dán a iniúchadh i nGaeilge nó i mBéarla.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Caidreamh le daoine eile

Cuspóir: coimhlint i gcairdeas a iniúchadh

Rang: ranganna 3 go dtí 6

Céim 1

Léigh an dán seo a leanas os ard do na páistí:

*I Thought a Lot of You
I thought you were my friend
I thought you said you'd help*

*I thought I could trust you
I thought I could count on you*

*I thought you were loyal
I thought you would understand
I thought I made it sound straightforward
I thought I had someone to talk to
I thought you had an answer*

*I thought you were a good listener
I thought I was telling in confidence*

*I thought I wasn't being stupid
I thought you wouldn't make a fool of me
I thought you weren't going to tell a soul
I thought wrong!*

P. S. Blackman (Jnr) from *Good Grief* by Barbara Ward and Associates

Céim 2

I ngrúpaí beaga, pléann na páistí an eachtra a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le scríobh an dáin, agus ainmníonn siad na daoine atá i gceist, aoisghrúpa an údair agus mothúcháin na ndaoine atá gafa ann. Ansin is féidir leo a smaointe agus a moltaí a roinnt ar an rang.

Céim 3

Iarrtar ar pháistí aonair roinnt de na línte as an dán a léamh, mar shampla

I thought you were loyal

I thought you would understand.

Iarrtar ar an bpáiste a smaointe faoi na línte áirithe seo a chomhroinnt. Is féidir le páistí eile cur leis na moltaí a cuireadh faoina mbráid. Is féidir leis an mhúinteoir smaointe a mhealladh ó na páistí trí cheisteanna oiriúnacha a chur, mar:

Cad iad na slite ina raibh an duine dílis duit roimhe seo?

Conas ar léirigh siad tuiscint?

Cén fáth a bhfuil ionadh chomh mór sin ort?

An ndearna siad aon rud cosúil leis seo riamh cheana?

Cad a dhéanfaidh tú anois, meas tú?

Céim 4

D'fhéadfadh na páistí dráma a fhorbairt bunaithe ar an suíomh ba chúis leis an dán a scríobh. (Déan tagairt do na teicníochtaí agus cur chuige a mholtar sna treoirlínte do dhrámaíocht.)

Obair eisínte

- Dear sraith ceisteanna a d'fhéadfadh an páiste a chur ar an údar.



Gníomhaíochtaí scríofa

Tá go leor deiseanna ann chun gníomhaíochtaí scríofa a úsáid le haghaidh iniúchta ar shaincheisteanna faoi leith chomh maith le gnéithe den ábhar. Tá suirbhéanna, liostaí seiceála, bileoga oibre agus ceistiúcháin ar fad úsáideach chun na páistí a spreagadh chun smaoinimh, chun cuidiú leo léargais nua a bhaint amach agus chun topaicí a scrúdú le doimhneas éigin.

Tá úsáid pobalbhreitheanna agus suirbhéanna coitianta go maith sna meáin, agus is féidir le páistí foghlaim conas breithiúnas níos criticiúla a thabhairt i gcás cuid den chur chuige seo de réir mar a bhaineann siad feidhm astu ina gcuid gníomhaíochtaí féin. Trí liostaí a ullmhú agus ceistiúcháin a chruthú agus a fhreagairt beidh páistí in ann eolas a bhailiú agus a chlárú agus torthaí is tátail a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht. Misníonn tionscadail páistí chun topaic a iniúchadh agus a thaighde go mion smaointe coitianta a cheistiú agus tuairimí is smaointe dá gcuid féin a fhorbairt.

Is féidir le heolas atá bailithe bheith mar bhonn le haghaidh iniúchta nó taighde bhreise agus na páistí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar shaincheist ar bhealach réalaíoch ciallmhar. Tá sé riachtanach go bpléitear aon ghníomhaíocht scríofa a nglactar léi, go ndéantar iniúchadh ar thorthaí agus go dtugtar cúiseanna i gcás tátal ar leith.

Is féidir le páistí a gcuid torthaí a chur i gcóimheas agus a chur i láthair trí cheann de na cláir leagan amach leathanach atá ar fáil a úsáid. Beidh sé níos fusa orthu dá bharr anailís a dhéanamh ar a gcuid sonraí agus teacht ar thátail óna gcuid torthaí. Is féidir leo a gcuid scileanna ríomhaire a fhorbairt agus foghlaim conas a gcuid oibre a chur i láthair ar bhealach tarraingteach, suimiúil agus iad ag cumadh ceisteanna le haghaidh suirbhéanna, ag cur tionscadail i ngníomh nó ag ceapadh liosta seiceála.

Cabhróidh na heispéiris seo leo freisin dul i dtailí ar na bealaí inar féidir teicnícíochtaí léirithe a úsáid chun eolas a chlaonadh, agus chun dearcadh faoi leith a chur chun cinn.

Léiríonn na heiseamláirí ar na leathanaigh seo a leanas roinnt gníomhaíochtaí a éilíonn ar pháistí a gcuid torthaí a scríobh síos nó a chlárú. Ina measc tá

- suirbhéanna
- ceistiúcháin
- liostaí agus liostaí seiceála
- tionscadail
- bileoga oibre.

Eiseamláir 22

Suirbhéanna

Is féidir suirbhéanna a chur i gcrích i ngach rang agus ag páistí aonair nó grúpaí. Tá siad úsáideach i mbailiú eolais ar go leor topaicí, mar shampla rogha bianna, dearcadh ar leith, modhanna sábháilteachta, líon agus minicíocht comharthaí doléite bóthair, rogha táirgí sláinteachais, nó cláir theilifíse.

De ghnáth éilíonn suirbhé ar pháiste nó ar pháistí ceisteanna a chur ar dhaoine eile agus torthaí a thaifeadadh. Sa tslí seo cuidíonn comhpháirtíocht i suirbhéireacht le páistí raon de scileanna sóisialta a fhorbairt, agus éisteacht agus gníomhú ar bhealach cúirteiseach dea-bhéasach ina measc. Éilíonn obair den saghas seo freisin ar pháistí glacadh le freagracht as a gcuid oibre féin agus a bheith sásta a dtorthaí a chur i láthair an ranga.

Le linn suirbhé a chur i gcrích is féidir le páistí ceisteanna dréachtaithe roimh ré a úsáid nó d'fhéadfaidís a liosta féin de cheisteanna a ullmhú. De réir mar a dhéanann siad tástáil ar shuirbhéanna, foghlaimeoidh siad tábhacht an saghas ceiste a chuirtear, agus sula bhfágfaidh siad an bhunscoil beidh tús curtha acu le hiniúchadh ar an gcaoi a dtéann ceisteanna ar leith i gcion ar an gcineál freagra a thugtar.

A thúsce a bhíonn an t-eolas bailithe ag na páistí foghlaimíonn siad conas na torthaí a thaifeadadh i slite difriúla, agus de réir mar a iniúchann siad na torthaí, foghlaimíonn siad conas na sonraí a léirmhíniú nó iad a úsáid mar bhunús le haghaidh tuilleadh taighde. (Naiscfeidh seo leis an snáithaonad 'Ag léirmhíniú agus ag clárú sonraí' i gcuraclam na matamaitice.)

Sna bunranganna is féidir le páistí suirbhéanna a chur i gcrích sa bhaile nó ar scoil ar thopaicí mar a rogha bia nó irisí, na gréithe is coitianta a úsáidtear sa bhaile nó na saghsanna cluichí is minice a imrítear i gclós na scoile. De réir mar a ghabhann na páistí tríd an scoil is féidir go leor saincheisteanna a iniúchadh ag úsáid suirbhé nó ceistiúchán mar thúsphointe. San áireamh anseo bheadh athbhreithniú ar ghnéas-rólanna nó ar ghrúpaí éagsúla eitneacha; pobalbhreith a dhéanamh faoin mbealach is oiriúnaí chun déileáil le saincheist imshaoil áitiúil nó chathartha, bailiú eolais faoin méid ama a chaitear ag féachaint ar an teilifís nó ag imirt cluichí ríomhaire.

Ar ócáidí d'fhéadfadh páistí suirbhé a chur i gcrích i measc grúpaí difriúla mar thuismitheoirí, pháistí i rang naíonán nó iad siúd i seomra ranga sinsearach. As suirbhé dá leithéid seo thioctadh torthaí comparáide agus iniúchta a bheadh an-úsáideach agus suimiúil.

Is eispéireas coitianta daonna é aistriú tí a bhfuil taithí againn go léir air. Is féidir é a úsáid go saoráideach chun díospóireacht ar inimirce a chur chun cinn nó teacht daoine as cultúir dhifriúla go hÉirinn. Is bealach inlámhsithe é suirbhé ar aistriú chun béim a leagan ar ghnáthstaid an eispéiris chomh maith lena mhinicíocht sa tsochaí ina mairimid anois.

Céim 1

Ullmhaíonn na páistí roinnt ceisteanna a d'fhéadfaí a úsáid chun suirbhé a dhéanamh ar thuismitheoirí is ar bhaill eile de theaghlaigh maidir le hócáidí inar aistrigh siad teach. Ba chóir go mbainfeadh na ceisteanna le

- cén fad a chónaigh siad i gceantar
- cén áit ar aistrigh siad as agus cén fáth
- dearcadh maidir le haistriú
- freagairt mhuintir na háite nuair a d'aistrigh siad go láthair nua.

A luaithe a ullmhaíonn na páistí an ceistiúchán is féidir leo ina n-aonar ceisteanna a chur ar a dteaghlaigh, a seanaitheacha agus seanmháithreacha, a ngarchomharsana nó a gcairde.

Céim 2

Tugann na páistí a dtorthaí chun na scoile, agus le linn dóibh saothrú i mbeirteanna is féidir leo na torthaí a chur i gcóimheas. Is féidir an t-eolas a chur i láthair i bhfoirm picteagraim, tic-chairteacha nó píchairteacha, agus sa tslí sin scrúdú agus iniúchadh a dhéanamh ar staidreamh don rang. Léireoidh na torthaí, mar shampla, cé mhéad páiste a d'aistrigh teach; cé mhéad a



Pictiúr dá theach cónaithe á thaispeáint ag páiste

d'aistrigh breis is uair amháin; cé mhéad a tháinig ó chontae eile nó ó thír eile agus na saghsanna dearcaidh a bhí i réim.

Céim 3

Bíodh na páistí páirteach i ndíospóireacht ranga ar na torthaí. Cuir fócas na díospóireachta ar

- chúiseanna a chuireann iachall ar dhaoine baile a aistriú
- na deacrachtaí a bhaineann le haistriú
- an mbealach a chaitear le daoine nuair a aistríonn siad go láthair nua
- na cúiseanna le himirce agus le háitriú
- an tslí a chaitear le himircigh agus roinnt dá mothúcháinsean nuair a shroicheann siad tír dhifriúil.

Spreag na páistí chun iniúchadh a dhéanamh ar a ndearcadh féin i leith roinnt de na daoine difriúla a chónaíonn ina gceantar, nó a thaispeántar ar theilifís. (Déan tagairt sa díospóireacht dóibh siúd atá gan teach. D'fhéadfaí scéalta faoi chásanna ar leith a léamh do na páistí.)

Céim 4

D'fhéadfadh na páistí roinnt taighde bhreise a dhéanamh ar na náisiúnaigh éagsúla a chónaíonn sa chomharsanacht nó a tháinig go hÉirinn le déanaí. Mar an gcéanna, d'fhéadfaidís a dhéanamh amach cé mhéad duine óna gceantar féin a chuaigh ar imirce go Sasana nó go dtí na Stáit Aontaithe le tríocha bliain anuas, nó d'fhéadfaidís scéalta a bhailiú óna dteaghlaigh maidir le gaolta a chónaíonn thar lear anois.

Céim 5

D'fhéadfadh na páistí scéal nó dán a scríobh chun mothúcháin duine a raibh air/uirthi a t(h)ír dhúchais a fhágáil de bharr tosa deacra a chur in iúl.

Snáithaonad: Ag forbairt na saoránachta

Cuspóir: an coincheap a bhaineann le haistriú tí a iniúchadh mar réamhrá ar inimirce a thuiscint

Rang: ranganna 5 agus 6

Eiseamláir 23

Ceistiúcháin

Is bealach éifeachtach iad ceistiúcháin chun topaicí áirithe a iniúchadh. Is féidir le páistí ceistiúcháin a chomhlánú nó a gcinn féin a chruthú. Is gné choitianta den ghnáthshaol iad ceistiúcháin agus tá sé tábhachtach go n-éireodh páistí eolach ar a leagan amach, ar an tslí ina gcumtar ceisteanna agus a n-éifeacht mar bhealach chun eolas a bhailiú a iniúchadh.

Is féidir le páistí agus iad ag úsáid ceistiúcháin eolas a chur ar shaghsanna éagsúla ceisteanna agus dearcadh ceisteach a fhorbairt.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Oideachas na meán cumarsáide, Ag déanamh cinní

Cuspóir: an t-idirlíon mar a úsáidtear é sa seomra ranga a mheas

Rang: ranganna 5 agus 6

Céim 1

Tugann an múinteoir imlíne de stair an idirlín do na páistí agus cad tá i gceist aige a bhaint amach. Meallann sé/sí uathu pé eolas atá acu ar an gcóras cumarsáide seo agus aon eispéiris a bhí acu ina úsáid.

- Is cnuasach de ríomhairí (líonra) é an t-idirlíon atá ceangailte le chéile trí na línte teileafóin a cheadaíonn comhroinnt eolais iltaobhach.
- Is é an t-achar fáis is mire teicneolaíochta ar fad é.
- Is iad an dá chuid is mó a úsáidtear ná ríomhphost agus an gréasán domhanda.

D'fhéadfadh cuid de na páistí an tslí ina úsáidtear é a aithris. Ansin is féidir leo feidhmeanna féideartha an idirlín a scrúdú mar aon leis na buntáistí agus na míbhuntáistí i saghas cumarsáide dá leithéid seo. (D'fhonn an t-idirlíon agus ríomhphost a iniúchadh agus a scrúdú go mion ní foláir go mbeadh taithí éigin phearsanta ag na páistí orthu araon.)

Céim 2

Tabhair ceistiúchán do gach grúpa de thriúr páistí sa rang, agus iarr orthu an fhoirm a líonadh de réir an leathanach a fuair siad ar an idirlíon. Roinnt de na ceisteanna samplacha a d'fhéadfadh a bheith ar cheistiúchán is ea:

Ceistiúchán samplach

Córas an idirlín

- 1 Conas a naisctear thú leis an idirlíon? ríomhaire agus móideim? ceangal díreach ar scoil?
- 2 Cén sracléitheoir gréasáin atá in úsáid agat?
- 3 Cad é URL an leathanaigh ghréasáin ar a bhfuil tú ag féachaint?
- 4 Cad is ainm don suíomh?

Ag féachaint ar leathanach

- 1 An dtógann sé i bhfad ar an leathanach a luchtú?
- 2 An bhfuil pictiúir mhóra ar an leathanach?

- 3 An bhfuil an litriú i gceart ar an leathanach?
- 4 An bhfuil ainm agus seoladh ríomhphoist an údair ar an leathanach?
- 5 Má théann tú ar aghaidh go leathanach eile an bhfuil bealach ar ais ann go dtí an chéad leathanach?
- 6 An bhfuil dáta ann a insíonn duit cathain a rinneadh an leathanach?

Cad a d'fhoghlaim tú?

- 1 An insíonn teideal an leathanaigh duit cad tá i gceist ann?
- 2 An iad na fíricí atá ar an leathanach na cinn a bhí á lorg agat?
- 3 An bhféadfá níos mó eolais a fháil i gclípéid?

Céim 3

Tar éis an ceistiúchán a líonadh roinneann na páistí a dtorthaí ar ghrúpaí eile agus déanann siad iniúchadh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí sna freagraí.

Déanann páistí iniúchadh más féidir leo dul ar seachrán le linn cúrsála dóibh toisc go bhfuil dealramh suimiúil ar leathanaigh eile. Iarr orthu conas a d'fhéadfaidís déileáil leis seo agus freisin na buntáistí agus na míbhuntáistí éagsúla atá le 'scimeáil an líonra'. Ba chóir go gcuirfeadh an díospóireacht fócas ar an ngá le cuspóir shoiléir le linn breathnú ar leathanaigh an ghréasáin agus go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh smacht ag an duine aonair ar an modh atá á úsáid.

Iarr ar na páistí smaoineamh ar bhealaí trína bhféadfaidís féin an gréasán domhanda a úsáid agus má thaitníonn sé leo mar fhoinse iniúchta agus cumarsáide.

Obair eisínte

Mar leathnú ar an obair seo d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh ar an ríomhphost ina bhféadfadh páistí a dteachtaireachtaí féin a chumadh agus iad a chur chuig páistí eile ag a seoltaí ríomhphoist.

Eiseamláir 24

Liostaí agus liostaí seiceála

Tugann úsáid liosta seiceála an deis do pháistí na nithe go léir ar an liosta a chuimsíonn gnéithe ar leith a thabhairt faoi deara. Is féidir leis treoir a thabhairt dóibh ina gcuid iniúchta agus cuidiú leo a bheith níos grinne agus le haire níos mó ar mhionphointí. Is féidir liosta seiceála a úsáid mar thúsphointe ceachta chun feacht faoi shaincheist a chruthú: mar shampla, is féidir le páistí ceann a thógáil de ghnéithe ar leith i gclár áirithe theilifíse mar réamhrá d'iniúchadh ar theilifís. Mar an gcéanna d'fhéadfaí liosta nó liosta seiceála a úsáid mar chríoch le gníomhaíocht ina bhféadfadh na páistí, tar éis dóibh saincheist sábháilteachta sa bhaile a iniúchadh, liosta nó liosta seiceála a chruthú ar na nithe uile nach foláir a dhearbhuí i dteach sula n-imíonn teaghlach ar saoire.

Samplaí eile d'úsáid liosta nó liosta seiceála in OSPS is ea

- iniúchadh ar an topaic 'mí-úsáid substainte'. D'fhéadfadh na páistí tosú trí liosta de na nithe go léir a théann isteach ina gcorp nó a chuirtear ar a gcorp a chruthú. Is féidir leo ansin idirdhealú a dhéanamh eatarthu siúd atá díobhálach agus iad siúd nach bhfuil. Trí liosta a chruthú sa tslí seo is féidir feacht a mhúscailt i bpáistí maidir leis na rudaí go léir a chuirimid isteach nó a chuirimid ar ár gcorp agus a dtuiscint a neartú faoin tábhacht a bhaineann le tionchar na substaintí éagsúla ar shláinte is ar fholláine
- liosta seiceála a chruthú de na nithe go léir ba chóir do pháistí a lorg ar a mbealach ar scoil agus ón scoil agus a leiríonn sábháilteacht le linn taistil, mar shampla soilse tráchta, comharthaí stad, soilse do choisithe nó trasnú séabra, coirceoga tráchta ar an mbóthar, comharthaí géill slí nó comharthaí ainmhithe ag trasnú.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Ag forbairt féinmhuiníne, Ag forbairt na saoránachta

Cuspóir: foghlaim conas gearáin a dhéanamh agus cúiteamh a lorg;

foghlaim mar gheall ar chearta saoránach

Rang: ranganna 5 agus 6

Céim 1

Iarr ar na páistí stoirmeáil inchinne a dhéanamh ar an bhfocal 'Tomhaltóir'. Taifead a gcuid moltaí.

Céim 2

Tabhair píosa páipéir bháin do gach páiste. Iarr orthu na huairéanta go léir a raibh siad ina n-úsáidí le seachtain nó le coicís anuas a liostú. I measc na samplaí bheadh leabhair nó irisí, cártaí, páipéarachas, cóipleabhair, milseáin, cannaí deochanna, deochanna i mbuidéil, cluichí, stampaí, ticéad bus, éadaí, earraí grósaera, bróga a cheannach.

Céim 3

Is féidir leis na páistí teacht le chéile i ngrúpaí beaga chun a liostaí a chur i gcomparáid agus ina dhiaidh sin liosta iomlán amháin a ullmhú a léiríonn tátail an ghrúpa. Mar mhalairt d'fhéadfaidís liosta amháin ranga a chruthú. Tar éis an liosta a scrúdú is féidir leis na páistí iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na saincheisteanna seo a leanas:

- An raibh tú feacht faoin líon uaireanta a cheannaigh tú rudaí i rith na seachtaine seo caite?
- An mbeadh sé seo mar an gcéanna gach seachtain?
- Ag tráthanna áirithe an dtabharfa cuairt níos minice ar an siopa?

- An dtéann tú ag siopadóireacht i d'aonar de ghnáth?
- An bhfuil roinnt siopaí ann nach maith leat cuairt a thabhairt orthu? Cén fáth?

Ag eascairt as an díospóireacht seo is féidir leis an múinteoir iniúchadh a dhéanamh leis na páistí ar na cearta atá acu mar thomhaltóirí agus fócas a chur ar an ngá ócáideach chun gearáin a dhéanamh agus cúiteamh a lorg.

Céim 4

Is féidir raon de thosca a chur i láthair na bpáistí. Mar shampla:

- Cheannaigh an páiste rud sa siopa agus tar éis filleadh abhaile dó chonaic sé/sí go raibh sé lochtach. Cad ba cheart dó/di a dhéanamh?
- Níor freastalaíodh ar pháiste i siopa ina uain: cuireadh iachall air/uirthi fanacht go dtí gur freastalaíodh ar na daoine fásta go léir. Cad ba chóir dó/di a dhéanamh ag an am sin?

D'fhéadfaí tosca mar iad seo thuas nó cinn a mholtar ag na páistí a imirt amach sa rang. Tríd an dráma agus an machnamh a leanann é is féidir leis na páistí iniúchadh a dhéanamh ar na bearta éagsúla a d'fhéadfaí a chur i gcrích sna cásanna seo mar aon leis na sagsanna focal agus teanga a bheadh fíorchabhrach don pháiste.

Eiseamláir 25

Tionscadail

Is féidir tionscadail a úsáid go héifeachtach le gach rang sa scoil. Ag an leibhéal sinsearach d'fhéadfadh páistí iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna faoi leith mar

- bia: foinsí nósanna bia ag grúpaí difriúla, tinnis bunaithe ar bhia, tíortha a tháirgeann bianna éagsúla, praghsanna margaidh
- drugaí: foinsí, torthaí
- faisean: nithe coitianta, athruithe san fhaisean i gcaitheamh na mblianta, brú piaraí, tionchair ar fhaisean
- na meáin: saghsanna meán, úsáid na meán, rogha saghsanna meán, athruithe le blianta beaga anuas.

Bainfidh páistí níos óige taitneamh freisin as iniúchadh ar na topaicí thuas ar bhealach oiriúnach dá n-aois. Roinnt topaicí eile a bheadh oiriúnach don aoisghrúpa seo is ea:

- an áit a bhfuil cónaí orm
- sábháilteacht sa bhaile
- siopadóireacht.

Tá an bhéim i gcur i bhfeidhm tionscadail le haon aoisghrúpa ar pháistí ag fáil agus ag cur eolais de shaghsanna dhifriúla i gcóimheas. San áireamh anseo bheadh dearcadh grúpaí éagsúla, scéal scéil, staidreamh, agus sleachta taifeadta as agallaimh ar chláir theilifíse nó raidió. Caithfidh na páistí a dtorthaí a chur i láthair daoine eile agus bheith in ann ceisteanna faoina modhanna taighde, a bhfoinsí agus gnéithe suntasacha a dtorthaí a fhreagairt. Nuair a bhíonn topaic an-mhion d'fhéadfadh grúpaí éagsúla sa rang fócas a leagan ar ghnéithe difriúla den topaic chéanna nó an t-eolas céanna a chur i láthair i raon de shlite.

Tá tionscadail an-úsáideach chun topaic a chomhtháthú ar fud raon d'achair léinn. Mar chuid d'iniúchadh ar shaincheist bheadh b'fhéidir gné stairiúil, mionscrúdú, roinnt staidrimh nó forbairt teanga. Beidh an fócas i dtionscadal in OSPS ar na torthaí ó ábhair éagsúla a úsáid chun teacht ar thátail, a d'fhéadfadh dul i gcion ar na cinntí a dhéanfaidh an páiste faoi láthair agus san am atá le teacht araon.

Tá ceithre phríomhchéim ann chun tionscadal a chur i gcrích: (1) an topaic a phlé agus a iniúchadh, (2) údarás achair freagrachta a thiomnú, (3) tráthchlár a chumadh le haghaidh críochnú agus ar deireadh (4) foinsí agus modhanna cur i lathair a iniúchadh, agus (5) an tionscadal a chur i láthair. Le linn saolré tionscadail (seachtain nó coicís) tugtar deiseanna rialta do na páistí dul chun cinn a phlé, saincheisteanna a shoiléiriú agus cúnaimh a lorg.

Deimhníonn taispeánt an tionscadail ar feadh tamaill roimh an gcur i láthair deiridh go mbeidh ceisteanna ullmhaithe agus go mbeidh baill eile ranga eolach ar mhionphointí na dtionscadal éagsúil.

Léiríonn na samplaí seo a leanas tionscadail atá oiriúnach do ranganna sóisearacha agus sinsearacha araon. Is tionscadal é an chéad sampla atá bunaithe ar an scoil áitiúil agus tarraingíonn an dara ceann an rang isteach i gcumadh nuachtlitreach.

Snáithaonad: Ag forbairt na saoránachta

Cuspóir: na bealaí éagsúla ina gcothaíonn an scoil mothú cumainn a iniúchadh

Rang: ranganna 1 go dtí 6

Céim 1

Iniúchadh tosaigh ar an topaic 'Ár scoil'. I bhfochair na bpáistí déanann an múinteoir iniúchadh ar ghnéithe éagsúla na topaice agus tiomnaíonn sé/sí gné amháin do gach grúpa sa rang. San áireamh bheadh

- foirgneamh na scoile
- na daoine a fhreastalaíonn ar an scoil agus a dteaghlaigh
- scéalta a chuala siad faoin scoil
- éachtaí de chuid na scoile
- daoine mór le rá a thug cuairt ar an scoil
- cairde na scoile.

Céim 2

Dáiltear freagrachtaí aonair agus grúpa agus cinntear ar thráthchlár le haghaidh chríochnú na chéad chéime. Tugtar am ranga do pháistí chun tosú ar a smaointe a chur le chéile.

Céim 3

Tuairiscíonn na páistí ar an dul chun cinn agus cuireann siad na mionathruithe deireanacha agus aguisíní lena dtionscadal. Spreagtar iad chun a dtátail a chur i láthair in éagsúlacht bealaí.

Céim 4

Ceistítear údair an tionscadail maidir lena gcur i láthair. Taispeánann sé seo don mhúinteoir an leibhéal tuisceana atá ag na páistí faoin méid a bhfuil taighde déanta acu air agus faoin méid atá foghlamtha acu ón bpróiseas. Is féidir leis an múinteoir freisin ceisteanna a chur agus na léiritheoirí a mhisiú chun leathnú ar roinnt de na gnéithe ina dtionscadal.

Céim 5

Tugann údair an tionscadail creatlach den mhéid a d'fhoghlaim siad ón eispéireas, ag cur san áireamh an méid a d'fhoghlaim siad ó na torthaí, ón bpróiseas agus ó bheith ag obair le chéile. D'fhéadfaidís freisin achair eile a d'fhéadfaí a scrúdú a thaispeáint agus deacrachtaí a bhuail leo agus moltaí le haghaidh tionscadail don am atá le teacht a dhéanamh.

Snáithaonad: Oideachas na meán cumarsáide

Cuspóir: nuachtlitir ranga a chumadh

Rang: ranganna 3 go dtí 6

Céim 1

Pléigh leis na páistí an dúshlán a bhaineann le nuachtlitir ranga nó scoile a chumadh. Spreag iad chun eolas cuí, pictiúir, scéalta, agus míreanna nuachta a d'fhéadfaí a chur san áireamh a bhailiú, agus aithnigh na spriocléitheoirí.

Céim 2

Faigh amach ó pháistí na míreanna ba chóir a chuimsiú sa nuachtlitir, mar shampla pictiúir, scéalta agallaimh, crosshocail, spórt, éachtaí scoile nó ranga. Roinn an rang ina ngrúpaí de thriúr nó cheathrar agus tabhair cúram ar fho-roinn ar leith sa nuachtlitir do gach grúpa.

Roinn 3

Iarrtar ar gach grúpa smaoineamh ar theideal is ar shuaitheantas don nuachtlitir. Is féidir leis na páistí vótáil ar son a rogha theidil nó suaitheantais agus ina dhiaidh sin a shuíomh agus a dhath a chinneadh.

Céim 4

Cuireann gach grúpa a chuid ábhair os comhair an ranga. Toghtar foireann eagarthóireachta agus beidh freagracht ar an ngrúpa seo an nuachtlitir chríochnaithe a chur le chéile. San áireamh anseo beidh cúram oibre a leagan ar dhaoine maidir le gearradh agus greamú le taos a dhéanamh agus an dréacht deireanach a dhearadh. Ba cheart páistí a ghríosú chun a nuachtlitir a chumadh ar an ríomhaire agus úsáid a bhaint as clár próiseáil focal nó clár leagan amach leathanach.

Céim 5

D'fhéadfadh an rang a nuachtlitir a chur i láthair na scoile nó coiste chaidrimh phoiblí a thoghadh chun dul i gceann as ar an dáileadh. D'fhéadfadh an rang carthanas a roghnú a bhainfeadh tairbhe as díol na nuachtlitreach.

Obair eisínite

D'fhéadfadh na páistí cuairt a thabhairt ar oifigí nuachtáin áitiúil nó cuireadh a thabhairt do thuaisceoirí áitiúla teacht chucu agus labhairt leis an rang. Mar an gcéanna d'fhéadfaidís obair na ndaoine éagsúla a chuidíonn leis an nuachtán a iniúchadh go sách mion.

D'fhéadfaidís iniúchadh a dhéanamh ar an saghas fógraíochta a fhoilsítear i nuachtáin agus in irisí, mar aon lena chostas.

Eiseamláir 26

Bileoga oibre

Is féidir bileoga oibre a úsáid ar shlite éagsúla agus le gach aoisghrúpa agus raon cumais sa scoil. Is bealach cabhrach iad bileoga oibre chun saincheistanna a phléitear ar scoil a chur in iúl do thuismitheoirí mar go bhfeiceann siad le fios bunaidh an saghas ábhair atá faoi chaibidil sa scoil agus is féidir leo an topaic a iniúchadh a thuilleadh lena bpáistí sa bhaile. Seo a leanas roinnt samplaí d'úsáid bileoga oibre:


- D'fhéadfadh páistí liosta de cheistanna ábhartha a fhreagairt, chun eolas a tugadh i gceacht ar dhrugaí a dhaingniú agus na torthaí éagsúla a bhaineann leo.
- Tar éis scéal a léamh do na páistí tugann an múinteoir bileog oibre dóibh a chuimsíonn sraith de cheistanna. Beidh raon sna ceistanna uathu sin atá bunaithe ar an ábhar go dtí ceistanna a éilíonn ó pháistí tátail a aimsiú, nó tuairimí pearsanta a thairgeadh.
- Tar éis saincheist áirithe a phlé d'fhéadfaí bileog oibre le dhá cholún a chur os comhair na bpáistí, colún amháin le *déan* ar a bharr agus an ceann eile le *ná déan*. Is féidir leis na páistí ansin roinnt díobh sin le *déan* agus *ná déan* atá bainteach leis an topaic a aithint.
- Is féidir lipéid a mheaitseáil le léirithe ar ghairmeacha beatha nó náisúintachtaí faoi leith. Tar éis na bileoga oibre comhlíonta a scrúdú d'fhéadfadh na páistí saincheist an bhuanchrutha agus lipéadú míchruinn a iniúchadh.

Plean ceachta samplach

Snáithaonad: Féinaithne

Cuspóir: éirí feasach fúm féin agus faoin saol mórthimpeall orm trí úsáid mo chéadfaí

Rang: naíonáin shóisearacha agus shinsearacha



Sampla de bhileog oibre A4

Céim 1

Faigh amach ó na páistí a cúig nó sé de rudaí a chonaic siad, a chuala siad, a bhlais siad, ar theagmhaigh siad leo nó a bholaigh siad roimh theacht ar scoil dóibh ar maidin. Pléigh na céadfaí ar leith a d'úsáid siad ag déanamh deimhin de go dtuigeann na páistí an focal 'céadfa'.

Mar mhalairt d'fhéadfadh an múinteoir na páistí a chur ag imirt cluiche ag úsáid céadfa amháin, mar shampla 'Cogair Shíneacha' nó tomhas a dhéanamh ar ainm ruda trí theagmháil leis agus púicín ar na súile.

Faigh samplaí eolais ó na páistí fúthu féin nó faoin saol a fhaightear trí úsáid na gcéadfaí. Mar shampla, tagann boladh gleoite as crainn Nollag, tá mothú deilgneach acu, agus tá cruth triantáin orthu.

Céim 2

Tabhair cóip den bhileog oibre a thaispeántar ar an leathanach seo do gach páiste sa rang:

Céim 3

Pléann na páistí leis an gcuid eile den rang na pictiúir a d'áirigh siad ar an mbileog oibre. Ina dhiaidh sin d'fhéadfadh an múinteoir iad a cheistiú i dtaobh ar chuir siad san áireamh, mar shampla trí spreagadh a thabhairt dóibh smaoineamh ar shamplaí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar roinnt de na céadfaí.

Céim 4

Smaoiníonn na páistí ar an mboladh, teagmháil, blaiseadh, radharc nó fuaim is ansa leo agus ansin léiríonn nó insíonn siad don rang é. D'fhéadfaidís chomh maith nithe nó daoine a cheanglaíonn siad le blaiseadh, radhairc, fuaimeanna srl. ar leith a iniúchadh.

Na meáin agus teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Cónaíonn páistí i sochaí eolais agus tá sé riachtanach go dtugtar deiseanna dóibh in OSPS chun

- teacht ar eolas agus é a fháil ar ais
- teicníochtaí a úsáidtear sna meáin a iniúchadh mar aon leis na teicneolaíochtaí éagsúla cumarsáide
- foghlaim conas cinneadh a dhéanamh agus éirí níos tuisceanaí in úsáid na teicneolaíochta agus na meán
- féinmhisneach a fhorbairt in úsáid raon leathan teicneolaíochta
- a scileanna gaolmhaireachta a fhorbairt de réir mar a aimsíonn siad bealaí nua cumarsáide agus a dhéanann siad iniúchadh agus foghlaim le chéile.

Tá raon de dhlúthdhioscaí ar fáil a bhaineann le saincheisteanna mar chiorcail bheatha, anailísiú ar nósanna itheacháin, fás suas le chéile, an cholainn dhaonna, próisis ghiniúna, thoirchis agus bhreithe. Léirítear na saincheisteanna seo ar bhealaí shuimiúla, agus le cabhair thasc-chártaí cuidíonn siad le páistí de gach aois na gnéithe seo den chlár a thuiscint. Tugann cláir phróiseáil focal agus cláir leagan amach leathanach seans do pháistí a gcuid oibre féin a dhréachtú, a eagrú agus a cheartú. Cuireann sé seo ar a gcumas a smaointe, a dtorthaí nó a moltaí a chur in iúl ar bhealach suimiúil nua.

Is féidir le páistí obair go han-éifeachtach i mbeirt nó i ngrúpaí beaga ar a leithéid de thascanna, agus nuair a roinneann siad smaointe agus

nuair a dhéanann siad iniúchadh le chéile, is féidir leo foghlaim lena chéile agus óna chéile.

Bíonn ábhar mórán clár theilifíse agus raidió, fógraí agus físeán cabhrach i scrúdú topaicí áirithe in OSPS. Ina measc seo áirítear gaolmhaireachtaí, fás agus athrú, sárú coimhlinte, íomhá coirp, sábháilteacht agus déileáil le hathrú. Is cabhair do pháistí é sleachta a thairgeadh ó chlár agus iad a phlé agus a anailísiú sa seomra ranga chun na teicníochtaí a úsáidtear a thuiscint, chun táirgí agus stíleanna maireachtála a chur chun cinn, chun an difríocht idir an fhírinne agus bréag a thuiscint agus a bheith eolach ar bhrí an 'lucht éisteachta roghnaithe'.

Is féidir raon leathan bunábhar ar a lán topaicí a fháil ón idirlíon. Tá sé tábhachtach go dtugtar buneolas ar an idirlíon do pháistí de réir a chéile agus ar bhealach struchtúrtha, agus go mbíonn tuiscint acu ar a thionchar agus ar an gcultúr, na luachanna agus an dearcadh a chuireann sé chun cinn. Trí úsáid an idirlín aithneoidh páistí an gá atá le cinneadh agus rogha a dhéanamh ar an toirt. Tugann OSPS an deis chun scileanna i gceartúsáid an idirlín a chur chun cinn agus chun cur ar chumas an pháiste a bheith ina úsáidire tuisceanach dea-aithneach an idirlín.

Ag breathnú ar obair páistí

Obair páistí

Is féidir le múinteoirí an cur chuige teagaisc a gcuirtear síos air sna treoirlínte seo a úsáid chun raon d'eispéiris foghlama a sholáthar dá bpáistí. Soláthraíonn comhpháirtíocht na slite ina nglacann páistí páirt sna gníomhaíochtaí éagsúla, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon, sruth eolais mar gheall ar a ndul chun cinn sa churaclam in OSPS.

Tá an t-eolas seo riachtanach don mhúinteoir chun teacht ar bhreithiúnas gairmiúil faoi mar atá ag éirí leis na páistí ina gcuid foghlama agus chun a chur ar a c(h)umas cuidiú le páistí foghlaim níos éifeachtaí a dhéanamh. Úsáidfear roinnt teicníochtaí i gcnuasach agus i gclárú eolais maidir le dul chun cinn na bpáistí in OSPS. Tá a chúnamh féin le tabhairt ag gach ceann díobh chun cabhrú leis an múinteoir dul chun cinn a mheas, buanna agus deacrachtaí a nochtadh, cumarsáid a dhéanamh leis an bpáiste, le tuismitheoirí agus le daoine eile, agus i bpleanáil eispéiris bhreise foghlama don pháiste.

Breathnóireacht an mhúinteora

Tá breathnóireacht an mhúinteora ar cheann de na huirlisí measúnaithe is tábhachtaí in OSPS. Soláthraíonn gnéithe d'fhoghlaim páistí a thugann múinteoirí faoi deara nuair a bhíonn topaicí agus saincheisteanna in OSPS á múineadh agus á n-iniúchadh eolas atá luath agus riachtanach araon faoi fhoghlaim an uile pháiste. Is féidir breathnóireacht neamhfhoirmiúil a dhéanamh de réir mar a thugann páistí faoi thascanna nó iniúchadh, nuair a ghlacann siad páirt i raon de thascanna idirghníomhacha agus aonair, nuair a dhéanann siad idirghníomhú leis an múinteoir agus nuair a ghlacann siad páirt i ndíospóireachtaí. Bíonn breathnóireacht luachmhar chun cabhrú leis an múinteoir an méid a bhfuil forbairt ar dhearcadh agus scileanna áirithe déanta ag na páistí a mheas, chomh maith leis an méid atá foghlamtha acu chun páirt a ghlacadh i bhféinmheasúnú agus a gcuspóirí agus spriocanna féin a leagan síos.

Tagann cuid de mhionphointí foghlama na bpáistí chun solais ar bhealach teagmhasach, ach ar ócáidí eile b'fhéidir go gcinnfeadh múinteoirí ar thorthaí foghlama ar leith a lorg. De réir mar a bhreathnaíonn an múinteoir ar na páistí ina n-idirghníomhaithe agus a gcumarsáid laethúil sa rang, is féidir leis/léi na slite inar féidir leis an bpáiste saothrú le daoine eile, na saghsanna ceisteanna a chuirtear, agus an leibhéal spéise agus féinmhuiníne a thaispeántar a thabhairt faoi deara. Is féidir leis an múinteoir, chomh maith, na páistí atá in ann cabhair a lorg a

aithint mar aon leo siúd a bhfuil nó nach bhfuil forbairt déanta acu ar scileanna riachtanacha chun deacrachtaí agus athruithe a láimhseáil. Trí bhreathnú ar pháistí ag idirghníomhú le chéile, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, is féidir leis an múinteoir teacht ar na páistí sin atá in ann caidreamh éifeachtach a dhéanamh le daoine eile agus orthu siúd a bhfuil cabhair de dhíth orthu i bhforbairt scileanna agus cumais shóisialta.

De réir mar a oibríonn páistí le chéile ar ghníomhaíocht áirithe is féidir leis an múinteoir breathnú ar a leibhéal spéise sa topaic, an tslí ina gcuireann siad chun na hoibre atá idir lámha, agus a dtuiscint ar na gnéithe atá i gceist.

Beidh sé cabhrach don mhúinteoir roinnt nótaí a choimeád faoina b(h)reathnóireacht neamhfhoirmiúil ar na páistí agus iad ag obair agus ag idirghníomhú. Ba cheart na nótaí seo a bheith gonta, agus is féidir leo bheith úsáideach don mhúinteoir le linn pleanála don am atá le teacht agus i dteagmháil leis an bpáiste, le tuismitheoirí agus le múinteoirí eile.

Tascanna agus triailacha a dhear an múinteoir

Tá béim ar leith in OSPS ar dheiseanna a chur ar fáil do pháistí a bheith gafa go gníomhach ina gcuid foghlama féin. Trí raon de ghníomhaíochtaí struchtúrtha is féidir le páistí go leor saincheisteanna agus topaicí atá ábharthach do ghnéithe sóisialta, pearsanta agus sláinte ina saol a iniúchadh. Cuireann gníomhaíochtaí den saghas seo le hagallamh, ceistiú, machnamh agus gníomh. Is féidir le páistí, agus teicníochtaí éagsúla in úsáid acu, an méid atá foghlamtha acu a inmheánú agus an fhoghlaim a chur i bhfeidhm ar ghnéithe difriúla dá mbeatha féin.

Trí thascanna agus thrialacha a dhearadh a fhreastalaíonn ar straitéisí teagaisc agus foghlama a mholtar, is féidir leis an múinteoir dul chun cinn an pháiste in OSPS a mheas. Ba chóir d'aon tasc a úsáidtear freastal freisin ar an éagsúlacht d'éirimí sa rang agus gan a bheith i gcónaí faoi cheangal ag saghas amháin cur chuige. Mar shampla, nuair atá léamh ar ghrianghraf nó chlár teilifíse foghlamtha ag an rang, d'fhéadfadh an múinteoir grianghraf nó sliocht as físeán a chur i láthair na bpáistí agus a iarraidh orthu an íomhá a 'dhíthógáil' agus labhairt faoina dtátail. Trí thasc mar seo a úsáid, aimseoidh an múinteoir cé chomh maith a thuigeann páiste an próiseas agus trí thuilleadh ceistiú is féidir leis/léi mionphointí a fháil ón bpáiste faoi cad tá foghlamtha aige/aici.

Sa tslí chéanna, b'fhéidir go mbeadh iniúchadh déanta ag na páistí ar

bhealaí chun coimhlint a réiteach. Nuair a chuirtear roinnt cnámhscéalta ina láthair ina bhfuil coimhlint soiléir is féidir leis na páistí a dtuiscint ar na straitéisí agus ar na bealaí ina bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm i ngach suíomh díobh a thaispeáint. D'fhéadfadh an tasc a éileamh ar na páistí páirt a ghabháil i ngníomhaíocht dhrámaíochta nó a dtáil a chur i láthair ó bhéal.

Ar ócáidí beidh sé cabhrach tasc a dhearadh a d'fhéadfaí a úsáid chun eolas agus tuiscint an pháiste ar thopaic a chinntiú. Mar shampla, sna ranganna sinsearacha is féidir le páistí foghlaim faoi choincheap an daonlathais agus ról an Uachtaráin, toghcháin agus an Bhunreachta. Tar éis an tsaincheist seo a phlé agus a iniúchadh go mion d'fhéadfadh an múinteoir bileog oibre a chumadh a chuideodh le teacht ar an eolas atá cnuasaithe ag na páistí. Is féidir seo a fhorlíonadh, nó tasc a chur ina áit, nuair atá na páistí in ann tobchumadh a dhéanamh ar thoghchán nó dán a scríobh ar 'lá i saol an Uachtaráin.' Cabhróidh na saghsanna gníomhaíochtaí seo go léir leis an múinteoir chun measúnú a dhéanamh ar nádúr na tuisceana atá bainte amach ag an bpáiste.

Sna ranganna sóisearacha foghlaimíonn páistí faoi bhealaí chun fanacht sábháilte. I ndiaidh iniúchadh ar an aonad seo, d'fhéadfadh an múinteoir roinnt gníomhaíochtaí a dhearadh a cheadódh do na páistí a gcuid eolais ar shábháilteacht a léiriú mar aon leis na straitéisí a foghlaimíodh. Mar chuid de na tascanna seo bheadh sraith de ráitis

oscailte nár mhiste a chomhlánú, raon de roghanna pictiúrtha a d'fhéadfaí roghnú astu, nó ról-aithris nár mhiste a léiriú.

Áirítear, i measc roghanna eile, páistí ag déanamh suirbhéanna nó agallaimh nó ag cnuasú nithe a léiríonn coincheap ar leith. Tá an liosta de thascanna féideartha gan chríoch agus nuair a úsáidtear go críonna é is féidir leis bheith fíorfhaisnéiseach don mhúinteoir agus é/í ag pleanáil gníomhaíochtaí breise in OSPS.

Bailiúcháin oibre agus tionscadail

Tiocfaidh go leor samplaí oibre as na gníomhaíochtaí atá curtha i gcrích ag na páistí. Sa chás go gcuasaítear iad seo i mbailiúchán curtha le chéile ag an bpáiste beidh siad mar fhoinsé úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar thuiscint is ar scileanna na bpáistí. Is féidir le bailiúcháin oibre a bheith sa réimse ó fhillteán simplí go dtí leabhar gearrthóg nó comhad.

I rith na bliana beidh go leor samplaí oibre curtha i gcrích ag na páistí, agus cé go gcoimeádfaidh an páiste iad seo uile i mbailiúchán pearsanta, is féidir sampla tofa a roghnú le háireamh sa bhailiúchán a ndéanfaidh an múinteoir measúnú air ar deireadh. Ba chóir go léireodh an sampla a roghnófaí, pé acu ag an múinteoir nó ag an bpáiste é, éagsúlacht san obair, dul chun cinn an pháiste agus a eispéireas ar shnáitheanna éagsúla sa churaclam.

Ba chóir go mbeadh dáta na gníomhaíochta ceangailte leis na samplaí, mar aon le comhartha faoin gcabhair a tugadh don pháiste má tugadh i gcomhlánú an taisc. Cuirfidh an cnuasach seo ar chumas an mhúinteora breithiúnas gairmiúil eolach a thabhairt ar dhul chun cinn an pháiste agus a (h)ullmhacht le haghaidh eispéiris bhreise foghlama. Is féidir samplaí a úsáid mar bhonn le haghaidh taispeántais ag deireadh téarma nó deireadh na bliana scoile agus mar eolas don mheasúnú atá cláraithe ar chárta próifíle an dalta.

Is bealach úsáideach freisin iad tionscadail a chuir duine aonair nó grúpaí de pháistí i gcrích sa rang chun measúnú a dhéanamh ar thuiscint páistí agus ar a scil agus a bhforbairt ó thaobh dearcaidh ar thopaic faoi leith. Is féidir leis an múinteoir an t-eolas a cnuasaíodh a thabhairt faoi deara, na modhanna taighde a úsáideadh, an tslí inar oibrigh na páistí le chéile, na stíleanna léirithe agus an éascaíocht lenar fhreagair páistí ceisteanna a bhí bainteach lena dtionscadal.

Tá ról le himirt ag bailiúcháin oibre agus tionscadail araon chun eolas a sholáthar don mhúinteoir atá le cur in iúl do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn an pháiste. Is cabhair iad freisin chun cumas páistí a fháil amach maidir le cuspóirí agus spriocanna páistí ar leith nó grúpa a leagan amach, mar aon leis na bealaí inar aimsíodh nó nár aimsíodh iad seo. Cuidíonn siad freisin le pleanáil an mhúinteora, ag léiriú deacrachtaí áirithe, na lochtanna agus na buanna a bhaineann le cur chuige ar leith, nó an t-ábhar atá déanta go críochnúil chomh maith leis sin a mbeadh breis daingniú agus iniúchta de dhíth air.

Ag iniúchadh nuachtán



Roinn 6

Aguisín

Roinnt foinsí úsáideacha don OSPS

Clár Chosc ar Mhí-úsáid Páistí,
Ospidéal Cherry Orchard, Cluain
Dolcáin,
Baile Átha Cliath 10.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí—
Bunscoileanna,
16/20 Sráid Cumberland Theas,
Baile Átha Cliath 2.

Fondúireacht Sláinte Déadaí, Richview,
Bóthar Chluain Sceach, Baile Átha
Cliath 14.

Údaráis Réigiúnda Sláinte
féach liosta sna heolairí teileafóin

Lárionaid oideachais
féach liosta sna heolairí teileafóin

Seirbhís Tacaíochta OCG, Coláiste
Oideachais Phádraig,
Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

Údarás Sláinte agus Sábháilteachta,
Plás Uí Ógáin, Baile Átha Cliath 2.

Lárionad an Lucht Siúil Pointe Pavee,
46 Sráid Charles Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

Lárionad Náisiúnta Acmhainní Páistí,
Cearnóg Eaglais Chríost,
Baile Átha Cliath 8.

Tionscadal Chosc ar Mhí-úsáid
Substaint. Bunscoileanna
Bóthar na Mainistreach

Líonra Tacaithe Sláinte na Scoileanna,
Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9.

Cluain Dolcáin
Baile Átha Cliath 22.

Aonad Tacaithe Sláinte,
Roinn Sláinte agus Páistí,
Sráid Haicín,
Baile Átha Cliath 2.

Critéir shamplacha chun acmhainní a roghnú

An bhfuil an acmhainn atá i gceist

- de réir pholasaithe na scoile?
- ag teacht le prionsabail an churaclaim in OSPS?
- solúbtha go leor chun eolas na bpáistí faoi láthair a chur san áireamh agus ceadú don mhúinteoir an méid seo a nascadh leis an bhfoghlaim úrnua?
- tarraingteach do pháistí agus don mhúinteoir?
- nua-aimseartha?
- tionlactha le treoracha soiléire faoi conas a d'fhéadfaí í a úsáid sa rang?
- saor ó chlaontacht?
- déanta ag gníomhaireacht chreidiúnach?
- gan buanchruthú ciníoch nó gnéasach?
- ag teacht le cuspóirí agus aidhmeanna an chláir ranga in OSPS?
- ag freastal ar mhodhanna ghníomhacha foghlama?
- dea-dheartha agus buanseasmhach?

Foinsí tofa don churaclam agus do na treoirínite

Armstrong, T.	<i>Multiple Intelligences in the Classroom</i>	Virginia, ASCD Publications, 1994
Baldwin, P., agus Hendy, L.	<i>The Drama Book: An Active Approach to Learning</i>	London, Collins, 1994
Beane, J. A.	<i>Affect in the Curriculum</i>	New York, Teachers' College Press, 1994
Beck, C.	<i>Better Schools: A Values Perspective</i>	London, Falmer Press, 1990
Berwick, P., agus Burns, M.	<i>The Rights of the Child</i>	Baile Átha Cliath, Council for Social Welfare, 1991
Best, R.	<i>Education, Spirituality and the Whole Child</i>	London, Cassell, 1996
Comhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta	<i>Relationships and Sexuality Education Interim Curriculum and Guidelines</i>	Baile Átha Cliath, Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1996
Comhairle Náisiúnta na nÓg	<i>Ireland All Different All Equal: An Anti-Racist and Equality Education pack</i>	Baile Átha Cliath, Comhairle Náisiúnta na nÓg, 1994
Consumentenbond	<i>Children and Advertising</i>	Amsterdam, Consumentenbond, 1996
Crosscare	<i>Celebrating Difference</i>	Baile Átha Cliath, Blackrock Teacher's Centre, 1994
Curriculum Council for Wales	<i>Opportunities for Health Education at Key Stages 1-4</i>	Caerdydd, Curriculum Council for Wales, 1993
Dyregrov, A.	<i>Grief in Children</i>	Pennsylvania, Jessica Kingsley, 1992
European Year Against Racism Committee	<i>Schools and Clubs Against Racism Pack</i>	Baile Átha Cliath, National Co-ordinating Against Racism, 1997
Flattery, M., Lawlor, M., agus MacIntyre, N.	<i>The Stay Safe Programme</i>	Baile Átha Cliath, Health Promotion Unit, 1991
Fountain, S.	<i>Learning Together</i>	Cheltenham, World Wildlife Fund for Nature, 1994
Goldman, D.	<i>Emotional Intelligence</i>	London, Bloomsbury Publications, 1996
Hanafin, J. (ed.)	<i>Towards New Understandings: Assessment and Theory of Multiple Intelligences</i>	Corcaigh, UCC, 1997
Harpley, A.	<i>Bright Ideas Media Education</i>	Leamington Spa, Scholastic Publications, 1990
Haydon, G.	<i>Teaching about values</i>	London, Cassell, 1997

Health Promotion Unit	<i>The Health-Promoting School: Proceedings of Conference</i>	Baile Átha Cliath, Health Promotion Unit, 1992
Hegarty, T., Larkin, T., agus Honan, A.	<i>Windows on the World: Shaping and Being Shaped by Culture (4 vols.)</i>	An Uaimh, Columban Fathers and Sisters, 1992
Hope, A., agus O'Sullivan Ryan, A.	<i>Action for Life: Health-Related Exercise Programme</i>	Baile Átha Cliath, Health Promotion Unit, 1994
Kahne, J.	'The politics of self-esteem'	<i>American Education Research Journal</i> , Spring, 1996
McAteer, A.	<i>The Space Challenge: A Nutrition Education Programme for Third and Fourth Classes</i>	Baile Átha Cliath, Health Promotion Unit, Department of Education, agus Bord Sláinte 1995.
McAteer, A., agus English, B.	<i>Lifeskills Programme for the Primary School (4 vols.)</i>	Dún na nGall, Bord Sláinte an Oir-thuaiscirt, 1990
McFarlane, C.	<i>Hidden Messages? Activities for Exploring Bias</i>	Birmingham, Development Education Centre, 1986
Merrick, B.	<i>Exploring Poetry</i>	Sheffield, NATE, 1991
Moon, A.	<i>Understanding Disability</i>	Salford, Tacade, 1992
Mortimer, H	<i>Personal and Social Development</i>	Leamington Spa, Scholastic Publ. 1998
Moon, A., agus Lloyd, J.	<i>Skills for the Primary School Child</i>	Salford, Tacade, 1990
Mosley, J.	<i>Turn Your School Around</i>	London, LDA, 1993
Naidoo, J., agus Wills, J.	<i>Health Promotion: Foundations for Practice</i>	London, Bailliere Tindall, 1996
Ní Aonghusa, C.	<i>Towards a Critical Understanding of the Marketplace: Consumer Education at Primary and Post-Primary Level</i>	Baile Átha Cliath, Aonad Forbartha Curaclaim, 1997
Ní Aonghusa, C., agus McSkeane, L.	<i>Consumer Action: A Study Pack for the Promotion of Consumer Awareness</i>	Baile Átha Cliath, Aonad Forbartha Curaclaim, 1995
Nutrition Advisory Group	<i>Food and Nutrition Policy</i>	Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1995
O'Neill, C., Lambert, A., Linnell, R., agus Warrwood, J.	<i>Drama Guidelines</i>	London, Heinemann Educational Books, 1997

O'Sullivan, E., Healy Eames, F., O'Sullivan, C., agus Kavanagh, N.	<i>Bí Folláin: A Programme in Social and Health Education (4 vols.)</i>	Luimneach, Mid-Western Health Board, 1994
Poulton, P., agus Simms, G.	<i>People and Their Communities</i>	Cheltenham, World Wildlife Fund for Nature, 1993
Rogers, C.	<i>Child-Centred Therapy</i>	London, Constable, 1989
Roinn Oideachais	<i>Gender Matters</i>	Baile Átha Cliath, Roinn Oideachais, 1995
Roinn Oideachais	<i>Report of the Expert Advisory Group on Relationships and Sexuality Education</i>	Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair, 1995
Rowe, S., agus Humphries, S.	<i>Playing Around</i>	Suffolk, Forbes Publications, 1994
Scottish Consultative Council on the Curriculum	<i>Personal and Social Development Curriculum, 5–14</i>	Dundee, SCCC, 1992
Scottish Consultative Council on the Curriculum	<i>Sharing Responsibility: Ideas for Integrating Key Aspects of the European Dimension into the Curriculum</i>	Dundee, SCCC, 1995
Scottish Consultative Council on the Curriculum	<i>Values in Education: A Discussion Paper</i>	Dundee, SCCC, 1995
Scottish Consultative Council on the Curriculum	<i>The Heart of the Matter: Education for Personal and Social Development</i>	Dundee, SCCC, 1995
Tattum, E. agus D.	<i>Social Education and Personal Development</i>	London, David Fulton Publishers, 1992
Thacker, J., Pring, R., agus Evans, D.	<i>Personal, Social and Moral Education in a Changing World</i>	London, Nelson, 1987
Ward, B., agus Associates	<i>Good Grief: Exploring Feelings of Loss and Death with Under-Elevens</i>	London, Jessica Kingsley Publishers, 1993
Wetton, N., agus Cansell, P.	<i>Feeling Good: Raising Self-Esteem in the Classroom</i>	London, Forbes Publications, 1993
Woodcraft Folk	<i>The Woodcraft Folk Games Book 11</i>	London, Woodcraft Folk, 1989

Gluais

am ciúin	aon am nuair is féidir leis an bpáiste bheith ciúin ann/inti féin agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí gan cur isteach air/uirthi.
féinchoincheap	an cnuasach ar leith de smaointe nó de dhearcaí atá againn fúinn féin ag am ar bith
féinfheasacht	aithne ar an duine féin mar dhuine aonair ar leith. Forbraítear seo trí mhothú sóisialta, éisteacht ionbhách, macántacht agus tuiscint ar conas a úsáidtear meicníocht chosanta
féinghlacthacht	an comhionannas idir féinchoincheap an duine agus é féin go hidéalach
féinmheas	an méid a bhraitheann daoine go bhfuil siad fiúntach, cumasach, suntasach agus éifeachtach
foghlaim chomhoibritheach	an fhoirm sin d'fhoghlaim ghrúpa a bhfuil mar shaintréithe aici grúpaí cumais mheasctha, idirspleáchas dearfa, cuspóirí coitianta grúpa, grúpaí atá struchtúrtha go cúramach, freagracht indibhidiúil agus ceannas comhpháirteach
grúpa eitneach	grúpa laistigh de dhaonra níos mó atá indealaithe ag cáilíochtaí mar bhunús coitianta, tíreolaíoch, teanga, cultúr nó traidisiúin creidimh
idirphearsanta	gaolmhar le caidrimh an duine le daoine eile trína dtugann duine faoi deara agus ina ndéanann sé/sí idirdhealú idir giúmar, intinn, inspreagadh agus mothúcháin daoine eile
inphearsanta	feasacht faoin duine féin agus do fhéineolas agus tuiscint. Is é atá ann ná an phearsa a bheith feasach faoina g(h)iúmar inmheánach, intinn, inspreagadh, m(h)eon agus m(h)ianta
sláinte	acmhainn le haghaidh beatha laethúil ach nach cuspóir maireachtála í. Is coincheap dearfa é a chuireann béim ar acmhainní sóisialta agus pearsanta chomh maith le cumais fhisiceacha.

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSPS

Ullmhaíodh na treoiríníte seo faoi stiúir an Choiste Curaclaim don OSPS a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Cathaoirleach	Sally Sheils	Cumann Múinteoirí Éireann
Baill an choiste	Denis Coleman	Cumann Múinteoirí Éireann
	Angela Griffin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Audrey Johnston	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Muireann Ní Leoin	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Sr Regína Ní Loideáin	Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna
	Deasún Ó Bruadair	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
	Colm Ó Ceallacháin	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Micheál Ó Cinnéide	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Carmel O'Doherty	Cumann Múinteoirí Éireann
	Proinsias Ó Dughail	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Oifigeach oideachais	Clare O'Leary	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Eileen O'Sullivan	Uachtaráin na gColáistí Oideachais
	Noreen Kavanagh	
Oifigh oideachais	Carmel O'Doherty	
	Eileen O'Sullivan (go 1996)	

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirleach	Tom Gilmore	
Baill an choiste	Séadhna de Blán (ó 1995)	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Liam Ó hÉigeartha (ó 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Dympna Glendenning (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Fionnuala Kilfeather (ó 1995)	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Éamonn MacAonghusa (go 1996)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Ath Gearóid Mac Conmara (ó 1995)	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Peadar Ó Maoláin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Síle Ní Núnáin (ó 1995)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Eugene Wall	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Comhordaitheoir	Caoimhe Máirtín (go 1995)	
Leas- phríomhfheidhmeannach	Lucy Fallon-Byrne (ó 1995)	
Príomhfheidhmeannach	Albert Ó Ceallaigh	

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (go 1996), Dr Caroline Hussey (ó 1996)

Buíochas

As cead a thabhairt ábhar a úsáid is mian leis na foilsitheoirí buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí agus na daoine seo a leanas:

<i>Úinéir an chóipchirt</i>	<i>Ábhar</i>	<i>Leathanach</i>
Na Náisiúin Aontaithe	Suaitheantas na Náisiún Aontaithe Coinbhinsún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste-Alt 29	4
Raymond Wilson Faber and Faber	<i>This Letter's to Say</i>	66
Colm Mahady	Grianghraif le cead Colm Mahady agus Photospeak	70
World Health Organisation	Cur síos ar 'sláinte' in <i>Health Promotion: Foundations for Practice</i> . J. Nadoo and J. Wills	74
Aonad Cothaithe Sláinte, Roinn Sláinte agus Leanaí	Grianghraf de réimse foilseachán atá ar fáil ón Aonad Cothaithe Sláinte	82
Blackman, P.S. Barbara Ward and Associates	<i>I Thought a lot of you</i> ó Good Grief.	87
Irish Traveller Movement/ D. Boland, Silver Image Photography	Pictiúr de pháiste ag tarraingt ar an gclár dubh	90

Rinne na foilsitheoirí gach iarracht, chomh fada agus ab fhéidir é, foinsí a admháil. Ba mhaith leis na foilsitheoirí, dá bhrí sin, eolas a fháil ó úinéir cóipcheart ar bith nach ndearnadh admháil leis.

Ar son slí agus cead a thabhairt grianghraif a thógáil, ba mhaith leis na foilsitheoirí buíochas a ghabháil leo seo a leanas: boird bhainisteoireachta, príomhoidí, múinteoirí agus páistí na mbunscoileanna ar fud na tíre a chomhoibriú leis an tionscadal. Tugaimid admháil freisin don chabhair a thug lárionad an Lucht Siúil Pavee Point dúinn.

Aistritheoir Comhordaitheoir	Micheál Ó Loingsigh (Curaclam) Tomás Ó Fiacháin (Curaclam)
Aistritheoir Comhordaitheoir	Micheál Ó Loingsigh (Treoirlínte) Tadhg Ó Siocfhradha (Treoirlínte)
Eagarthóir	Nóirín Ní Nuadháin

ISBN 0-7076-6320-2



9 780707 663203



AN ROINN OIDEACHAIS
AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF
EDUCATION
AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA